







Digitized by the Internet Archive  
in 2018 with funding from  
Duke University Libraries



AN LEABHAR MUIMHNEACH



COIMISIÚN LÁIMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN

AN  
LEABHAR MUIMHNEACH  
MARAON LE  
SUIM AGUISÍNÍ

TADHG Ó DONNCHADHA, D.Litt.,

*Ollamh le Gaedhilg, Coláiste Ollscoile, Corcaigh,*

DO CHUIR I N-EAGAR



ARNA CHUR AMACH  
D'OIFIG DÍOLTA FOILLSEACHÁIN RIALTAIS  
3-4 SRÁID AN CHOLÁISTE  
BAILE ÁTHA CLIATH.

*Luach 30/-*

### ΤΙΟΜΝΑΙΜ

ΑΝ ΣΑΟΤΑΡ ΣΟ ΎΘΟΙΝ ΜΙΛΕ ΝΕΙΛΛ, ΎΟΝ ΤΕ, ΒΛΙΑΘΑΝΤΑ  
ΡΑΘΑ Ο ΣΟΙΝ, ΤΟ ΜΥΣΚΑΙΛ ΜΟ ΣΥΜΙ Ι ΎΤΑΙΣΤΕ ΔΡ ΣΟΝ  
ΣΤΑΙΡ ΝΑ ΗΕΙΡΕΑΝΝ.



# AN CLÁR EÓLAIS

RÉAMHRÁDH . . . . . xi.

## AN LEABHAR MUIMHNEACH.

I. Sé Aoise an Domhain . . . . .	I
II. Cruthughadh Ádhaimh agus Ébha . . . . .	6
III. Cruthughadh Neimhe agus Talmhan . . . . .	10
IV. Iomarmhas Ádhaimh . . . . .	13
V. Ó Ádhamh go Naoi . . . . .	19
VI. Ó Iapheth go Míle Easpáine . . . . .	27
VII. Teacht Cloinne Míleadh go hÉirinn . . . . .	32
VIII. Craobhscaoileadh Sleachta Éibhir . . . . .	41
IX. Ó Oilill Ólom go Cormac Cas . . . . .	53
X. Ríoghradh Dhál gCais . . . . .	68
XI. Ríoghradh Tuadhmhumhan . . . . .	86
XII. Feidhlimidh mac Criomhthainn . . . . .	95
XIII. Lorcán . . . . .	104
XIV. Cinnéidigh . . . . .	122
XV. Craobhscaoileadh Sleachta Eoghain . . . . .	129
XVI. Do Chloinn Oiliolla Flainn Bhig . . . . .	135
XVII. Corc mac Luighdheach . . . . .	138
XVIII. Sliocht Nad Fraoich . . . . .	142
XIX. Sliocht Oiliolla mic Nad Fraoich . . . . .	145
XX. Sliocht Feidhlimthe mic Aonghusa . . . . .	146
XXI. Sliocht Fáilbhe Flainn . . . . .	149
XXII. Craobhscaoileadh Cloinne Carrthaigh . . . . .	150
XXIII. Craobhscaoileadh Muinntire Ceallacháin . . . . .	160
XXIV. Craobhscaoileadh Muinntire Shúilleabháin . . . . .	163
XXV. Uí Eachach Mumhan . . . . .	168
XXVI. Craobhscaoileadh Sleachta Diarmada mic Seaáin Uí Mhathghamhna . . . . .	189
XXVII. Craobhscaoileadh Sleachta Céin . . . . .	193
XXVIII. Craobhscaoileadh Shíol gConchubhair Chor- comruadh . . . . .	195
XXIX. Craobhscaoileadh Cloinne Conchubhair mhic Eoghain Fhinn Í Chaoimh . . . . .	198
XXX. Geinealaigh . . . . .	201
XXXI. Geinealach Mheg Cárthaigh Mhóir . . . . .	202
XXXII. Geinealach Sleachta Dúna Goill . . . . .	207
XXXIII. Geinealach Iarla Chloinne Cárthaigh . . . . .	208
XXXIV. Geinealach Sleachta Diarmada . . . . .	208

XXXV.	Geinealach Cloinne Cárthaigh Tuaithe na Dromann . . . . .	209
XXXVI.	Sliocht Eoghain Bhuid Mhainge . . . . .	209
XXXVII.	Sliocht Chluana Maoláin . . . . .	209
XXXVIII.	Sliocht Mhuigh Fhlaithimh . . . . .	210
XXXIX.	Sliocht Donnchadha Láidir . . . . .	210
	XL. Geinealach Cloinne Domhnaill Ruaidh . . . . .	210
	XLI. Geinealach Mhic Fíngin na Ceithrinne . . . . .	210
	XLII. Geinealach Mheic Donnchadha Ealla . . . . .	211
	XLIII. Sliocht Chormaic na dTonn . . . . .	211
	XLIV. Geinealach Chloinne Cárthaigh Cairbreach . . . . .	211
	XLV. Geinealach Sleachta Cormaic Dhuinn . . . . .	212
	XLVI. Sliocht Diarmada Reamhair . . . . .	212
	XLVII. Clann Cárthaigh Chlocháin . . . . .	212
XLVIII.	Geinealach Chloinne Taidhg Aighleann . . . . .	213
	XLIX. Sliocht Donnchadha Carthainn . . . . .	213
	L. Geinealach Chloinne Domhnaill Fhinn . . . . .	213
	LI. Geinealach Chloinne Thaidhg Ruaidh na Scairte . . . . .	214
	LII. Geinealach Mhic Amhlaoibh . . . . .	214
	LIII. Geinealach Í Cheallacháin . . . . .	216
	LIV. Sliocht Diarmada mic Taidhg Ruaidh . . . . .	216
	LV. Sliocht Cathaoir mic Taidhg Ruaidh . . . . .	216
	LVI. Sliocht Meic Raith mic Conchubhair Laighnigh . . . . .	217
	LVII. Sliocht Donnchadha an Oileáin . . . . .	217
LVIII.	Geinealach Í Ríordáin . . . . .	217
	LIX. Geinealach Í Shúilleabháin Mhóir . . . . .	218
	LX. Sliocht MheicRaith . . . . .	219
	LXI. Geinealach Í Shúilleabháin Bhéarra . . . . .	219
	LXII. Geinealach Í Shúilleabháin Mhaoil . . . . .	219
LXIII.	Geinealach Meic Giolla MoChuda . . . . .	220
	LXIV. Geinealach Cloinne Labhráis . . . . .	220
	LXV. Geinealach Í Chuill . . . . .	220
	LXVI. Geinealach I Chaoimh . . . . .	221
	LXVII. Sliocht Ghleanna an Phréacháin . . . . .	221
LXVIII.	Geinealach Í Dhonnchadha Locha Léin . . . . .	222
	LXIX. Geinealach Í Dhonnchadha an Ghleanna . . . . .	222
	LXX. Cinéal Aodha Uarghairg . . . . .	223
	LXXI. Geinealach Í Mhathghamhna Fhinn . . . . .	223
	LXXII. Geinealach Sleachta Cille na Gluaire . . . . .	225
LXXIII.	Geinealach Sleachta Dhiarmada mic Seáin . . . . .	225
	LXXIV. Geinealach Í Mhathghamhna Aoibh Floinn Lua . . . . .	227
	LXXV. Geinealach Cloinne Fíngin . . . . .	228
	LXXVI. Geinealach Í Mhathghamhna Chairbreach . . . . .	228
LXXVII.	Geinealach Chloinne Conchubhair . . . . .	229
LXXVIII.	Geinealach na Cloinne Ruaidhe . . . . .	229
LXXIX.	Geinealach Í Mhuircheartaigh . . . . .	230

LXXX.	Geinealach	Í Dhonnabháin . . . . .	230
LXXXI.	Geinealach	Í Choileáin Chairbrigh . . . . .	231
LXXXII.	Geinealach	Mhormhair Leamhna . . . . .	232
LXXXIII.	Geinealach	Í Bhriain . . . . .	233
LXXXIV.	Geinealach	Barúin Inse Í Chuinn . . . . .	238
LXXXV.	Geinealach	Sleachta Domhnaill Mhóir Í Bhriain . . . . .	238
LXXXVI.	Geinealach	Shíol mBriain na gCumrach . . . . .	238
LXXXVII.	Geinealach	Shíol mBriain Chairrge Ó gCoinneall . . . . .	238
LXXXVIII.	Sliocht na	gCeall agus Ghleanna Caoin . . . . .	239
LXXXIX.	Sliocht	Ghleanna Caoin . . . . .	239
XC.	Geinealach	Síl mBriain Aradh . . . . .	239
XCI.	Geinealach	Mhic Taidhg Glae . . . . .	240
XCII.	Geinealach	Mhic Mathghamhna Chorca Bhaiscinn . . . . .	240
XCIII.	Sliocht	Bhriain Óig . . . . .	240
XCIV.	Sliocht	Mhathghamhna Maoil . . . . .	241
XCV.	Geinealach	Chorca Bhaiscinn Iartharach . . . . .	241
XCVI.	Sliocht	Daingin an Fhile . . . . .	241
XCVII.	Geinealach	Mheic Muirchertaigh Mic Mathghamhna . . . . .	241
XCVIII.	Geinealach	Mhic Briain Ó gCuanach . . . . .	242
XCIX.	Geinealach	Síl mBriain Eatharlaigh C. Geinealach Í Chinnéidigh . . . . .	242
CI.	Geinealach	Mhic ConMara . . . . .	243
CII.	Geinealach	I Dhéaghaidh . . . . .	243
CIII.	Geinealach	MheicRaith . . . . .	243
CIV.	Geinealach	Mheic Cochláin . . . . .	244
CV.	Geinealach	Mic ConRaoi . . . . .	244
CVI.	Geinealach	Í Chuinn . . . . .	245
CVII.	Geinealach	Mhic Fhlannchadha . . . . .	245
CVIII.	Sliocht	Aodha mic Domhnaill mic Raighne . . . . .	246
CIX.	Geinealach	Í Chearbhaill . . . . .	247
CX.	Geinealach	Í Mheachair . . . . .	247
CXI.	Geinealach	I Eadhra . . . . .	248
CXII.	Geinealach	Í Ghadhra . . . . .	249
CXIII.	Geinealach	Mheic Aonghusa . . . . .	250
CXIV.	Geinealach	Mic Artáin . . . . .	251
CXV.	Geinealach	Í Chonchubhair Chiarraighe . . . . .	252
CXVI.	Sliocht	Achaidh na gCrann . . . . .	253
CXVII.	Geinealach	Í Mhainín . . . . .	254
CXVIII.	Geinealach	Í Chonchubhair Chorcarnuadh . . . . .	254
CXIX.	Geinealach	Í Lochlainn . . . . .	255
CXX.	Geinealach	Í Néill . . . . .	256
CXXI.	Geinealach	Mhic Suibhne Fánad . . . . .	259
CXXII.	Geinealach	Mhic Suibhne na dTuath . . . . .	259
CXXIII.	Geinealach	Mhic Suibhne Tíre Bádhaime . . . . .	259
CXXIV.	Geinealach	Í MhaoilSheachlainn . . . . .	260

CXXV.	Geinealach	Í MhaoilMhuaidh	. . .	260
CXXVI.	Geinealach	Meic Eochagáin	. . .	261
CXXVII.	Geinealach	Meic Amhalngaidh Chalraighe	. . .	261
CXXIX.	Geinealach	Í Dhomhnaill	. . .	262
CXXX.	Geinealach	Í Dhálaigh Mhín Aradh	. . .	263
CXXXII.	Geinealach	Í Chonchubhair Ruaidh	. . .	264
CXXXIII.	Geinealach	Í Chruadhlaoidh	. . .	266
CXXXIV.	Geinealach	Í Shechnasaigh	. . .	266
CXXXV.	Geinealach	Mhic Samhairle .i. Iarla Anntuim	. . .	268
CXXXVI.	Geinealach	MhégUidlír	. . .	268
CXXXVII.	Geinealach	Í Cheallaigh	. . .	269
CXXXVIII.	Geinealach	Dáil Riada Alban	. . .	271
CXXXIX.	Geinealach	Mhic Murchadha	. . .	272
CXL.	Geinealach	Mhic Giolla Phádraig	. . .	274
CXLI.	Geinealach	Í MhaoilRiain	. . .	275
CXLII.	Geinealach	Í Dhuibhir	. . .	276
CXLIII.	Geinealach	Ríogh Alban	. . .	278
CXLIV.	Geinealach	Í Fháilbhe	. . .	278
CXLV.	Geinealach	Í Chuiric	. . .	279
CXLVI.	Geinealach	Í Eidirsgéoil Mhóir	. . .	280
CXLVII.	Geinealach	Í Eidirsgéoil Óig	. . .	281
CXLVIII.	Geinealach	Í Eidirsgéoil Bhéarra	. . .	281
CXLIX.	Geinealach	Í Chobhthaig	. . .	281
CL.	Geinealach	Í Laoghaire	. . .	282
CLI.	Geinealach	Í Bháire	. . .	282
CLII.	Geinealach	Mhic Ailín	. . .	283
CLIII.	Geinealach	Iarla Barrach	. . .	284
CLIV.	Geinealach	Bharraigh Óig	. . .	284
CLV.	Geinealach	an Bharraigh Mhóir	. . .	285
CLVI.	Geinealach	Sliocht Leasa Cearbhaill	. . .	285
CLVII.	Geinealach	Craobhscaoileadh Gearaltach	. . .	286
CLVIII.	Geinealach	Sliocht Sheáin Challaine	. . .	286
CLIX.	Geinealach	Iarla Chille Dara	. . .	288
CLX.	Geinealach	an Ridire Fhinn	. . .	288
CLXI.	Geinealach	Tigherna na Claonghlaise	. . .	289
CLXII.	Geinealach	Ridire an Ghleanna	. . .	289
CLXIII.	Geinealach	Sliocht Bhaile an Fheirtéara	. . .	289
CLXIV.	Geinealach	Sleachta Bhaile an Áird	. . .	289
CLXV.	Geinealach	Sliocht Bhaile na Martra	. . .	290
CLXVI.	Geinealach	Sir Seón ó Chluain	. . .	290
CLXVII.	Geinealach	Fear Bhaile Í Chrionáin	. . .	290
CLXVIII.	Geinealach	Iarla Urmhumhan	. . .	290
CLXIX.	Geinealach	Tigherna Mhóta Goiréad	. . .	291
CLXX.	Geinealach	Tighearna na Cathrach	. . .	291
CLXXI.	Geinealach	Iarla Chloinne Riocaird	. . .	291
CLXXII.	Geinealach	Barúin Chaisleáin Í Chonaing	. . .	292
CLXXIII.	Geinealach	An tAicéadach	. . .	292
CLXXIV.	Geinealach	Mac an Mhíleadh	. . .	292
CLXXV.	Geinealach	An Seódhach	. . .	292

## AGUISÍN I.

Craobhscaoileadh Seanchais Dáil gCais . . . . .	293
Réim Ríoghraidhe Dhál gCais iar gCreideamh . . . . .	321
Craobhscaoileadh Cloinne Briain Bhóroimhe . . . . .	325

## AGUISÍN II.

Blogh de Sheanchus Sfol mBriain . . . . .	332
Geinealach Iarla Tuadhmhúmhán . . . . .	336
Sliocht Bhriain Bhóroimhe . . . . .	339
Sfol mBriain Chairrge Ó gConaill . . . . .	346
Sliocht Bhriain Ruaidh (Aradh) . . . . .	352
Sliocht Donnchadha mic Briain Bhóroimhe . . . . .	354
Geinealach Mhic Bhriain Ó gCuanach . . . . .	367
Geinealach Diarmada Bric Í Bhriain . . . . .	373
Geinealach Fir Inis Díomáin . . . . .	374
Geinealach Sleachta Bhéil Átha an Chomhraic . . . . .	376
Geinealach Iarla Inse Uí Chuinn . . . . .	377
Geinealach Sir Éadbhaird Í Bhriain, Léime an Eich . . . . .	379
Geinealach Síol mBriain na gCeall agus Ghleanna Caoin . . . . .	380
Geinealach Taidhg Glac . . . . .	381
Geinealach Í Bhriain na gCluainte . . . . .	383
Geinealach Sleachta Domhnaill Chonnachtaigh . . . . .	385
Tug damh h'Aire (Eoghau Mac Craith cct.) . . . . .	387

## AGUISÍN III.

Ríoghradh Mumhan . . . . .	399
Do Rígaib Caissil inso síis . . . . .	408
Caiseal Cathair Chlann Mogha (Seaán Ó Dubhagán cct.) . . . . .	412

## AGUISÍN IV.

Geinealach Iarla Cloinne Carrthaigh . . . . .	426
Gabhluhadh Cloinne Carrthaigh Musgraighe . . . . .	428
Craobhscaoileadh Cloinne Carrthaigh . . . . .	429
Craobhscaoileadh Cloinne Carthaigh Ealla . . . . .	432
Faisnéis agus Forchoiméad Glún agus Seanchusa ar Ríoghraidh Muscraighe . . . . .	432

## INDEXES.

Log-ainmneacha . . . . .	435
Daon-ainmneacha . . . . .	454
Línte Tosaigh na Filidheachta . . . . .	526
Addenda et Corrígenda . . . . .	529



# AN LEABHAR MUIMHNEACH

## RÉAMHRÁDH.

### A AINM.

An Leabhar Muimhneach mar atá i gcló againn annso ní fuláir a admháil 'na thaobh nách téx seannda é san chruth 'na bhfuil sé againn anois. Na láimhscríbhinní is tábhachtaighe dá bhfuil againn don eagar so bainid siad le tosach an ochtmhadh aois déag. Mar sin féin is follus on téx gur sliocht seanleabhair éigin é, leabhar atá cailhte, muna bhfuil i bhfolach i n-áit éigin. Dob 'é tuairim Eoghain Uí Chomhraidhe go raibh cóib de ar pháir i gColláiste San Isiodóir san Róimh.<sup>1</sup>

Maidir leis an ainm is amhlaidh a leanaimídne Ó Comhraidhe nuair a thugann sé "An Leabhar Muimhneach" mar ainm ar an téx iomlán. Insna láimhscríbhinní féin tugtar "An Leabhar Muimhneach" ar an gcuid den téx ón chunntas ar Eoghan Mór<sup>2</sup> go dtí deireadh na ngeinealach Muimhneach.<sup>3</sup>

Ag tagairt don téx so féin deir Ó Comhraidhe<sup>4</sup>:

"The *Book of Munster* is an independent compilation, but of uncertain date, as we happen to have no ancient copy of it; but as its leading points are to be found in the Books of Leinster, Ballymote, and Lecain, we may believe that they must have taken their abstracts from this ancient book in its original form. There are two copies of it on paper in the Royal Irish Academy, both made at the beginning of the last (i. e. 18) century, but neither of them giving us any account of the originals from which they were transcribed.

"The book (as is usual in all the very ancient compilations of this kind) begins with a record of the creation (taken, of course, from the Book of Genesis) and this merely

---

<sup>1</sup> MSS. Mat., lch. 238.

<sup>2</sup> lch. 129.

<sup>3</sup> lch. 292.

<sup>4</sup> MSS. Mat., lch. 237.

for the purpose of carrying down the pedigrees of the sons of Noah, and particularly of Japhet, from whom the Milesians of Erin descend.

“The history of the Eberians, or southern branch of the Milesian line, is then carried down from *Eber* to Brian Boroimhe and the time of the battle of Clontarf.”

Ón tuairisc sin is follus gur chreid Ó Comhraidhe go raibh seanleabhar ann, agus gur cuid, ar a laighead dá shliocht an téx so, agus bhéidir, mórán de théxaibh eile; agus gur as an seanleabhar Muimhneach san do tairngeadh seanchas na Mumhan mar atá sé insna seanleabhraibh againn fós, cuirimís i gcás Leabhar Bhaile an Mhóta, agus an Leabhar Laighneach, agus Leabhar Leacáin. Is dá dhruim sin a thug Ó Comhraidhe “an Leabhar Muimhneach” ar an Téx so. San láimhscríbhinn N (23 N 30) mar a bhfuil an téx so, maraon leis an Leabhar Oiris, agus cuid de Leabhar na gCeart, isé ainm atá air ná “an Seanchadha Muimhneach.” Acht do leanamair Ó Comhraidhe, ag tabhairt “An Leabhar Muimhneach” mar ainm air.

Is ceist anois cadíad an dá leabhar go ndéineann Ó Comhraidhe tagairt dóibh thuas. Isé mo thuairim gurab iad 23 E 26 (E), agus 23 Q 4 (Q) iad. Isiad san an dá chóib is sine a thugann an cnuasach ar fad dúinn. Tá a fhios againn gurbh eol d’Ó Chomhraidhe iad, mar tá nótaí fána láimh féin ionnta araon. Ní misde a rádh annso go bhfuil iarracht de dhearmhad ar Ó Chomhraidhe san tuairisc thuas. Deir sé go leantar de shliocht Éibhir anuas go dtí Brian Bóroimhe agus aimsir Chath Cluana Tarbh. Ní leantar, mar scuirthear de sheanchus Dáil gCais ag Mathghamhain, dearbhráthair Bhriain, agus níl aon trácht ann ar Chluain Tarbh.

Isé fírinne an scéil, dar linne, go bhfuil againn san chorpús so dhá thráchtas bhunúsacha arna gcur as diaidh a chéile; an chéad tráchtas ag tosnú le cruthú an domhain, agus ag teacht anuas go Naoi, agus ó Naoi go dtí Míle Easpáine, agus síol Éibhir uaidh sin anuas go dtí Oilill Ólom, agus seanchas Dháil gCais uaidh sin anuas go dtí Mathghamhain mac Cinnéidigh. Dob fhéidir Seanchas Dáil gCais do thabhairt ar an gcuid sin. Agus an dara tráchtas ag tosnú le hEoghan Mór, mac Oiliolla Óluim, ag léiriú seanchais na nEoghanacht, a ngabhlú óna chéile, agus geinealaigh a bpríomhaicmí. Do féadfaidhe Seanchas na nEoghanacht



do thabhairt air sin, cé gur de sin amháin a goirthear An Leabhar Muimhneach insna láimhscríbhinní, leathsmuigh de H. 1. 7 (H).

Déineann an dá thrachtas san dá chuid neamhspleádhcha nádúrtha dhen tsaothar go léir, is cuma pé aca bhíodar ar dhamhna sheanleabhair éigin, nó nách rabhadar. Ag Oilill Ólom a scaraid na hEoghanachta agus Dál gCais ó chéile. San téx so, ámh, leantar de sheanchas Dáil gCais ó Chormac Cas, mac Oiliolla Óluim anuas go dtí Mathghamhain, dearbhráthair Bhriain Bhóroimhe, agus annsan filltear arís ar Eoghan Mhór, mhac Oiliolla Óluim do chraobhscaoileadh sheanchais na nEoghanacht. Comhartha é sin gur dhá thráchtas ar leithligh a bhí ionnta ó thosach. Tá an méid sin soilléir go leór.

Fiafraighmís anois cia tháinig agus a chuir an dá thráchtas san le chéile go ndearna téx amháin díobh? Níl dá eolus againn acht an méid a thugann Ristead Tuiber, scríbhneóir 23 E 26. Tá saghas Réamhrádh i mbrollach an leabhair sin,<sup>5</sup> díreach roimh an téx so againne, agus ní fuláir nó is don téx so a thagrann sé. Is cosmhail gurbhé Ristead Tuiber féin do cheap é, ar shon nach féidir bheith deimhin 'na thaobh, toisc gan a ainm do bheith leis, agus go mbeadh súil le hainm dhuine ón chainnt féin. Seo cuid de :

“Go deimhin ní raibhe cúram ar m'aigeadh ba mó [ná] an leabhar so do sgríobhadh (le cian d'aimsir) ar lorg Domhnaill amhra Uí Dhuinnín agus Taidhg mhic Dáire; do bhríogh go measuim a bheith barántamhail fóirleathan tar éis na deise sin.”

Cadé an brígh is féidir a bhaint as an gcainnt sin? An méid seo: Ristead Tuiber, nó duine éigin roimhe, do chuir an téx le chéile as dhá théx eile, ceann aca ó lámh Dhomhnaill Uí Dhuinnín agus an ceann eile ó Thadhg mhac Dáire mhic Bruaideadha. Tá a fhios againn gurbh iad Muinntear Dhuinnín dob ollmhain le seanchas do Mhac Carrthaigh; agus gurbh ollmhain le seanchas do Dhál gCais Clann Bhruaideadha. Ní misde a mheas, da réir sin, gur ó Thadhg mhac Dáire tháinig cuid Dáil gCais den tseanchus so, agus cuid na nEoghanacht ó Dhomhnall Ó Dhuinnín.

<sup>1</sup> E, lch. 2a.

Is ceist anois ciaca Ristead Tuibear, nó duine éigin roimhe, do chuir an dá théx le chéile ar dtúis. Mar adubhramair cheana, níl againn, taobh amuigh de N, acht dá chóib den téx iomlán .i. E agus Q. Is sine E ná Q, acht, mar thaispeánann a malairt ráidhteachais, is sothuigsionna nách as E do tairngeadh Q. Agus ósé an téx céadna atá aca araon ní fuláir a mheas gur sliocht leabhair amháin (abraimís X) iad araon, agus go raibh a leithéid de leabhar ann roimh 1717, an bhliadhain nur scríobhadh E; agus, dá réir sin nach é Ristead Tuibear do chéadchuir an cnuasach le chéile, ar shon go mb'fhéidir go dtuigfeadh duine ón gcainnt tuas gurbh é. Níl aon Tuairisc ar X anois. Ar aonchuma, ní fhacamair aon chairt is sine ná E go bhféadfaihe X do thabhairt uirthi. Níl breith anois ar lámhshaothar Dhomhaill Uí Dhuinnín, ná Thaidhg mhic Dáire, mhic Bruaidealha, bíodh gurabé a saothar san, nó a shliocht, a bhí ag Ristead Tuibear le linn E do scríobhadh dhó.

Tugann san an stair siar go dtí aimsear na beirte sin. Rugadh Tadhg mac Dáire<sup>6</sup> san bhliadhain 1570, agus do marbhadh é 1652. A chaitheamh le faille do rin saighdiuir de mhuintir Chromaill, adeirtheas.

Measaimíd gurab ionann Domhnall Ó Duinnín seo agus an Domhnall Ó Duinnín<sup>7</sup> do scríbh Stowe A. iv. 1 san Royal Irish Academy. San bhliadhain 1627 do scríobhadh an leabhar san i gCorcaigh. Chímíd, mar sin, gur combhairsirigh gurbh eadh Domhnall Ó Duinnín úd agus Tadhg mac Dáire. Do bhí Tadhg 'na ollamh le seanchas ag Iarla Tuadhnuhan. Mar adubhramair cheana, do bhí Muinntear Dhuinnín mar ollamhain le seanchas ag Mac Carrthaigh, agus cé nach eol dúinn an gradam san do bheith ag Domhnall ní fulair nó bhí breith aige ar eolus agus ar leabhraibh a chinidh féin. Ca bhfios nach duine dhen bheirt sin a chuir an dá thaobh de sheanchus na Munhan le chéile san téx so? Ní féidir a rádh le cruinneas anois. Acht ar aonchuma is féidir dúinn an téx so do lorg siar go dtí an seachtmhadh aois déag, agus fós go dtí an leath tosaigh den aois sin.

Isí an láimhscríbhinn H (H. 1. 7 i gColláiste na Tríó-

<sup>6</sup> *Vid.* Transactions, Gaelic Society, agus Iomarbhágh na bhFileadh, ITS, XX, *Intro.* lch. ix.

<sup>7</sup> *Vid.* Plummer Bethadha Naem nóireann, I, *Intro.* lch. xii seq.

nóide) an t-aonáit ina luaidhtear, insna láimhscríbhinní, seanchas Dáil gCais do bheith san Leabhar Muimhneach. Deir an scríbhneóir (Micheál Ó Longáin) gur tharraing sé an seanchas soin “as an Seanleabhar Muimhneach” a bhí an uair sin (1762) i nGleann Ó Ruachtan. Ní fuláir nó is seanleabhar a bhí ann an uair sin; comhartha go raibh an cnuasach le chéile le fada roimh an am soin.

## A DHAMHNA.

Tuigimid cheana féin cionnus mar atá an téx so roinnte 'na dhá mhórcuid. Acht taobh amuigh dhe sin, tá comharthaí ar an saothar ghá chur i n-iúl dúinn gur cnuasach fá leith atá ann ón chéad lá. Is féidir an t-iomlán do mhionroinnt 'na ghabhlán de thráchtaisibh do cuireadh i ndiaidh a chéile do réir uird aimsire mar is dual do leabhair seanchais.

(a) Tosnuigheann an cnuasach le “Sé Aoise an Domhain,” mar do thosnuigheadh leabhair sheanchais san Mheadhánaois. An Leabhar Breac, Leabhar Bhaile an Mhóta, Annála Inse Faithlinn, do thosnuigheadar mar sin, cé go bhfuil an tosach ar easnamh ionnta anois. Is eagain linn nach cruinn an comhaireamh aimsire a thugann an Leabhar Muimhneach dúinn ar na haoisibh seo.<sup>8</sup> Easbaidh eolais, nó easbaidh aireachais ag na scríbhneóirí fé ndeara san, maraon leis an nós a bhí ag scríbhneóirí na Gaedhilge i gcomhnuidhe .i. an rud do bhíodh dá aithscríobhadh aca d'atharrú agus do chur i nGaedhilg a n-aimsire féin.

(b) Tar éis na “Sé hAoise” d'áireamh tosnuightheair le Cruthú an Domhain, agus innistear scéal Ádhaimh is Éabha agus mar do ruagadh iad a Parrthas (Caib. II, III, IV). Cuid de stair Leabhair Genesis é sin. Ní fuláir a admháil nach cunntas mion do-gheibhtear ar na neithibh sin.<sup>9</sup> Níl ann acht scrabhadh. Ní raibh gábhadh le stáir fhada staire as an mBíobla rud dob eól do chách go raibh

<sup>8</sup> Féach cunntas ar an gcomhaireamh so san *Codex Palatino-Vaticans*, 239, seq.

<sup>9</sup> Cunntaisí is cruinne le fagháil, L.Bhaile an Móta, Facs. Ich. 11a seq.: do. 15 seq.: L. Breac 109a; *vid* Codex Palatino-Vaticanus, Todd Lecture Series III, mar a bhfuil mórán tuairiscí ar an seanchailleóireacht agus ar chomhaireamh na nAos; do scéal Ádhaimh féachtar fós tosach Saltair na Rann.

léigheadh aige. Mar sin féin tá cuid de innste fá dhó ann, cuir i gcás lch. 9, an t-alt deireanach, agus lch. 16, agá bhun. Is dócha gur cuid iasachta den stair bhunúsaigh Caib. II, nó, cuid den chaibidil sin go háirithe.

(c) Tosach annso ar an seanchas féin le hÁdhamh is a chlann. San chéad roinn gheibhmíd áireamh ar shliocht Ádhaimh anuas go dtí an Díle. An Bíobla is ughdar don stair go dtí so. Bhí an stair sin le fagháil coitcheanta san Mheadhánaois mar bhrollach dona mórchnuasaibh seanchais. Nós a bhí ann. Dar linn, isé Saltar na Rann<sup>10</sup> an ceann is sine, agus an ceann is tábhachtaighe san Ghaedhilg.

(d) Tar éis na díleann leantar de chloinn Naoi, agus de shliocht Japhet go réimdhíreach anuas go dtí Míle Easpáine, sinsear na nGaedheal a tháinig go hÉirinn. Fágthar an Bíobla annsan, agus leantar den stair mar dob eól d'ár sinsir féin í. Tá cumntas ann ar imtheachtaibh Cloinne Míleadh san Éigipt, san Scithia, &c., go dtí gur chuireadar fútha san Spáin. Leagan éigin den Leabhar Gabhála is bun leis an stair sin, do réir dheallraimh. Ní misde é chur i gcoimhneas leis an gcumntas a thugann Céitinn air.<sup>11</sup> Agus mar sholaoid ar an gcuma 'na gcuirtí agusíní leis an dtéx ní misde a áireamh mar innistear i láimhscríbhinn amháin<sup>12</sup> cionnus mar do bhí an dara Scota pósta ag Mílidh, is gur uaithi do hainmnigheadh Gleann Scoithín i n-aice le Sliabh Mis i gCiarraighe. Cuirthear leis an seanchas soin an chuma 'nar tháingadar clann Míleadh go hÉirinn agus mar do bhuahdadar an tír, agus mar do roinneadar eatorra í.

(e) Is annso<sup>13</sup> a thosnuigheann an seanchas ar Éirinn féin. Tá áireamh ann ar na ríghthibh a tháinig ar shliocht Éibhir, anuas go dtí Oilill Ólom, agus a fuair ceannas na Mumhan, agus cuid aca 'na n-ardríghthibh. Réidhtigheann an chuid seo den téx lesna tuairiscí céadna i seanleabhraibh seanchais; agus tá a lán de, focal ar fhocal,

<sup>10</sup> Féachtar fós L. Bhaile an Mhóta, agus an L. Breac, *loc. cit.*

<sup>11</sup> Forus Feasa, I.T.S. II, lch. 2 *seq.* An cumntas atá ag Ga, is ionann é, an fhaid a théigheann sé, agus an Leabhar Gabhála (M. Ó Cléirigh), do chuir Eoin Mac Néill agus an tOllamh Mac Alastair i gcló.

<sup>12</sup> i. Q, a shíolruigh ó thuaisceart Cho Chiarraighe.

<sup>13</sup> lch. 41.

do réir Chéitinn. Pé aca ar baineadh na tuairiscí sin a Céitinn, nó an amhlaidh a thagaid araon o sheantéx éigin, is deacair a radh fós. Acht is eest le réidhteach é.

Isé is dóichighe ná fuil san téx, go dtí so, aeht iarracht ar sheanchas na tíre do cheangal de sheanehus an Bhíobla, d'fhonn uaisleacht agus ughdarás agus sinsearaeht do sholáthar dúinn féin. Aeht an túisee a thagaimíd go hOílill Ólom, táimíd i ré na geairtí—cairtí de shlaghas éigin—agus i ré na seanscéalaigheachta, an rud ba ehomh-garaighe do “stair choitcheanta” dá raibh ag ár sinsir pháganta, agus a tháinig anuas ehuglainne tré bhéal-oideas agus tré serifhinn. Is féidir a rádh, agus a bheag nó a mhór den fhúinne do bheith leis, ná fuil san téx go dtí so aeht sórd réamhrádh don tseanchas ar fad.

(f) Is annso,<sup>14</sup> do réir dheallraimh, atá tosach ar an chuid den tseanchas a shóluigh ó Thadhg mhac Dáire, má's inchreidte faisnéis leabhair Ristead Tuibear. Seanchas Dáil gCais agus Tuadhmhumhan atá ann go sonn-rádhach. Tosnuighthear le Eoghan Mór, athair Oiliolla Óluim, agus tugthar an líne ríoghda uaidli sin anuas go dtí Mathghamhain, mac Cinnéidigh .i. dearbhráthair Bhriain Bhóroimhe.<sup>15</sup> Stadann an tuairisc, d'urchar náeh mór, san áit sin; comhartha, dar linne, gur um an dtaea san do euireadh le ehéile ar dtúis é.

Ní hé ár dtuairimh féin gurbli é Tadhg mac Dáire do ehéadehúir an tráchtas so le chéile. Is follus go leór ón ehainnt féin gur sine é 'ná an seachtmhadh aois déag. Ní áirimhmíd an prós atá ann, mar, na daoine do bhíodh ag aithscríobhadh seanleabhar Gaedhilge ba ghnáth leó “nuadhchant” ar fhoelaibh cruaidhe agus ar ehainnteanna seannda. Chun na fírinne do rádh ní hannamh a dhéinidís fuirse-fairse den téx d'iarraidh mhíniú ar neithibh ná tuigidís. Agus nuair a bheadh an obair sin ar siubhal, ó ghlúin go glúin, ar feadh mórán aimsire, badh dheacair an sinsear d'aithint ina shlioht. Ní raibh bac air sin san phrós.

Ní mar sin don fhilidheacht. Toisc na riaghlacha a bhaineann léi sin níorbh fhéidir an t-atharrúchán do chleachtadh uirthi mar do déintí ar an bprós; agus ar an adhbhar

<sup>14</sup> lch. 53.

<sup>15</sup> lch. 127.

san níorbh fhuláir a choimeád innti na seanleagain chainnte mar do ceapadh ar dtúis iad. Ní dócha gur mar sin a thárla i gcomhnuidhe, acht is féidir a rádh gur lugha go mór an t-atharrú do ghaibh an fhilidheacht 'ná mar thárla dhon phrós. Uime sin is fearr an fhilidheacht 'ná an próis mar fhiadhnais ar aois téx.

Seadh, ag breithniú na filidheachta dhúinn, mar atá san tráchtas so, tugaimid fé ndeara ann neithe a nochtann dúinn go dtéigheann sé siar go dtí an dara aois déag, mura dtéigheann sí thairis sin. Le linn na haoise sin, adeirthear, a bhí na scoileanna filidheachta, ag leigean ar ceal a lán de ghnéithibh ársaidhe na duanaireachta, agus ag claidhe le deisiúchán agus le líomhadh ar líon áirithe dena gnéithibh sin, mar atá an Deibhidhe, agus na gnáthrannaigheachta, agus na Séadnadh.

Tá ar iarraidh annso an lorg ar sháirdheisiúchán mar do-gheibhmíd é i saothar na scol ón dara aois déag ale. Cuirimís i gcás dá shiollabh de bhreis ar an "airdrinn," agus an ceann "guilbneach," táid siad coitcheanta annso; agus is comhartha aoise iad araon, ar shon go bhfaghtar iad i gcairtíbh is déidheannaighe 'ná an dara aois déag.

I measc seanghnéithe duanaireachta san tráchtas so ní misde a áireamh:

1. *Flaith Fer Corb*, lch. 74. Isé is aiste dhó "Suirghe Mall," nó "Anair Rionnaird" .i. 2 ( $3^1 + 3^1$ ). Tá gach comhartha ársaidheachta ar an dán soin, fiú amháin Conchlann idir urmhór dena rannaibh.

2. *Aonghus amhra an rí*, lch. 77, .i. 2 ( $5^1 + 5^1$ ), nó "Trian Rannaigheachta Móire."

3. *Colmán Cluana*, lch. 90; "rosc" go bhfuil blas na seanndachta air.

4. *Bennacht Choimhdhed Cumhachtaigh*, lch. 91, .i. 2 ( $7^3 + 5^1$ ), nó "Cró Cumaisc idir Casbhairdne agus Leathrannaigheacht Mhór."

5. *Lachtna mac Cuirc*, lch. 100, .i. 2 ( $4^1 + 4^1$ ), nó "Trian Rannaigheachta Móire."

6. *Mac Cuileannáin costadhach*, lch. 112, solaoid eile ar "Chró Chumaisc idir Casbhairdne agus Leathrannaigheacht Mhór."

Déinimís áireamh anois ar bheagán den ársaidheacht chainnte san bhfilidheacht so. Ní hamhlaidh is mian linn a dhearbhu gur Seanghaedhilg na solaoídí seo, acht a rádh gur comharthaí aoise dhon téx iad, agus gur tearc a leithéid san bhfilidheacht do ceapadh ón dara aois déag anuas.

- Lch. 46 : ishé adibh digh lois.  
 „ 47 : dus-farraidh giolla Alban.  
 „ 63 : ad-fia éiric Eoghain Mhóir.  
 „ 68 : fir a fuinidh robdar fornuid.  
 „ 70 : Laighin gin go dtaod da thigh  
           tig a gcáin go rígh Caisil.  
 „ 73 : ro-gaoth Oilill.  
           ro-alt Cet.  
           gin go bhfuair rodu-sásaigh.  
 „ 75 : a toigh thoich foil an flaithe.  
 „ 81 : in carn fil i Lodain lán.  
 „ 88 : bésa fo mhéla, a Chonaill.  
 „ 92 : A Choimdhe rod-chomhailter  
           an ad-bheir mo bhél.  
 „ 100 : ro-bé ós gach droing.

Ní beag an méid sin anois. Tuigfear ósna solaoídibh sin go bhfuil aos maith ag an bhfilidheacht san tráchtas so, i n-aindeoin a ndearna na scríbhneoirí d'atharrú uirthi. Má tá an fhilidheacht ar an gcuma soin is deacair gan a mheas gur comhaos di an scéalaigheacht a bhaineann léi agus a mhínigheann í, acht go raibh cead a gcinn ag na scríbhneoiribh ar an bprós, agus gur thoirmeasc an fhilidheacht iad ar dhul thar fóir léi féin.

Tabharfaidh an léightheóir fé ndeara gurab é Flann mac Lonáin is ughdar dá lán den fhilidheacht soin. Fuair seisean bás san bhliadhain 918. Dob fhéidir gurbh é sin ughdar an tráchtas seo anuas go dtí Cinnéidigh; agus tar éis a bháis sin gur chuir duine éigin eile leis an beagán atá ann ar Mhathghamhain. Níl aon deimhniú air sin, ámh.

Rud eile; an tráchtas so, agus an Leabhar Oiris,<sup>16</sup> agus Cogadh Gaedheal re Gallaibh, bainid siad go léir le stair Dháil gCais, agus tá sort ceangail ghenerálta aimsire

<sup>16</sup>Ériu, I, 74.

eatortha. Is dócha nách misde a mheas go bhfuil againn ionntasan sreath d'aistibh a bhí i n-aon leabhar amháin ar dtús, leabhar do shíolruigh ón aimsir 'na raibh Dál gCais go tréan i nÉirinn, nó go sonnrádhach, iarsma den aithbheodhchant ar an léigheann dúthchasach a thárla le linn Bhriain Bhóroimhe do bheith i gceannas, agus fós tar éis lae Chluana Tarbh, nuair a bhí briste ar threise na Lochlannach, agus muinntear na hÉireann tar éis a n-eagla súd do chur díobh. Deirthear gurbh é Mac Liag, file Bhriain, do scríbh Cogadh Gaedheal re Gallaibh. Dob fhéidir fós gurbh é an fear céadna dob ughdar don tráchtas so againne. Acht cá fearr bheith leis? Níl ann acht tuairim. Níl aon deimhin againn ar ughdar dó nása shia siar 'ná Tadhg mac Dáire, acht gurab eol dúinn ón chainnt gur sine an téx féin 'ná an seachtmhadh aois déag.

(g) Seanchas Tuadmhumhan .i. seanchas sleachta Cormaic Cais a bhí againn go dtí so. Tosnuightear anois<sup>17</sup> ar sheanchus sleachta Eoghain, mhic Oilliolla Óluim, an sliocht is mó thug do ríghthibh do Cha'siol. Mar bhrollach don téx atá an cunntas ar Eoghan féin, dearbhráthair don Chormac Cas gurab uaidh do shíolruigh Dál gCais. Ó Eoghan so tháinig na hEoghanachta uile. Tá craobhscaoileadh ann ar gach sliocht díobh san, mar atá Muinntear Shúilleabháin, Muinntear Chárthaigh, Muinntear Chaoimh, Muinntear Cheallachain, Muinntear Amhlaoibh, Muinntear Mhuircheartaigh, Muinntear Dhonnchadha, Muinntear Mhathghamhna, &c.

Isé is dóichighe gurab é an chuid seo den téx maraon lena chothrom dena Geinealachaibh a cuirthear i leith Domhnaill Uí Dhuinnín i leabhar Ristead Tuibear. Agus tá deallramh leis sin. Ní fhágann san, ámh, gurbh é Domhnall féin do cheap é. Isé rud ba chosmhala do bheith ann 'ná an leabhar seanchais, nó cuid de, a bhí agá shinsir roimhe; agus do bheadh an seanchas céadna le fagháil san tsean "Leabhar Muimhneach" gan amhras. Ní dhearna Domhnall acht cur leis an eolus a bhí ann, agus é thabhairt anuas go dtí a aimsir féin. Tá comharthaí ar an gcainnt, go mór mór i dtosach an tráchtas seo, dá chur i n-úil dúinn gur sine go mór é 'ná lár an tseachtmhadh aois déag. San chraobhscaoileadh ar Uíbh Eachach Mumhan

<sup>17</sup> lch. 129.



ní bhfaighmíd an gnáthsheanchas i bprós mar atá ar na haicmíbh eile. Cuirthear ina ionad Duan Chatháin, mar tugthar air, mar a bhfuil seanchas ar ghabhlú Chinéil Laoghaire, .i. taobh amháin d'Uíbh Eachach, anuas go dtí 1320, an bhliadhain nur ceapadh é. Tá san ag neartú leis an dtuairim gur tré Mhuinntir Dhuinnín a tháinig an roinn seo de théx ár leabhair.

I ndiaidh an tsoláthair do shliocht Eoghain, iseadh thagann craobhscaoileadh Uí Chearbhaill<sup>18</sup> de shliocht Thaidhg, mhic Céin, mhic Oiliolla Óluim. Triúr dearbh-ráthar dob eadh Eoghan agus Cormac Cas agus Cian.

Tar éis an tseanchais ar Shíol gCearbhaill so chuireamar féin an craobhscaoileadh ar aicme de Mhuinntir Chonchubhair Chorcomruadh,<sup>19</sup> atá i measc na ngeinealach insna láimhscríbhinní. Agus i n-éinfheacht leis sin thugamair beagán seanchais ar threabhchas de Mhuinntir Chaoimh<sup>20</sup> a bhuail umainn i láimhscríbhinn de chuid an Athar Eoghan Ó Caoimh.<sup>21</sup> Táid siadsan anois i bhfuirm aguisín le cuid Domhnaill Uí Dhuinnín dár dtéxne. Agus isé ár dtuairim nach de chuid Domhnaill, acht chomh beag, an craobhscaoileadh, maraon lena chothrom dena geinealach-aibh, ar shliocht Diarmada Uí Mhathghamhna,<sup>22</sup> .i. an Sliocht Meirgeach.

(h) Na Geinealaigh, isiad an chuid deiridh den Leabhar Muimhneach féin. Dob iadsan an chuid ba thábhachtaighe dhe i gcomhnuidhe, go mór mór, san tseanaimsir. Dob iad corp an leabhair iad. Ní raibh san tseanchas eile acht, mar adéarthá, brollach don chorp soin.

Ní fuláir a admháil ná faghthar i “ Leabhar Muimhneach ” na láimhscríbhinní<sup>23</sup> acht geinealaigh na Muimhneach féin .i. shliocht Oiliolla Oluim, maraon le Corca Laighdhe, agus Ciarraighe agus Corcomruadh. Is féidir a aithint air, ámh, ná fuil ann acht cuid den tsaothar iomlán, agus go raibh an cnuasach iomlán san ann ó thosach. Tugann urnhór mór na láimhscríbhinní an líon uile dhúinn, beagnach gan bhearna. Do bhíomair ar aigne gan a chur i gcló annso acht geinealaigh na Mumhan, toisc an chuid eile, taobh amuigh de bheagán, do bheith ar fagháil i

<sup>18</sup> lch. 193.

<sup>19</sup> lch. 195.

<sup>20</sup> lch. 198.

<sup>21</sup> .i. M.

<sup>22</sup> lch. 189 agus lch. 225.

<sup>23</sup> dhá lscr. d'ár gcuidne .i. H (1702), agus G (1709) ; *vid* lch. 248 (nóta) annso.

bhForus Feasa ar Éirinn. Acht tá mórchuid difríochta idir an téx so agus téx Chéitinn, agus ó thárla coda na gcúigeadh eile dá n-aireamh i n-urmhór na láimhscríbhinní, do mheasamair nár chothrom é gan an t-iomlán do chur i gcló.

Ó thárla go bhfuil cuid dena geinealachaibh annso nách mór ar aondul lesna geinealaigh i ndeireadh Fhorus Feasa ar Éirinn, is ceist ciaca is sine, nó an dtagaid araon ó eisiomlár ba shine 'na ceachtar aca. Sin ceist nách mór a réidhteach uair éigin. Ní féidir a réidhteach san go mbeidh tuilleadh eolais againn ar gheinealachaibh na hÉireann, agus go mbeidh na mórchnuasa geinealach i gcló agus breith ag scoláiríbh ortha. Ní féidir fós acht tuairim.

Cuirthear i leith Chéitinn gur mó an cúram a rin sé de Leath Mhogha 'ná do Leath Chuinn. Dar linne is robheag do-chuaidh sé i gcúram taoibh aca seoch an taobh eile. Ní dhearna sé acht oibriú do réir na gcairtí do bhí 'na sheilbh.

Maidir lesna geinealaigh dhe, is follus nár chuir sé roimhe corpus de gheinealachaibh Gaedheal do chur le leabhar do bhí fada go leór cheana. Do thogh sé chuige na haicmí ba mhó tábhacht, dar leis, i stair na tíre, agus thug sé a ngeinealaigh sin, do réir shinsireachta, mar shomplaí ar an gcuma 'nur shíolruigheadar na Gaedhil uile, agus do cheangail díobhsan, 'na thagraí, na haicmí eile do ghabhlúigh uatha. Ar ná sé solaoidí dhéag, a thug sé uaidh, do thogh sé ocht gcinn go dearbhtha ó Leath Chuinn, agus Dál Riada Alban d'áireamh ortha san; agus naoi gcinn má áiríomhthar Ó Conchubhair Chiarraighe, mar is de shliocht Fhearghusa Mhic Róigh dhósan. Níl aon éagcoir ar Leath Chuinn san méid sin.

Acht, isí ceist atá orainn ná cadé an chairt a bhí ag Céitinn dá gheinealachaibh. Na mionchraobha a bhaineann le Dál gCais agus le sliocht Eoghain, mar do-gheibhtear iad san leabhar so, ní dhéineann Céitinn acht tagra dhóibh, díreach mar thagrann sé dona mionchraobhaibh insna móirgheinealaigh eile atá aige. Tá sé ráidhte ná fuair Céitinn radharc ar leabhar sheanchais Chloinne Cárthaigh<sup>24</sup> nuair a bhí sé ag saothrú dá leabhar staire. Chun an

<sup>24</sup> *Vid.* lch. 229 (nóta).

tuairim sin do bhréagnú, ní gábhadh aclit féachaint ar Gheinealach Mhic Cárthaigh Mhóir, mar a dtagrann sé d'urmhór a minghéag. Níor chuir sé roimhe geinealaigh na minghéag do thabhairt uaidh.

Seadh, na geinealaigh uile atá ag Céitinn, táid siad le fagháil san téx so, agus mórchuid eile leo. Na mionchraobla dhon Mhumhain táid siad annso go hiomlán, maraon le tuilleadh ón dtaobh amuigh den Mhumhain ná fuil ag Céitinn. Isé is dóichighe, mar sin, go raibh cóib den Leabhar Muimhneach ar na hughdaraibh aige da gheinealachaibh, agus gurab as do bhain sé an scoth den eolus ba ghnáth leis do chur le gach geinealach, agus go mór mór le cuid na Mumhan díobh.

Cnuasach measctha iseadh na geinealaigh annso. Badh deacair aon chruth eile do bheith ortha, agus a mhinicighe d'aithscríobhadh iad, gan trácht ar a dhéidheannaighe atá na láimhscríbhinní agus a mhéid a mhalartuighid siadsan eatortha féin. An té go bhfuil taitheighe aige ar sheanchus do scríobhadh tuigfe sé a fhusacht is atá dearmhad do dhéanamh i dtaobh ainm nó dhó i ngeinealach, do bhreis nó d'easnamh. Dá bhrígh sin ní déanfar roiongnadh dá liacht malartúcháin atá san chnuasach so; ná ní beifear dian ar eagarthóir bhocht gurbh éigin dó an easbaidh réidhtigh sin do cheartú, agus gan an chóir aige chuige go minic. Isé rud atá déanta annso ná gach malartú idir na láimhscríbhinní do chur ar fagháil, neachtar aca san téx féin, nó insna nótaibh, agus leanamhaint go dlúth do leagan E, mura mbeadh cúis éigin leis.

Má's inchreidthe an réamhrádh úd i leabhar Risteard Tuibear, .i. E, is do Dhomhnall Ó Dhuinnín a théigheann cuid na ngeinealach ann. Deirtheas san réamhrádh soin go bhfuiltear ag aithris ar Dhomhnall Ó Dhuinnín ag tosnú leis an té ba dhéidheannaighe tháinig do gach pór, agus a leanamhaint siar. Dá réir sin, ba chóir na geinealaigh go léir do thosnú i dtosach, nó i lár, an tseachtmhadh aois déag. Isé ár dtuairim féin gur mar sin atá ag urmhór aca. Acht tá geinealaigh ann ná tagann anuas go dtí an aimsir sin, agus gan chúis leis, dar le duine. Agus ar an dtaobh eile, tugaid cuid dena láimhscríbhinní geinealaigh áirithe anuas go dtí an t-ochtmdhadh aois déag. Eolas san bhreis é sin, a bhí ag na scríbhneóiribh féin agus a chuireadar 'na leabhraibh.

Is follus é sin ar chuid de na láimhscríbhinní déidheannacha. Leanaid de gheinealachaibh áirithe anuas go dtí daoine a bhí beó le linn na láimhscríbhinní do dhéanamh. Dar leat bhí do dhualgas ar na scríbhneóirí sin cur le gach geinealach do réir a n-eoluis féin. Tá tagra speisialta dhion nós soin ag scríbhneóir K ar cheann gheinealaigh Mhic Amhlaobh (Lch. 215, nóta, annso). Is minic " mhaireas anois, 1703 " ag an Athair Eoghan Ó Caoimh san láimhscríbhinn M. Agus tabharfar an nídh céadna fa ndeara ar láimhscríbhinní eile, acht gan tagra fá leith aca don nós: cuir i gcás N ar gheinealach Iarla Chloinne Cárthaigh; Seán na Ráithíneach ar gheinealach Uí Cheallacháin; Q ar chuid de gheinealach Iarla Tuadhmunhan, agus ar gheinealach Uí Chonchubhair Chiarraighe; agus mar sin dóibh. Agus níorbh iongnadh dá mbeadh tuilleadh eolais dá shórd i láimhscríbhinní déidheannacha eile 'na bhfuil seanchas Gaedheal le fagháil ionnta. Rud tábhachtach é sin. Cuiream sé i n-iúl dúinn go mbíodh toradh ar an seanchus an fhaid a bhíodh scríbhneóirí ag obair san teangain, agus a mhair suim san litridheacht dúthchais, agus anam san teangain féin.

D'oirfeadh staidéar don cheist sin thar mar dob fhéidir linne a thabhairt di, d'uireasbhaidh chaoi agus chórach. Agus fós níorbh ealadha dhúinn dul puinn leathsmuigh dena láimhscríbhinní. Ba mhinic dob " urchar doill fá fhaill " dúinn an eagarthóireacht. Níorbh fhuláir, dá dhruim sin, a lán den cheartú d'fhágáil fá dhaoineibh eile na mbeidh breith aca ar uain agus ar thuilleadh eolais.

Isiad na geinealaigh an chuid deiridh de théx an " Leabhar Muimhneach " féin. Do chuireamair Appendix leis annso mar a bhfaighthear ádhbhar d'aistíbh agus de thráchtaisíbh ag tabhairt tuilleadh eolais ar phongcaibh i gcorp an leabhair. San chéad aguisín amn tá craobhscaoileadh ar sheanchas Dáil gCais. Is amhlaidh do baineadh as Leabhar Bhaile an Mhóta ar dtúis é, agus an litriú d'atharrú go Nuaghaedhig. Nuair a bhí tuairim is a leath fa eagar againn, is annsan a fuaireamair amach gur as Leabhar Bhaile an Mhóta do baineadh é.

San dara aguisín tá tuilleadh seanchais le fagháil ar Bhrianachaibh thar mar atá san téx féin. Tá cóib de seo i gclo cheana ag Ó Gráda i " gCaithréim Toirdhealbhaign.<sup>25</sup>

<sup>25</sup> I.T.S., XXVI.

Do measadh é fhágáil ar lár annso ; acht ós rud é gurab iomláine an leagan so 'ná téx Uí Ghráda, do socruigheadh ar a choimeád ; agus do chuireamair duan Eoghain Mhic Craith<sup>26</sup> leis, .i. “ Tug damh h'aire, a Inse an laoigh ”

San tríomhadh hagusín tá áireamh ar ríghthibh na Mumhan ó Eoghan Mór, athair Oiliolla Óluim, anuas go dtí Domhnall Ó Briain. Agus mar mhiniú ar an liosta soin do chuireamair dhá dhuain tseanchais 'na bhfuil áireamh ar na ríghthibh céadna, .i. “ Inneol duib in senchad sen ” as Rawlinson 502, agus “ Caisiol, cathair chlan Mogha ” a cuirthear i leith Sheaáin Uí Dhubhagáin.

Agus san cheathramhadh hagusín do chuireamair roinnt gheinealach ar Mhuinntir Chárthaigh, a bhuail umainn insna láimhscríbhinnibh. Cairtí iadsan go bhfuil eolas fá leith ionnta. Agus, san chúigeadh hagusín gheobhtar tuilleadh seanchasa ar Mhuinntir Chárthaigh.

Sin agat, a léightheóir tuairisc ar an Leabhar Muimhneach, maraon lena aguisíní san leabhar so againne. Isé an saothar is déidheannaigle é dá bhfuil againn ar sheanchus na Mumhan ó na scoláirí dúthchasacha do-chuaidh i bhfeidhil an tseanchais sin. Nochtam sé dhúinn an iarracht deiridh do rin ár lucht seanchais ar an damhna a tháinig chúcha óna sinsir féin. Na seanchairtí go rabhadar súd ag obair ortha, níl a dtuairisc le fagháil acht ar éigin. Agus do bliódar féin ag obair ar bheagán tuarastail agus ar bheagán ghradaim, gan dá stiúru nó dá mbrostú acht a mheas, mar adeir duine aca, an tAthair Eoghan Ó Caoimh, gur cheart do gach duine eolas do bheith aige ar sheanchus a tíre féin. Ar an adhbar san ba chóir dúinn bheith buidheach díobh súd, agus gan bheith 'na dhiaidh ortha má bhraithimidne locht ar a saothar, ón reimhse mhóir eolais atá againn féin agus ná raibh breith acasan air.

Tá súil againn go ndéanfaidh an leabhar so áis don staruidhe agus don tseanchuidhe. Tá eolas ann ná fuil le fagháil i n-áit ar bith eile. Agus ó tharla i gcló anois é, don chéad uair, féadfar é chur i gcóimhneas le hughdaraibh eile. Mar sin féin, ní mór a déanfar go mbeidh na leabhair mhóra seanchais le fagháil ag lucht stuidéir. Nuair a bheidh na seanchairtí uile i gcló, féadfar dul annsan i mbun stair na hÉireann do cheapadh le cruinneas éigin.

<sup>26</sup> San Iscr. 23 G 8 cuirthear an duan so i leith Mhaoilin Óig Mhic Bhruaideadha.

## NA LÁIMHSCRÍBHINNÍ.

Ní fuláir anois cunntas éigin ar na láimhscríbhinníbh gur baineadh feidhm asta dhon téx so. Ní bhfaghtar an téx iomlán acht i dhá láimhscríbhinn amháin .i. R I A, 23 E 26, agus 23 Q 4. Tá sé iomlán nach mór ag N. Coda dhe atá insna láimhscríbhinníbh eile gur baineadh feidhm asta le linn an leabhair seo d'ullmhú. Agus san tuarasg-bháil atá dá chur róinn againne a dhéanamh annso, ní healadha dhúinn dul ro-mhion ar na leabhraibh go bhfuil cunntas ortha san "Catalogue of Irish Manuscripts in the R I A," nó i gclár na láimhscríbhinní i gColláiste na Tríonóide.

Seo áireamh ar na láimhscríbhinní a bhí againn don téx agus don a hagusiní, mar aon lesna nuid atá againn dóibh :

R I A : 23 E 26 (E)  
           23 Q 4 (Q)  
           23 G 22 (Ga)  
           23 N 30 (N)  
           23 K 4 (K)

T C D : H. 1. 7 (H)

R I A : 23 H 18 (Ha)  
           23 G 1 (G)  
           23 B 12 } (P)  
           23 B 22 }

U C C : Ó Murchadha 62 (M)

Leabharlann Náisiúnta : Philips Coll., 18

R I A : 23 F 16  
           23 G 8

Leabhar Bhaile an Mhóta (Facs.) (B)  
 Rawlinson 502 (facs.) (R)

23 E 26. Tá téx an leabhair seo bunuighthe ar 23 E 26 (E)<sup>27</sup>. Isé an téx so féin an chéad earradh san láimhscríbhinn sin, agus i láimh Ristead Tuibear atá. Deir an

<sup>27</sup> R I A Cat fasc XIX p 2327

scríbhneóir gur tosnuigheadh ar an leabhar do scríobhadh i mí na Samhna 1716, agus gur críochnuigheadh é mí Eanáir 1917.<sup>28</sup> Ar leathanach 2A do cuireadh tuairisc “don léaghthóir,” ó Risteard Tuibear féin, nó ó dhuine éigin roimhe. Sidé é :

Go deimhin ní raibhe cúram ar m’aigheadh badh mó [iná] an leabhar so do sgríobhadh (le cian d’aimsior) ar lorg Domhnaill amhra ui Dhuinnín, agus Taidhg mhic Dáire, do bhríogh go measuim a bleith barantamhail fóirleathan tar éis na deise sin. Agus fós measuim go bhfuil ceart canamhnacha[is] agus prónunsfasion ann, ní hionann agus mar mhesas baoidh-guiredh nemhmbarántamhuil do dhaoithibh dúra tercmhúinte beagléighinn a bheith, ag nach bhfuil aithne a litreach ar a ccaoí chóir aca, do réir na Gaoidhealga ; agus má thegmuid puinn focal orra nach ttuigid ní bhíd acht ag <sup>29</sup> diomoladh an ughdair. Is dearbh go rabliadur senchadha ann diaigh a ndiaigh ó aimser na dilionn go tighecht ar Naomhphádrúig a nÉirinn, agus gur chuir NaomhPhádrúic an tan sin na hughdair is barantamhla do bhí a nÉirinn do choiméd agus do ghlanadh an tseanchais ; do sgríobhadh leis na hughdaribhsin senchais<sup>30</sup> Eiri[o]nn a bhfiaghuise uaisle agus naomh Eirionn a bpríomhleabhraibh do hainmnighthíor óna naomhaibh féin agus óna gceallaibh. Go fírinnech asé easbaidh na n-ughdar san (no a leitheide) do bheith ar an nasión fa ndeara dhamhsa lámh do chur san obairsi iona na leithéid eile. Do chonnarcamair ag ughdaraibh gurab é ordughadh do chuiridis ’na ngeinealaigh an té as túsga thainic amach as a ttígh tosach do thabhairt dó san ngeinealach ; gidheadh ní hamhla sin do bhí sé ag Domhnall Ó Duinnín, do bhí ar leirg seanchadh, acht an tí is óige is dó thugamair tosach an gheinealaigh ar a aithris, óir isé is goire d’oidhrecht an tigh[e], agus an tí is goire don oighrecht asé as mó gairm dochum bheith a ttosach an gheinealaigh, agus ní curtha don léaghthóir a suim an tí so, nó an tí oile do bheith roimhe san ngeinealach.

<sup>28</sup> *vid* RIA Cat., fasc. XIX, p. 2336, *mar a bhfuil cóib eile dhen téx o láimh Sheoin mhic Sholaidh, 1718 ; slocht E é. Níor baineadh feidhm as annso.*

<sup>29</sup> ag acht MS.

<sup>30</sup> *sic* MS.

Ma castar ort, a léighthóir ionmhuin, san leabhar so locht céille na curtha síos gabh féin mo leithsgéal, agus ná tabhair daorbhreith orm, óir ní bhí saoi gan locht, agus dá bhríogh sin ní nár damhsa gach locht dá bhfuil ann, agus gur míle lughha mé 'ná sin. Is maith a fhios agam, a léighthóir gurab rofhada let atá-maoid dod chongmháil ar an réim chomhrádhso. Matá go bhfuil mórán agamsa re a rádh, acht is leor so ; do shechaeanaadh ríghnios do chur ort, agus atá ag gabháil a cheada let, an tí darab mian bheith ad sheirbhís mas sí do thoil gan labhairt go trom ar do dhearbcharad ionmhuin.

Fé mar do-chítear níl ainm ar bith leis an réamhrádh san. Tá sé ar an gcuma chéadna ag Seón Mac Solaidh i 24 A 2, do baineadh as E seo. Níorbh iongnadh liom dámb'é Ristead Tuibear féin a cheap é, cé nach féidir a rádh go beacht gurabé.

Tosnuigheann an téx so againne ar leathanach a haon, agus leanann air gan bheamadh go dtí lch. 126. Bé sin deireadh an leabhair ar dtúis, do réir dheallraimh ; do cuireadh an chuid eile leis 'na dhiaidh san—nuair a bhí clúdach dá chur air, bhéidir. As san go dtí deireadh na láimhsgríbhinne tá cnuasach éagsamhail, cuid de i lámh Ristead Tuibear féin, agus gíotaí ó Sheon mhac Solaidh agus ó Chathal Ó Chonchubhair, agus ó Éadbhard Ó Raghallaigh. Do bhí an lámhscríbhinn seo, tamall dá raibh sí, i seilbh Éadbhard Uí Raghallaigh, agus do dhéanfainn tuairim gurabé do chuir na gíotaí uile le chéile, agus a gceangal i n-aonleabhar amháin. Do bhrígh go bhfuil tuairisc ar an lámhscríbhinn seo ar fagháil cheana ní gábhadh dhúinne mionáireamh ar a bhfuil innti. Ní misde a rádh, ámh, go bhfuil seanchas tábhachtach ó lch. 257 anuas go dtí lch. 298, nar cuireadh i gcló fós, dar linn. Stair agus seanchas ar Mhuinntir Raghallaigh, ar Mhuinntir Chearbhaill (nó Mheig Bhrádaigh), agus ar Chloinn tSíomuinn, maraon le stair Mhaoilín Uí Mhaoil Chonaire ar Ghearaltachaibh. I measc na coda atá i lámh Sheoin Mhic Sholaidh a thagann an seanchas ar Mhuinntir Chearbhaill, agus deir an scríbhneóir go bhfuair sé (.i. é féin nó duine eile roimhe) an cunntas i “ n-annálaibh Ríoghraidhe na hÉireann . . . arna scríobhadh a Laidin le Baothghalach



Óg Mac Aodhagáin, bráthair d'Ord San Proinsias, agus re Pattraiġ Haiced, bráthair d'Ord S. Doiminic, i Labhain."

Scribhneoir cúramach dob'eadh Ristead Tuibear. Do leanadh sé go dlúth dá chairt, agus is annamh a theipeann focal nó abairt air. Tá sé coimeádach ar fhoclaihb is ar choraibh, idir seannda agus leathsheannda, mar is follus ósna solaoídí seo : cóigeadh ; buidheasta ; beathadhach ; inntibh ; cédus ; budhéin ; dáigh ; in diabhul buair."

Is insan fheidhm a bhaineann sé as an " síne fada " is mó a nochtann sé a leithleachas :

(a) A fhágáil ar lár : badar (=bádar) ; denamh ; an Duileamhuin ; furfhogartha ; forgabhala ; boromha ; croilighe.

(b) A chur ar an ghairid : go dtíobhradís ; sochraidhe ; buídhe ; óirbheart ; Módha Corb ; céd dúine.

(c) Ar an ghuta dheiridh i dtréfhoghrachaibh : andiaígh ; fuaíd ; caoín ; uaísle ; ceoil.

(d) Ar an dara guta den défhoghrach : ceád ; treánfhear.

(e) Agus ar " ia," " ua," " ao " : Mac Niádh ; ro cuás ; Áoughus.

(f) Sórt síne, nó macron, anois is arís ar gach focal d'abairt : do bhéith fór Mumháin go bráith.

(g) An síne do chur ar an siollabh dheiridh, uaireanta gan ghábhadh : Cinneidé ; bearlá ; righé ; crodhá ; Dailg-cáis ; tre bhiothá shíor ; flaithíos ; iásg na mará.

Ní leanann sé go dlúth i gcomhnuidhe don riaghail úd " Caol le caol agus leathan le leathan " : filighacht ; dá ndichur ; lámhdhearg ; Art Iomlioch ; na mbeirtnach (*sic*) ; a léighthóir.

(h) Éagsamhlacht tuisil : i n-aimsior Maoise.

An geineamhnach ar bharr gheinealaigh : Taidhg mac C. ; Toirdhealbhaigh m. D.

Baineann sé feidhm as " C " .i. " E—árd " i n-ionad " ea " no " éa, eu." Níorbh fhuláir " e " beag dó san chló. Do cheartuigheas an leithleachas san go léir.

I n-aindeoin an leithleachais sin is féidir a rádh gur ag 23 E 26 do-gheibhthear an téx is comhgaraidhe dhon tseanchairt, pé hí féin. Ní fhéadaimíd gan bheith buidheach de Ristead Tuibear mar gheall ar a ghlaine agus a chruinne do rin sé a chuid oibre.

23 Q 4. (Q). San chunntas a thugann Gearóid Ó Murchadha ar an lámhscríbhinn seo,<sup>31</sup> ní réitigheann sé le tuairim Eoghain Uí Chomhraidhe, adeir gur san bhliadhain 1729 do scríobhadh í, agus nach san bhliadhain 1769. Tá cóib eile den téx so i gColláiste na Trfonóide.<sup>32</sup> ó lámh an duine chéadna .i. Diarmaid Ó Conchubhair; agus ar shon nach fuil dáta bliadhna leis an dtéx so ann, tá an bhliadhain 1712 le fagháil ar leathanach 264, agus arís ar lch. 302. Is dócha gurab ionann an Diarmaid seo agus an Dermot Ó Connor d'aistrigh Forus Feasa Chéitinn go Béarla—saothar gur suarach an meas a bhí ag Eoghan Ó Comhraidhe air, toisc a liobarnaighe agus agus a neamhchruinneasa. Do mheasamair féin ar dtúis ná raibh i H acht sliocht Q, acht más ceart tuairim Uí Chomhraidhe i dtaobh Q, is ar a mhalairt de chuma a bhí an scéal, mar is sine H ná Q. Fuaireamair a lán de dhuadh na lámhscríbhinne seo, toisc a dhoiléighte atá, agus mórchuid easnamh ar chúimibh na leathanach thíos agus tuas.

Tá cheithre leathmaigh ar easnamh ann .i. 163—166 'na chomhaireamh féin.

Is cosmhail go raibh an ceart ag Ó Comhraidhe nuair chuir sé an liobarnaighe agus an neamhchruinneas i leith Diarmada. Féachann Q liobarnach go leór, agus tá sé tuilte de neamhchruinneas chainnte. Mar sin féin ní dócha gur rin an scríbhneóir amhlaidh d'aonghnó é. Ní raibh an t-eolas ag an bfeair mbocht, agus do rin sé a dhícheall.

Do réir mar nochtaid na *variae lectiones*, fágann Diarmaid rud ar lár go minic. Ciorbhuigheann sé na scéalta is na heachtraí beaga. B'fhéidir gur mar sin a bhíodar 'na chairt féin, acht ní cosmhail gurbh eadh, mar tá an leithleachas litriúcháin orthasan díreach mar atá ar an chuid eile dhen téx. agus gur minic an scéal nó an eachtra féin neamhchruinn.

Nochtann Diarmaid canamhnachas 'na chuid litriúcháin, canamhaint Iarmhumhan: Brianuinn (=Bréannainn); cuireach .i. cuireadh (an Br. Saor, aimsir chaitte).

Mar sholaoidí ar a leithleachas san litriú ní míse a áireamh: blighen (=bliadhain); éa (=é, forainm); riabh (=riamh); díthlathrumhadh (=dífoláithriughadh, &c.

<sup>31</sup> RIA, Cat., fasc. XI, p. 1295.

<sup>32</sup> H 2.5., *dua* thosach go dtí lch. 134; lch. 1, 2 ar easnamh.

Is minic dearmad air toisc gan a chairt dó thuigsint : gan motha (=ginmothá); as mo thana (=mó a hana .i. Mumha); ro ghabhsíad (=ro gabhsad); oilneaganacht (=Oilnégmhacht); giollaran (=giollanradh); Cairbre Cruitheachta (=C. Cruithneachan); Dallgcais (=Dál gCais), &c.

Ní healadha dhúinn leanamhaint níos sia ar sheachránaibh agus ar chlaonaibh Dhiarmada. Tá áireamh ortha insna nótaibh, a mhéid is dob fhiú iad a n-áireamh. Téigh-eann E agus Q siar go dtí téx amháin, acht ní has an chairt chéadna a tairngeadh iad araon. Agus rud eile, má thugaimíd X ar an mbuintéx, ní féidir a rádh cadé an gaol atá ag ceachtar aca, E nó Q, le X, acht gur dócha gur comhgarraighe dhó E 'ná Q.

Sin iad an dá láimhscríbhinn 'na bhfuil an téx go hiomlán ionnta. Tráchtfam feasta ar na láimhscríbhinní, gur baineadh feidhm asta, agus go bhfuil a bheag nó a mhór den téx ar easnamh ionnta.

23 G 22, (Ga.)<sup>33</sup> Micheál Ó Longáin, athair Mhichíl Óig, do scríbh an leabhar so, timcheall 1760. Tá dhá dhuilleóig dhéag ar easnamh óna thosach, 'na raibh cuid éigin de théx an leabhair seo. Isé is dóichighe gurabé rud a bhí ann ná stair an bhíobla mar atá againne anuas go dtí an Díle.<sup>34</sup> Gabháil Chloinne Míleadh, mar atá ag Ga ní mar a chéile é agus an cunntas céadna ag E agus Q. Isé rud atá 'na ionad ag Ga ná ciorrbhadh ar Ghabháil Chloinne Míleadh do réir Mhichíl Uí Chléirigh,<sup>35</sup> agus níor baineadh feidhm as don téx so againne. Taobh amuigh dhe sin, agus beagán easnaimh nó fuighill—go mór mór i measc na ngeinealach—leanann Ga don téx mar atá againn annso. Níl an chainnt chomhli “seannda” agus mar atá ag E, ná níl chomh “canamhnach” agus atá ag Q. Leanann sé nós agus stíl na láimhscríbhinní ón ochtmhadh aois déag. Do cuireadh a mhalartachas insna nótaibh ag bun gach leathanaigh. Féach fós an cunntas thíos ar H. 1. 7 (H). Sliocht ar leith ó E agus ó Q é seo; agus leathsmuigh den leithleachas litriúcháin is comhgarraighe do Q é ná do E.

23 N 30, (N).<sup>36</sup> Tá an téx iomlán annso, acht amháin

<sup>33</sup> R I A., Cat., fasc. XI, p. 1300.

<sup>34</sup> .i. *bun lgh.* 25 *annso.*

<sup>35</sup> *Vid* Macalister and MacNeill §123 *go dté deireadh an leabhair.*

<sup>36</sup> R I A., Cat. of Irish MSS, fasc. XI, p. 1297.

ádhbhar geinealach. Tadhg Ó Cróinín do scríbh é, i gcathair Chorcaighe, san bhliadhain 1739. Tá téx socair soiléigthe aige. Ar a chuid leithleachais ní misde a áireamh : (a) "fria" don Réamhfhocal "fri, re, le" ; agus "adhóin" don nod .i., (= *ed ón* na Seanghaedhilge). Is minic dearmad air i dtaobh fhocail sheannda nár thuig sé go beacht. Táid san le fagháil san mhalairt ráidhteachais, agus ní gabhadh tagairt dóibh annso. Géag cile ó X é seo ; agus is comhgaraidhe do E ná do Q é. Tá gaol éigin aige le Ga.

23 K 4, (K).<sup>37</sup> Leabhar déidheanach é seo, agus a' chur i gcomparáid lesna lámhscríbhinní eile. Donnchadh Ó Catháin, i bParóiste Dhubhghlaise, le hais Chathair Chorcaighe, do scríbh é, san bhliadhain 1822. Ní téx iomlán atá ann. Tá an tosach againn anuas go dtí Gabháil Chloinne Míleadh, agus annsan bearna go dtí na Geinealaigh. Tá an chéad chuid ar aondul le N, acht is comhgaraidhe cuid na nGeinealach le G, Ha, agus M, go mbeidh trácht againn ortha ar ball. Sórt ceangail iseachd K so idir ENQ agus G Ha M.

H. 1. 7, (H).<sup>38</sup> Isé seo uimhir 1281 ar Chlár choitcheann na Lámhscríbhinní i gColláiste na Tríonóide. Trí coda atá ann :

(a) Cnuasach d'annálaibh ara dtugthar "Dublin Annals of Innisfallen."

(b) Cuid den Téx so againne, maraon le tuilleadh seanchais ar Dháil gCais, agus go sonnrádhach ar Shíol mBriain. Do chuireamair an tuilleadh san insna hAguisínibh.

(c) Iomarbháidh na bhFileadh.

Isé cuid a dó a bhameann linn annso. Do cuireadh an cnuasach le chéile don Athair Seán Ó Briain, Easpog Chorcaighe Chluana agus Ruis, toisc suim do bheith aige i seanchas na mBriannach, .i. a chineadh féin. Micheál Ó Longáin (.i. Sean Mhicheál) do scríbh an dara cuid seo de H san bhliadhain 1762, mar adeir sé féin<sup>39</sup> "iar na tharraing as an seanleabhar Muimhneach atá anois i seilbh Dhomhnaill Í Shúilleabháin i nGleann Ó Ruachtan."

Níl le fagháil dár dtéx-ne annso acht seanchas Dáil gCais .i. a bhfuil ó lch. 53 againn go dtí lch. 128 ; maraon le

<sup>37</sup> R I A, Cat. of Irish MSS, fasc. IV, p. 471.

<sup>38</sup> *Id* Catalogue of Irish MSS in Trinity College, Dublin, p. 16 *seq.* : also p. 331.

<sup>39</sup> *fol.* 54.

Craobhscaoileadh agus geinealaigh Sleachta Eoghain Mhóir, mic Oiliolla Oluim .i. an cnuasach ar a dtugtar "An Leabhar Muimhneach" i lámhscríbhinníbh eile. Is ionann an leagan so, chomh fada agus a théigheann sé, agus leagan Ga. An fear céadna do scríbh iad araon. Cairt agus cóib dá chéile iad. Isé seo an t-aon tagra amháin atá againn insna lámhscríbhinníbh do sheanchóib den Leabhar Muimhneach agus seanchas Dáil gCais do bheith ann. Insna leabhraibh eile ní chialluigheann sé acht seanchas sleachta Eoghain.

An dá lámhscríbhinn gur baineadh feidhm asta, agus a thugann "An Leabhar Muimhneach" mar ainm ar an gcuid den téx so ó lch. 129 anach, do cuireadh le chéile iad i bhfforthosach an ochtmhadh aois déag. Sidiad iad :

23 H 18, (Ha).<sup>40</sup> Cnuasach é seo ó lámh Uilliam mic Cairteáin, nó Liam an Dúna, san bhliadhain 1702. Scéal-aigheacht agus filidheacht, agus beagán seanchusa atá ann. Taobh amuigh den "Leabhar Muimhneach" níl de stair ná de sheanchus ann acht "Tóruigheacht Cheallacháin Chaisil." Ar lch. 100 a thosnuigheann an téx ; agus, a dheireadh ar lch. 137, leis an tagra so : "Ag sin críoch ar an leabhar Muimhneach, arna sgríobhadh le hUilliam Mac Cairteáin, dia luain an 30 lá don Mháirta san mbliadhain d'Aois Chríost 1702. Agus fa hí [a] aois féin an tan sin cheithre bhiaghna déag ar fhithchid." Mar adubhradh thuas tosnuigheann an leagan so ag lch. 129 den téx so againne agus leanann air go dtí deireadh na nGeinealach, bíodh is nach fuil iomlán na nGeinealach ann. Séantar ársaidheacht san chainnt. Tá stíl agus blas gnáth Ghaedhilige an ochtmhadh aois déag air. Aontuigheann sé coitcheanta le G, Ga, H. San áit 'na mbeadh "ceithre meic le (la)" ag E Q, do bheadh ag Ha, G "ceathrar mac ag." Níor thaitn an ársaidheacht leis an scríbhneóir.

Bhí Liam an Dúna 'na chomhnuidhe i bparóiste an Teampuill Ghil, Co. Chorcaighe. Thug sé tamall i n-arm Rí Séamus le linn an chogaidh idir an rí sin agus Rí Liam. Bráthair gaoil do Liam an Dúna dob eadh an tAthair Conchubhar Mac Cairteáin, sagart paróiste Gleanna Maghair. File dob eadh Liam, agus scríbhneóir maith, agus scoláire oilte. Tá an téx aige ar an déanamh is fearr san

<sup>40</sup> R I A, Cat., fasc. XVII, p. 2143.

litridheacht ón ochtmhadh aois déag. Bhíodh spéis ag Liam an Dúna i litridheacht na Gaedhilge, agus bhain sé leis an dámhscóil san Bhlárnain.

23 G 1, (G). Ar shon nach fuil tuairisc ar an láimhscríbhinn seo i gcló fós (1937) san "Catalogue" ag an Acadamh, ní gabhadh a áireamh dhe acht an méid a bhaineann lenár ngnó féin. Bolg soláthair iseadh é ar nós Ha thuas. Tá rian trí lámh ann. Don chéad lámh, (ó lch. 1 go dtí lch. 239), "Forus Feasa ar Éirinn" ó lámh Dhiarmada Uí Mhathghamhna éigin. Isé sin an chuid is sine dhen láimhscríbhinn. Don dara lámh, (ó lch. 240 go dtí lch. 279), críochnú ar an bForus Feasa, agus urmhór na nGeinealach a ghabhann leis. Agus don tríomhadh lámh (ó lch. 280 go dtí a dheireadh, lch. 374), cnuasach ó lámh Airt Uí Chaoimh san bhliadhain 1709. Tá beagán seanchasa san chuid deiridh seo, maraon le filidheacht, agus go sonnrádhach cóib d'Iomarbháidh na bhFileadh. An leagan gairid den Leabhar Muimhneach atá ann, ag tosnú le craobhscaoileadh Sleachta Eoghain.<sup>41</sup> Ar lch. 285 a thosnuigheann sé, mar seo: "An ainm na Trínnóide rónaomhtha is ár naoimhéarlaimh Muire tionnsgnaim an seanchusso ar fhuráilíomh an Athar Risteird Uí Air[t]neada. An Leabhar Muimhneach annso." Agus a dheireadh ag lch. 319 leis an dtagra so: "Ag sin críoch ar an Leabhar Muimhneach arna sgríobhadh le hArt Ó Caoimh don Athair Ristead Ó Airtniada, an 28 lá do mhíosa na Bealltaine 1709."

Sliocht aonchairte é seo agus Ha, agus gaol aige le Ga. Táid siad rofhada amach ó E Q N chun a rádh gur d'aontreibh iad go léir. Acht is féidir a dhearbhu gurab aonbhunadhas amháin dóibh uile.

23 B 12<sup>42</sup> agus 23 B 22,<sup>43</sup> (P). Dhá láimhscríbhinn déidheanacha iad so, 'na bhfuil cóib neamhiomlán den leagan ghairid d'ár dtéx ar coimeád ionnta. Éamonn Ó Mathghamhna "ón bhFatha (=Faithche) le hais na Laoi," a scríbh 23 B 12 san bhliadhain 1833. Fíngin Ó hAllmhuráin, ó Gharrán an Chonnlaigh, i bparóiste Theampull Mhártain, Co. Chorcaighe, do scríbh 23 B 22. Sliocht aonchairte iad araon, mar is foilus ón tosach<sup>44</sup> do bheith

<sup>41</sup> lch. 129 annso.

<sup>42</sup> R I A. Cat., fasc. IX, p. 1158.

<sup>43</sup> R I A Cat., fasc. XII, p. 1432.

ar easnamh aca. Tosnuighid le Geineamhain Chuire mhic Luighdheach.<sup>45</sup> Isé Séamus Pendar, M.A., Léigheachtuidhe le Stair, i gColláiste na hOllscoile i gCorcaigh do chuir chugham a shaothar ortha, nuair chualaidh go rabhas ag obair ar an dtéx so. Is amhlaidh do aithscríbh sé B 12, agus B 22 do chóimmeas leis. Bainid siad le haicme Ha agus G, ar shon go dtéghid uaireanta le E N.

M 62, (M). Leabhar é seo ó láimh an Athar Eoghan Ó Caoimh. San bhliadhain 1703 do scríbh sé é do Hannraoi Mhac Coda i gCorcaigh. Mar atá sé anois, tá 464 leathanach ann, den tsaghas ara dtugthar “caidhp abhlóra” nó “foolscap.” Tá sé anois san Leabharlainn, Colláiste Ollscoile, Corcaigh, ar an chnuasach láimhscríbhinní darb ainm “Cnuasach Ó Murchadha.”

Forus Feasa ar Éirinn an t-adhbhar atá ann, cóib maith bheacht de, agus an téx ar aondul le téx an Athar Pádraig Ua Duinnín anuas go dtí “Gabhlughadh Cloinne Míleadh” .i. na geinealaigh i ndeireadh a leabhair ag Cétinn. Do chuir an tAthair Eoghan go mór leis an gcuid sin den tsaothar, mar, ní hamháin gur tharraing sé tuilleadh geinealach isteach ann, acht do ghaibh sé chuige an leagan gairid den Leabhar Muimhneach, mar atá ag Ha, G, agus do roinn sé cuid den “Chraobhscaoileadh” ar na geinealaigh a bhí ag Cétinn ó thosach. Níor thug sé an Craobhscaoileadh úd go léir leis, acht tosnuigheann sé seanchas Mhuinntir Shúilleabháin le Feidhlimidh, mac Aonghusa, mic Nad Fraoich. Tugann sé Duan Chatháin do léiriú ar Chinéal Laoghaire. Agus cuireann sé geinealaigh Gall d’agusín uaidh féin leis an saothar.

Tagann deireadh Forus Feasa féin ar leathanach 328 leis an dtagra so ón scríbhneóir: “Agsin críoch ar Fhorus Feasa ar Éirinn, arna sgríobhadh le hEoghan ua Caoimh do Hannraoi Mac Coda a cCorcaigh ar fúráiliomh Eoin Baiste mic Sleighne, Easbog (do bhí) Chorcaighe Chluana agus Rois, anno Domini 1703, September 23. Sirin guidhe an léaghthóra, agus mo leithsgéal féin do ghabháil tré gach dearmad dá bhfuil san leabhar so, do bhrígh gurab easbaidh eolais, agus díthchur na prealaide shuas as cionntach riu.”

Ar leathanach 394 críochnuighthe ar na Geinealaigh, agus

<sup>44</sup> lgh. 129—137 den leabhar so.

<sup>45</sup> lch. 138 san leabhar so.

gheibhtear ar an leathanach céadna tosach (seacht ranna) Dhúain Uí Dhubhagáin darab tosach: “Bliaghain so solus a dath.” De bhrígh nach fuil iomlán na duaine sin ann is dócha go bhfuil áireamh éigin duilleóg ar easnamh annso. Agus fós, do bhí Eochairsiath an Aifrinn agus Trí Biorghaoithe an Bháis ar chuid den leabhar so ar dtúis, mar, tá a gClársan chomh maith le Clár Forus Feasa ar Éirinn i ndiaidh a chéile aige san “Chlár Comhchoitcheann” i ndeireadh an leabhair, agus bearna dá réir ar chomhaireamh na leathanach ó 394 go dtí 830.

Ar leathanach 830 (do réir an tseanchomhairimh sin) tosnuighthear ar “Clár Comhchoitcheann an leabhair so ina ttráchtthar go hathchumair ar gach ní dá bhfuil a ccorp an leabhair chéadna agus ina stiúrthar an léagthoir do réir na bhfioghaireach atá san mbarrbhán.” Clár Fhorus Feasa 830—887; é i bhfuirm *precis* nó cuimriú ar a bhfuil ann; agus ag bun 886 an tagra so ón scríbhneóir: “finis do Ghaoidhealaibh, agus ní misde liom sin.” Ar lch. 887 atá Clár Geinealach na nGall.

Ag bun an leathanaigh 887, tosnuighthear an Clár ar Eochairsiath an Aifrinn. A dheireadh san ar lch. 891 mar a dtosnuigheann Clár Thrí Biorghaoithe an Bháis.

Ar leathanach 895 tosnuighthear ar “Clár ar ríoghaibh Éireann annso, fad a bhflathais, agus cia an leathanach ina bhfaghtar gach rígh dhíobh.” Gach leathanach arna roinnt ‘na chúig colamhnaibh: (a) uimhir an ríogh (ó 1 go dtí 163); (b) “annanna na ríogh,” tosach ag Sláinghe mac Deala, agus a dheireadh annso ag Niall Frasach; (c) “Ca treibh díobh,” Fir Bholg ar dtúis, agus annsan Tuatha Dé Danann, agus Clanna Míleadh, agus Clanna Míleadh dá roinnt idir Eireamhón agus Éibhear Fionn, Íth mac Breogain agus Ír; (d) fad a bhflaithis; (e) an leathanach den leabhar ‘na bhfaghtar iad, agus an colamhan san bán anuas go dtí Fiacha Fianolaidh.

Deireadh an leabhair ag bun 899; acht is follus nár stad an t-áireamh ag Niall Frasach, agus go bhfuil duilleóg, ar a laighead, ar easnamh ‘na dhiaidh.

Scríbhneóir cúramach cliste dob eadh an tAth. Eoghan Ó Caoimh. Ba ghnáth leis a thuairim do chur síos i dtaobh rudaí áirithe insna tagraí a chuireadh sé lena obair. Gheobhtar i dtéx an leabhair seo an chuid aca nach fuil againn tuas.



Láimhscríbhinní agus cairtí eile gur baineadh feidhm asta le linn giotaí den téx so, nó a aguisíní d'ullmhú, ní gábhadh tagairt speisialta dhóibh san áit seo. Leabhar Bhaile an Mhóta, Rawlinson 502, 23 F 16, agus 23 G 8, tá eolas coitcheann ortha, agus is furus a dtuairisc d'fhagháil.

Tá dhá chóib, ar a laighead, den Leabhar Muimhneach ar Chnuasach Philips, san Leabharlainn Náisiúnta : (a) Uimh. 94, cóib den L. M ghairid ó láimh Sheáin na Ráithíneach 1702 ; agus (b) Uimh. 18, ó láimh Chonchubhair Óig Uí Chruadhlaoidh, 1721. An tAthair Pól Breathnach do chuir i n-iúl dúinn iad do bheith ann, agus thug dúinn cóib de Aguisin V, as *b*. Níorbh fhéidir feidhm do bhaint asta le linn an téx d'ullmhú.

Agus na láimhscríbhinní fé leith do gach roinn den téx, tá áireamh ortha insna nótaí i dtosach gach coda den téx. Gach uair 'na dtagann malairt ar áireamh na láimhscríbhinní cuirtheas i n-iúl é.


Féacham anois leis an ngaol idir na láimhscríbhinní do nochtadh, ar shon gur baoghal ná beidh i gcuid de acht tuairmí. Is follus go bhfuil dhá mhórróinn nádúrtha ar na láimhscríbhinní .i. na láimhscríbhinní 'na bhfuil an leagan fada dhen téx, agus na láimhscríbhinní 'na bhfuil an leagan gairid. Ar na leaganaibh fada ní bhfaghtar an téx iomlán acht ag dhá cheann díobh .i. E agus Q. Tá an téx iomlán nach mór ag N, agus ní misde a chreideamhaint go raibh iomlán ag Ga. Sliocht Ga iseadh H do réir dheallraimh. Gabhann an chuid tosaigh de K leis an leagan bhfada, agus an chuid deiridh dhe leis an leagan ngairid. Is don leagan ghairid a théigheann an chuid eile dena láimhscríbhinníbh. Agus ní fuláir gan a dhearmad gur cuid den leagan fhada an leagan gairid ; acht nach sliocht aon chinn dena láimhscríbhinníbh thuas é. Is comhgarraighe do Ga, H, é 'ná dona ceannaibh eile.

Cuirimís i gcás go mbeadh ann ar dtuís bunleabhar ar a dtugtaoi, b'fhéidir, an Leabhar Muimhneach, nó ainm éigin eile. Tugaimís O air sin. Is uaidh sin do shíolruigh leagan ar ar thugamair X thuas, acht ní heol dúinn an mac do O an X, nó an 'mdhó glúin anuas uaidh é. Dfreach ón X sin, nó tré líon éigin glúin do shíolruigh E, Q, N, agus an chéad chuid de K.

Tagann Ga (agus H) ó O tré bhóthar eile. Agus urmhór

an bhóthair chéadna tháinig na leagain ghairide go léir .i. an dara cuid de K, Ha, G, P, agus M an fhaid a théigheann sé. Ní féidir a shocrú anois cá scaraid na cinn ghairide sin le Ga, H, acht tháinig an scaradh i n-áit éigin ar an mbóthar.

Chun an gaol idir na láimhscríbhinní go léir do thasbáint go soilléir, féadfar a chur i n-úil i bhfuirm fioghrach, mar seo :



Féadaimíd, dá réir sin dá shruth do lorg siar go dtí an buntéx, nó comhgarach dó. Acht is deacair bheith cruinn ar an ghaol atá eatortha nó an 'mdho uair a fuair O nó X a aithscríobhadh sasar sroiseadh na láimhscríbhinní atá againne.

Dubhramair thuas nár baineadh feidhm as R I A, 24 A 2, macasamhail de E ó láimh Sheoin Mhic Solaidh ná as T C D, H. 2. 5, is ionann agus Q, le linn an téx so d'ullmhú. Ní fuláir a rádh fós go bhfuil láimhscríbhinní eile ann agus leagain den Leabhar Muimhneach ionnta—go mór mór cuid na nGeinealach—acht nár gabhadh leo don ghnó so. Do chonncamair urmhór acasan. Láimhscríbhinní déidh-eannacha a n-urmhór, agus gan ionnta acht an leagan gairid, agus uaireanta gan soin féin do bheith iomlán. Agus an beagán nach feacamair díobh dob fhurus a aithint óna dtuairiscí nach fuil aonrud ionnta thar mar atá againne annso, agus dá mbeadh féin gur bheag le rádh é.

Ní fuláir leathscéal do ghabháil i dtaobh a fhaid atá an saothar so idir lámhaibh againn. Do tosnuigheadh air san bhliadhain 1932, agus ní tháinig chun deiridh go dtí 1939.

Is amhla mar bhí an scéal, níor mhór an obair do dhéanamh 'na rachtaibh le linn aimsire scuir insna laetheanta saoire. Is eagain go bhfuil rian na moille sin ar an obair. Do chuir an tAth. Pól Breatnach i n-iúl dam dearmad i gcomharthú na láimhscribhinní. Ar lch 129 tugtar Ha ar 23 H 18, agus ar lch 189 is H atá air. Ba chóir an comharthú céadna do choimeád tríd síos. Tabharfar fé ndeara, ámh, go bhfuil an obair ar fad roinnte 'na chodaibh do réir mar do-gheibhtear an téx insna láimhscribhinní, agus go bfuil áireamh i dtosach gach coda fé leith ar na láimhscribhinní go mbaintear feidhm asta dhon chuid sin. Tá súil againn, mar sin, ná déanfaidh na dearmaid ró ceataighe dhon léightheóir.

Níl le déanamh anois acht buidheachas an eagarthóra do chur i n-iúl dá lucht chonganta. Tá a bhuidheachas ag dul do Choinisiún na Láimhscribhinní as ucht costas clódóireachta an leabhair do ghabháil ortha féin; do Shéamus Pender, M.A., as ucht a shaothair féin ar an dtéx do thabhairt dúinn; do Chomhairle an R I A do chur chugainn go Corcaigh seacht gcinn dá láimhscribhinní, 'na gceann is 'na gceann, lena n-aithscríobhadh, nó a gcóimhmeas; don Dochtúir Éadbhard Gwynn, Provost (a bhí) i gColláiste na Tríonóide, as ucht feidhm do bhaint as láimhscribhinní san leabharlann ann; d'Eoin Mhac Néill as ucht feithmheoireacht ar an téx le linn dul i gcló dhó; don Ollamh Séamus Ó hÓgáin as ucht na spéise a chuir sé san obair ó thosach; do Liam Mac Giolla Mhearnóg, do aithscríbh H. I. 7 dúinn; agus go mór mór don Athair Pól Breatnach as ucht a lán congnaimh is comhairle as an doimhin-eolas atá aige ar stair is ar sheanchus na hÉireann. Agus fós dom dhalta, Séamus Ó Donnchadha, M.A., do chur na hainmneacha dílse, idir áiteanna agus daoine, i n-eagar a chéile dham. Dia dá chúiteamh leó uile.

—TORNA.



# AN LEABHAR MUIMHNEACH.

## I

### SÉ AOISE AN DOMHAIN.<sup>1</sup>

*Sex sunt Ætates Mundi*, eadhón,<sup>2</sup> ó Ádhamh go Dílinn an chéadaois ; ó Dhílinn go hAbraham an aois tánaiste ;<sup>3</sup> ó Abraham go *Daibhidh*<sup>4</sup> in tres aois ; ó Dhaibhidh go Broid an ceathramhadh haois ;<sup>5</sup> ó Bhroid go gein Chríost an cúigeadh haois ;<sup>6</sup> agus ó ghein Chríost go Bráth an seiseadh aois.

Is fisidh tráth cia<sup>7</sup> líon<sup>8</sup> bliadhan<sup>9</sup> atá ingach aois díobh, ginmothā<sup>10</sup> in aois déidhenach,<sup>11</sup> air<sup>12</sup> ní fuuil críoch áirithe<sup>13</sup> fuirri no nuimhir illeith re daoinibh, cé do bheith<sup>14</sup> illeith re Dia.

An chéadaois don domhan,<sup>15</sup> eadhón<sup>16</sup> ó Ádhamh go dílinn,<sup>17</sup> isé<sup>18</sup> líon bliadhan fil<sup>19</sup> innti .i. sé bliadhna déag agus dá fhichitt agus sé chéad ar mhíle.<sup>20</sup>

An dara haois, isé<sup>18</sup> líon bliadhan fil innte .i. fiche bliadhan ar naoi gcéadaibh, go himtheacht Abratham as Caldeam.<sup>21</sup>

An treas aois don domhan<sup>15</sup> .i. ó imtheacht Abraham go himtheacht cloinne hIsrahēl a hÉigipt<sup>22</sup> .i. deich

---

MSS. *don chuid seo don Téx* : 23 E 26 (E), lch. 1, *mar bhunughdar* ; 23 Q 4 (Q), lch. 1 ; 23 N 30 (N), lch. 1 ; 23 K 4 (K), lch. 5. *Insna Variæ Lectiones ní bhacaim le mionphongca lítríúcháin, etc., mura mbeidh rud éigin tábhachtach don tSeanchas nó don teangain ionnta. Níl Teidiol fé leith ag E ná ag N ; a theideal ag K mar seo* : Leabhar na nAos annso ; *a theidiol ag Q mar seo* : Agso nar ndiaigh do gach craobsgaoileadh agus do gach eolus ar chloinn Adaimh go Noe, agus do gach craobsgaoileadh air Noe is air a chloinn, agus do gach roinnt don domhan dar atriabh siad. Agus ó Noe go Clanna Mile ; agus ó chlanna Mileadh anuas, agus do gach tír dár ghabhadar don Eorup, etc.

<sup>1</sup> Na Teidil ón Eagarthóir muna n-abarthar a mhalairt.

<sup>2</sup> adaoin, N, K.      <sup>3</sup> tanaiste E, tainiste K.      <sup>4</sup> Dáibhí N.

<sup>5</sup> aois E.      <sup>6</sup> aois E.      <sup>7</sup> caidhe K.      <sup>8</sup> lín E.

<sup>9</sup> bliaghain, E.      <sup>10</sup> ginmhotha, E, gein Mhothadh N.

<sup>11</sup> deighenach MSS.      <sup>12</sup> ar, E, oir Q.      <sup>13</sup> airithí E, áirithe K.

<sup>14</sup> cá bheadh K.      <sup>15</sup> an domhain, E.      <sup>16</sup> eadhon, E.      <sup>17</sup> dflinn K, N.

<sup>18</sup> asé E.      <sup>19</sup> blighen (sic) atá no fil Q.

<sup>20</sup> féachtar don sgéal so go léir *Codex Palatino-Vaticanus*, lch. 237, seq.

<sup>21</sup> Calderin E (le peann luaidhe) ; Celdrom K ; *creimthe* Q.

<sup>22</sup> as E., K ; ar lár N.

mblíadhna fichíod<sup>23</sup> agus cheithre céad, agus ó imthecht chloinne Israëil a hÉigipt<sup>24</sup> go céaddéanamh teampuill tSolaimh, ceithre chéad ar cheithre fichid bliadhain.<sup>25</sup>

An<sup>26</sup> ceathramhadh Aois don domhan<sup>15</sup> .i. ó chéad-déanamh teampuill tSolaimh<sup>27</sup> go broid na Babilóine .i.<sup>28</sup> cheithre chéad agus naoi mblíadhna déag go leith; agus ó bhroid na Babilóine go déanamh arís teampuill tSolaimh,<sup>27</sup> céad agus trí bliadhna agus da fhichead; agus ó thógbháil teampuill<sup>29</sup> Sholaimh go gein Chríost, da bhliadhain déag agus trí *fichid* agus cheithre chéad,<sup>30</sup> agus isé so suim bliadhan na haoise so re a gcomhairmh<sup>31</sup> .i. ó Bhroid go gein Chríost cúig bliadhna déag agus sé chéad; agus isé<sup>32</sup> suim na gceithre n-aos sin uile<sup>33</sup> .i. ocht mblíadhna agus dá fhichead,<sup>34</sup> trí chéad agus trí mhíle. Agus isé so athchumairecht áirimh na gcúig n-aos<sup>35</sup> .i. ó chruthughadh Ádhaimh go techt Chríost i gcolainn<sup>36</sup> daonna .i. trí bliadhna<sup>37</sup> agus trí fichid agus naoi gcéad agus trí mhíle. Agus isé suim<sup>38</sup> bliadhan atá<sup>39</sup> ó thús domhuin go teacht do chlannuibh Míleadh i nÉirinn .i. naoi mblíadhna agus trí fiched<sup>40</sup> agus dá chéad agus míle<sup>41</sup> do réir chroiniceadh agus leabhar<sup>42</sup> eoluis na nAlbanach. Agus isé<sup>32</sup> suim bliadhan roimh Chríost do theacht<sup>43</sup> i gcoluinn tángadar Clanna Míleadh i nÉirinn .i. trí bliadhna déag agus cheithre fichid agus sé *chéad* bliadhan,<sup>44</sup> agus bliadhain teasda<sup>45</sup> do thrí fichid bliadhan sin<sup>46</sup> i ndiaidh na Rómha do dhéanamh re Rēmus agus lé Romulus<sup>47</sup> ó n-ainmnigh-thir<sup>48</sup> an Róimh; agus trí chéad agus dá bhliadhain agus dá fhichid i ndiaidh chéad-tógbhála<sup>49</sup> teampoill tSolaimh; cúig bliadhna déag agus cheithre chéad<sup>50</sup>

<sup>23</sup> mblíadhain fichitt E.

<sup>24</sup> heigipte E.

<sup>25</sup> bliadhain go fíor soiléir, etc., Q.

<sup>26</sup> 4, An, *uimhneacha roimh na hAoisibh*, E.

<sup>27</sup> an domhain, E.

<sup>27</sup> Sholaimh K.

<sup>28</sup> adhaoín K.

<sup>29</sup> ó theampuill E.

<sup>30</sup> an tAlt ó "*An ceathramhadh Aois*" anuas ar lár Q.K.

<sup>31</sup> ré a ch. E, fria a cc. N K.

<sup>32</sup> ase, E.

<sup>33</sup> n-aos oile so anuas roimhé E.

<sup>34</sup> fichad E.

<sup>35</sup> naois E.

<sup>36</sup> acc. d., E, ar lár Q.

<sup>37</sup> bis E, trí bl. déag Q; trí mhíle 7 trí fithchid, agus naoi ccéad bliaghain N.

<sup>38</sup> asi so sum E.

<sup>39</sup> ar lár N.

<sup>40</sup> fichíod E, fithid N.

<sup>41</sup> deith cead agus dá mhíle blighen Q.

<sup>42</sup> leabhar ar lár E. <sup>43</sup> théaghacht, E. <sup>44</sup> ceithre cead deag blighen, Q.

<sup>45</sup> blighen do theasduigh Q.

<sup>46</sup> fichidh sin sin, E.

<sup>47</sup> Reámulus E, Remulus Q.

<sup>48</sup> nainmníthir E.

<sup>49</sup> gabháil, Q; gabhala N.

<sup>50</sup> [7 aon bhliaghuin] do thuilleadh N.

i ndiaidh ríogh Sagson ba chédrí do theacht innte<sup>51</sup> .i. Brutus; agus cheithre chéad agus aon bhliadhain agus cheithre fichid<sup>52</sup> i ndiaidh scriosta<sup>53</sup> na Trae;<sup>54</sup> agus míle<sup>55</sup> agus cheithre chéad agus aonbhliadhain agus trí fichid i ndiaidh chéad-ríogh<sup>56</sup> na hIodáile<sup>57</sup> .i. Comírus<sup>58</sup> do thecht, agus míle agus sé chéad agus trí bliadhna déag i ndiaidh<sup>59</sup> na Dflean<sup>60</sup> do thecht tar<sup>61</sup> an ndomhan. [Do<sup>62</sup> réir gach aoise dhíobh so, is cheithre chéad agus seacht mbliadhna,<sup>63</sup> agus cheithre fichid<sup>64</sup> bliadhna<sup>65</sup> roimhe Chríost do theacht i gcoluinn tångadar Clanna Mileadh go hÉirinn. Agus do réir áirimh<sup>66</sup> eile trí bliadhna déag cheithre fichid<sup>64</sup> agus sé chéad roimhe ghein Chríost tångadar go hÉirinn; gidheadh isé ceadfadh na n-ughdar as sine agus as mó le heolus gur cheithre chéad déag bliadhna<sup>65</sup> roimhe Chríost do thångadar Clanna Mileadh<sup>67</sup> go hÉirinn.]

Agus isí<sup>68</sup> so suim bliadhna atá idir Chlannaibh Mileadh do thecht i nÉirinn agus<sup>69</sup> páirt dá sliocht do dhul i nAlbain,<sup>70</sup> ar a bhfuilid uaisle Gaoidhiol Alban ar a sliocht ó sin<sup>71</sup> alle .i. céad agus trí bliadhna déag<sup>72</sup>. Agus aithrisid croinicedha<sup>73</sup> Sagsan ní nach faghthar againne inar<sup>74</sup> sgríbhnaibh:<sup>75</sup> gurabé Gurgundus<sup>76</sup> mac Beilín<sup>77</sup> rí<sup>78</sup> Sagsan dona Briotaineachaibh,<sup>79</sup> tug Éire do chlannaibh Míledh, arna<sup>80</sup> dteangmháil dó ar an bhfairge ag techt<sup>81</sup> ón Easbáin dóibh agus an rí ag techt ó chríochaibh Lochlann ar gcur Lochlannach fá chíos dó; cúig bliadhna déag agus trí fichid<sup>82</sup> agus trí chéad [E 2] sin roimh Críost do thecht i gcoluinn.

Ocht<sup>83</sup> mbliadhna dēg agus trí chéad roimh *Chríost*

<sup>51</sup> i ndiaidh céad rígh Sagson do theacht innte, E.

<sup>52</sup> fitchid E.

<sup>53</sup> Scriosda Trae E.

<sup>54</sup> Trao N. Traoi K.

<sup>55</sup> agus míle bis E.

<sup>56</sup> chéad rígh E.

<sup>57</sup> hEadaile E; hiottaile N.

<sup>58</sup> Cumrus Q; comirius K.

<sup>59</sup> dēis, Q.

<sup>60</sup> dile E.

<sup>61</sup> ar, E.

<sup>62</sup> Q *amháin an méad fá chuibhveachaibh.*

<sup>63</sup> mblighena.

<sup>64</sup> fithid.

<sup>65</sup> blighen.

<sup>66</sup> aireaibh.

<sup>67</sup> Mile.

<sup>68</sup> así E K N, asé Q.

<sup>69</sup> ar lár E.

<sup>70</sup> go hA. Q.

<sup>71</sup> shliocht ó shin N.

<sup>72</sup> [an nuimhir atá eadtorth] sic, K.

<sup>73</sup> cruithniceadh, E; croineaceadh Q.

<sup>74</sup> ionnar K.

<sup>75</sup> sgríobhnaibh E.

<sup>76</sup> Gurgondus Q.

<sup>77</sup> Beilm N; Béillinn K.

<sup>78</sup> Rígh E; ríogh N.

<sup>79</sup> rí S. dona Br. ar lár Q.

<sup>80</sup> ar ttús arna Q.

<sup>81</sup> ag teacht ó chríochuibh Lochlann do chur fa chfos. Cúig, etc.

sic Q.

<sup>82</sup> agus trí f. ar lár Q; fitchid E.

<sup>83</sup> *An Abairt seo ar lár Q; Ocht . . . i gcoluinn ar lár N.*

do theacht i gcoluinn tängadar Clanna<sup>84</sup> Miledh do réir Seanchuis<sup>85</sup> Éirionn agus Alban. Agus<sup>85a</sup> atá an comhairemh aimsire féin agus gabháltus<sup>86</sup> Lochlonnach dá fhoillsiughadh nach é rí Sagsan<sup>87</sup> tug Éire do Chlannaibh Miledh ; agus ní mesda<sup>88</sup> do Shagsonachaibh<sup>89</sup> sin, óir atá an tslighe réidh<sup>90</sup> aca, acht go gcoisgid<sup>91</sup> féin méirligh agus bithbhenaigh agus lucht dēanamh uilc agus ēagcóra.

Seacht<sup>92</sup> gcéad agus sé mhíle agus cúig bliadhna<sup>93</sup> agus trí fichid<sup>94</sup> aois an domhain an tan do bo aois don Tigherna dá bhliadhain agus cheithre fichid,<sup>95</sup> cúig céad agus míle, do réir Eusebius.

An cúigeadh aois don domhan<sup>96</sup> isé so an uimhir bliadhan fuil innte .i. chúig céad,<sup>97</sup> ochtmhogha, agus naoi mbliadhna isan aoissi<sup>98</sup> uile, ó fhorba na daíre Babilōndai<sup>99</sup> go gein<sup>100</sup> Chríost lá tinscetail<sup>101</sup> na haoise seo.

An seiseadh<sup>102</sup> aois .i. ó ghein Chríost gus andiu<sup>103</sup> isé líon bliadhan táinig dí .i. míle secht gcéad agus seacht déag,<sup>104</sup> agus ní fhuil nuimhir áirithe<sup>105</sup> fuirri illeith<sup>106</sup> ria daoinibh.

Is labhartha dhúinn<sup>107</sup> budheasta<sup>108</sup> dona gníomharthaibh isna<sup>109</sup> haoisibh sin in neach ro<sup>110</sup> fēatar<sup>111</sup> go comair do chríochnughadh díobh do[n] neoch<sup>112</sup> is mó agus is oireghdha<sup>113</sup> dhíobh agus d'ardtaoiseachaibh<sup>114</sup> gacha<sup>115</sup> haoise dona haoisibh sin, agus do shaoghlaibh na dtaoiseach sin, agus do chraoibh choibhneasa chloinne Noe,<sup>116</sup> agus d'eidirdhealbhadh gacha<sup>117</sup> cinidh

<sup>84</sup> Macuibh N.    <sup>85</sup> Seanchaidh N.    <sup>85a</sup> Máiseadh, Q.    <sup>86</sup> -tuis N.  
<sup>87</sup> Gurgundus mac Beilein Q.    <sup>88</sup> meisde E ; measta N ; miste Q.  
<sup>89</sup> Shagsonach E, Q ; -naigh, K.    <sup>90</sup> réidhig N.  
<sup>91</sup> aco, oir as siad do choisgis m. etc., K ; gcoisgig N.  
<sup>92</sup> an t-alt so ar lár Q.    <sup>93</sup> chúig bhliadhna, N, K.  
<sup>94</sup> fichid E ; fithid N.    <sup>95</sup> fichid E.    <sup>96</sup> an domhain E.  
<sup>97</sup> D, LXXX, IX, E ; CCCC. LXXX. IX, K.    <sup>98</sup> aois K, aoisi E.  
<sup>99</sup> Baibilóine N.    <sup>100</sup> gcein E.  
<sup>101</sup> tinscetal E ; an t-alt san ar lár, Q    <sup>102</sup> Seisiodh E.  
<sup>103</sup> aníogh E.  
<sup>104</sup> 1739 N ; M.DCC. agus X mbliadhna agus cheithre XX, K ; an t-alt so ar lár, Q.    <sup>105</sup> airithi E ; áirighthe N.  
<sup>106</sup> le teacht ag neach ar mbith N, K.    <sup>107</sup> dhuin, E.  
<sup>108</sup> buidheasta E ; budhdheasta N.  
<sup>109</sup> is ná E ; agus dona N.  
<sup>110</sup> ró E.    <sup>111</sup> featair E ; fheatar N ; ní nach ro fhedair K.  
<sup>112</sup> neach MSS.  
<sup>113</sup> airedha E ; oireadha Q ; airuidhe K ; áireadha N.  
<sup>114</sup> do hárd, E ; do thárd, Q.  
<sup>115</sup> gacha . . . . choibhneasa, ar lár Q N K.  
<sup>116</sup> gach N, *passim*.    <sup>117</sup> Noei E



ria<sup>118</sup> chéile, agus do chéadghabháil gacha mórthuaithe do mhórthuathaibh in bheatha ; agus d'eidirdhealbhadh<sup>118</sup> gacha bēarla<sup>119</sup> ré chéile, uair is aonbhēarla do bhí ag Síol Adhaimh ó chruthughadh Adhaimh go críochnughadh an tuir Neamhruidh<sup>120</sup> .i. Gairtighern ainm an Bhēarla<sup>118</sup> sin.

Is fisidh<sup>121</sup> cia atáid sé haosa<sup>122</sup> [ann]<sup>123</sup> nach fuilid acht dá aimser<sup>124</sup> .i. Feadarlaic agus Nuafhiadhnuise. Is ionann sin ré a rádha an seanrecht agus an reacht nuadh<sup>125</sup> ; feadarlaic .i. reacht Maoise go gein *Chríost*, agus nuafhiadhnaisi ó ghein *Chríost* go bráth.

Adeirid aroile<sup>126</sup> gomadh trí haimsiora do bhiadh ann .i. aimsior roimh ghrásaibh ó thús in domhuin go reacht Mhaoise, agus aimsior is na grásaibh .i. ó aimsir Mhaoise go gein Chríost ; aimsior i ndiaidh ghrás an treas aimsior, ó ghein Chríost go bráth.<sup>127</sup>

<sup>118</sup> ria chéile . . . . d'eidirdhealbhadh, *ar lár* Q ; *eidir-*, E.

<sup>119</sup> béalradh, Q N.      <sup>120</sup> *ar lár* Q.      <sup>121</sup> *fise* N.

<sup>122</sup> haoisa E ; haoise N.      <sup>123</sup> K *amháin*.      <sup>124</sup> aois K ; *ar lár* N.

<sup>125</sup> nuadha E.      <sup>126</sup> uair oile Q.      <sup>127</sup> a leath go bráth Q ; bráich N.

## II

### CRUTHUGHADH ADHAIMH AGUS ÉBHA.

Is<sup>1</sup> cóir dhúinn<sup>2</sup> labhairt ar ordughadh<sup>3</sup> Dé i dtúis domhain anois.<sup>4</sup>

Adhubhairt Dia ar dtúis<sup>5</sup>: Dealagheadh lá agus oidhche<sup>6</sup> ré chéile; agus bíodh<sup>7</sup> ina<sup>8</sup> chomhartha ara dtiubharthar<sup>9</sup> aithne, aroile<sup>10</sup> d'aimseraibh<sup>11</sup> agus momentibh agus uairibh agus laithibh agus bliadhnaibh; agus soillsighiodh<sup>12</sup> siad an<sup>13</sup> fhirment neamhdha agus in talamh; agus do rinneadh<sup>14</sup> mar<sup>15</sup> sin é. Agus do rinneadh<sup>14</sup> dō mar<sup>15</sup> chomhartha soillse ann comhartha is mó agus comhartha is lugha, an comhartha<sup>16</sup> is mó do shoillsiughadh don oidhche .i.<sup>17</sup> éasga, agus an comhartha is lugha do shoillsiughadh don lá .i. an ghrian, go ndeaghladaois lá agus oidhche rena chéile. Agus na réilteanna fós do shuidh<sup>18</sup> Sé san bhfirmimint do thaitneamh agus do shoillsiughadh an talmhan isan oidhche. Do bhí gach ní amhlaidh sin, agus do chonnaic Dia gur chóir sin.

[E 3] Isan chúigeadh laithe adubhairt Dia: iomdhaigh-eadh<sup>19</sup> na huile beathadhach uiscidhe [agus neamhuiscidhe],<sup>20</sup> agus na huile eiteachdha ar uachtar talmhan san bhfirmament nemhdha. Agus do chonnaic Dia gur mhaith sin, agus do bheannuigh an uile bheathadhach uiscidhe agus neamhuiscidhe dá dtaghail<sup>21</sup> an talamh, agus adubhairt riú fás<sup>22</sup> agus líonadh na muire<sup>23</sup> agus na talmhan dō.

In seiseadh lá imorro adubhairt Dia: líonadh agus

<sup>1</sup> *an Abairt seo ag Q amháin.*      <sup>2</sup> dhun Q.      <sup>3</sup> ordumhadh Q.

<sup>4</sup> anis (?) Q.      <sup>5</sup> sic Q; Agus adubhairt riu E, K, N.      <sup>6</sup> aghaidh N.

<sup>7</sup> bíodh E; biog Q.      <sup>8</sup> an c. KNQ.      <sup>9</sup> dtiubhradur, E.

<sup>10</sup> air aroile NQ.      <sup>11</sup> aimseraibh E.      <sup>12</sup> soillsighidh E.

<sup>13</sup> na E.      <sup>14</sup> do roinedh, Q; rinnadh E.      <sup>15</sup> amhlaidh Q.

<sup>15</sup> ar lár Q.

<sup>16</sup> *mar seo ag E: An comhartha is mo thaitneamh agus do shoillsiughadh in talmhuin isin oidhche go ndeaghladaois, etc., do chonnaic Dia gur cóir sin.*

<sup>17</sup> éasga . . . . grian ar lár K.

<sup>18</sup> do shuidh Q.

<sup>19</sup> iomadaighidh N; iomadaigheadh K; *is measg K annso.*

<sup>20</sup> Q amháin.

<sup>21</sup> ttagaill E, ttághail N, ttaighaleadh K.

<sup>22</sup> fásadh E, fásaidh agus lionaidh Q N K.

<sup>23</sup> muiridhe 7 an talamhdha K.

iomdhaighiodh<sup>24</sup> in talamh coitcheonn do bheathadh-achaibh<sup>25</sup> ceithearchosacha,<sup>26</sup> agus grádhadh<sup>27</sup> gach bethadhach a chomhchosmhuileas<sup>28</sup> féin; agus do bhí mar sin. Do chonnaire Dia gur chóir sin.

“Déanam duine fār n-iomháighin<sup>29</sup> féin agus fār<sup>30</sup> n-iomchosmhuilius féin, agus tighernaighedh ar iasgaibh an mhara, agus ar éanaibh agus ar eitighibh<sup>31</sup> [an] aieóir agus ar uile bhethadhachuibh ceatharchosacha<sup>32</sup> na talmhan; agus an uile<sup>33</sup> chréatúir fa ninn anuas dá nglúaisiann ar talamh bídh a eгла orra uile.”

Do dhealbhuigh<sup>34</sup> Dia duine fána iomháigh<sup>35</sup> agus fána dheilbh féin<sup>36</sup> .i. fer agus bean, agus do bheannuigh iad, agus adubhairt: “Fásaidh<sup>37</sup> agus iomdhaighidh<sup>38</sup> ar<sup>39</sup> an talamh agus eirgidh<sup>40</sup> faoi, agus tighernuighidh<sup>41</sup> éisg in mhara agus éin an aieóir,<sup>42</sup> agus na huile anmhonna<sup>43</sup> dá bhfuil for talmhain<sup>44</sup>.” Agus adubhairt: “Tugas díbh<sup>45</sup> na huile luibhe agus crainn<sup>46</sup> dá bhfuil toradh,<sup>47</sup> agus na huile shíola d’iomarcadh<sup>48</sup> a leithéide féin, agus na huile chrainn toraidh<sup>49</sup> do fhás dá dtoradh<sup>50</sup> féin, comba biadh agus beatha dhíbh<sup>51</sup> iad, agus na huile anmonna<sup>52</sup> idir eitech agus ceatharchosda da bhur mbiathadh agus da bhur mbeathughadh.” Agus do rinneadh mar sin é. Ro fóirlíonadh mar sin<sup>53</sup> cruthughadh nimhe agus talmhan agus gach a bhfuil inntibh isin seiseadh lá, agus ro chomhnuigh [Dia]<sup>54</sup> iaramh ó gach uile oibriughadh isin sechtmhadh lá.

Labhram annso fesda do<sup>55</sup> chruthughadh an duine, ó labhramar [ar] chruthughadh an domhain guna thor-thaibh gonuige so.<sup>56</sup> Is amhlaidh ro dhealbhuigh Adhamh

<sup>24</sup> líonaidh agus iomadaighedh E.

<sup>25</sup> bheathadhachadh E.

<sup>26</sup> ceathair-N.

<sup>27</sup> grádhaidh E, grádhag N; gradhach K. <sup>28</sup> chosmhulacht N K.

<sup>29</sup> for ar n-iomháighin N. <sup>30</sup> for N. <sup>31</sup> eiteadhíbh N K.

<sup>32</sup> ceatharchosach E, -sachaibh an t. K. <sup>33</sup> ar an uile c. MSS.

<sup>34</sup> dhealbh E. <sup>35</sup> imhaighe E, iomágh Q, íomháighe N.

<sup>36</sup> cosmhail fein E <sup>37</sup> fasaigh E.

<sup>38</sup> iomadaighaidh N, iomaduigheadh K. <sup>39</sup> ar lár N K.

<sup>40</sup> eirgeadh K. <sup>41</sup> -nuigheadh K. <sup>42</sup> aieóir E, eoin an aeoir N.

<sup>43</sup> anmonna E, ainminna K, anmanacha Q. <sup>44</sup> talmh K.

<sup>45</sup> tugais doibh E. <sup>46</sup> crann E; agus crainn ar lár Q.

<sup>47</sup> do thorradh E.

<sup>48</sup> diomaraidh E, diomaircedh K, diomarca a leithéideadha N.

<sup>49</sup> chrann toradh E. <sup>50</sup> thorruidh E, torrthaidh K, dtorthadh N.

<sup>51</sup> dhóibh E. <sup>52</sup> anmonn E; anmonnach N. <sup>53</sup> an uair sin K.

<sup>54</sup> Q amháin. <sup>55</sup> air N.

<sup>56</sup> Labhram anso feasta do chruthumhadh an domhain gnuige seo

7 labhram aso mach do chruthumhadh an duine, sic Q.

do réir na gcineadhach .i. don talamh choitcheonn. Tugadh<sup>57</sup> a chenn cédus<sup>58</sup> a tír Malón<sup>59</sup>; tugadh a bhruinne agus a fhordronn<sup>60</sup> a Baibilóin.<sup>61</sup> Tugadh<sup>62</sup> adhbhar a chos agus a lámh a Labhán<sup>63</sup>; a shliasta a tír Golgota.<sup>64</sup> Trí thráth ro<sup>65</sup> bhí gan anmain<sup>66</sup> iarna chruthughadh don *talmhain* .i. ar dháigh Chríost iarna chéasadh do bheith trí thráth gan anmuin.<sup>67</sup> Don uisge tugadh lúth<sup>68</sup> ann. Do theine tugadh teas ann. Don aieór<sup>69</sup> tugadh anáil ann. Ó Dhia tugadh anam<sup>70</sup> ann. I meadhón<sup>71</sup> oidhche tairnig<sup>72</sup> a chruthughadh. I mochthráith i dtús laí tugadh Ēva<sup>73</sup> as a thaoibh chlé .i. asna<sup>74</sup> ro beanadh as is dé do rōnadh<sup>75</sup> Ēva. Cēdimthecht do rinne Adhamh go tobar Pharrthais ag faicsin<sup>76</sup> na hénlaithe, is ann do rinne<sup>77</sup> a chéadrith. Ag faicsin Ēbha is ann do rinne a chéadgháire.<sup>78</sup> Ag faicsin na gréine tar<sup>79</sup> mullach sléibhe Parrthais<sup>80</sup> is ann ro altuigh ar dtúis<sup>81</sup> re Dia, agus aseadh<sup>82</sup> adubhairt: “Adhram thú a Dhia.”<sup>83</sup>

Cóig lá dhéag dóibh maraon intan táinig<sup>84</sup> Iferniger<sup>85</sup> .i. deamhan i ndeilbh nathrach go<sup>86</sup> corpaerda séimh go<sup>87</sup> ro fhuráil an t-iomarbus for<sup>88</sup> Ēva. .i.<sup>89</sup> tomhuil an ubhail do chrann<sup>90</sup> na haithne; agus gur fhuráil<sup>91</sup> Ēva for Adhamh go nduadar<sup>92</sup> an t-ubhall.<sup>93</sup> Gonadh tré dhíoghaltus mhionaighthe rechta an Choimthe<sup>94</sup> i bparrthas do benadh<sup>95</sup> ar an ngréin<sup>96</sup> go nach fuil acht<sup>97</sup> an sechtmhadh rann dia<sup>98</sup> soillse innte; agus tugadh fós craobh dhorcha tar forghnúis éasga; agus an sechtmhadh rann nirt<sup>99</sup> agus áillechta agus gliocais agus gaile<sup>100</sup> an duine. Gach teidhm fil ina dheghaidh is tríd sin tugadh. Agus [do baineadh]<sup>101</sup> an sechtmhadh rann

<sup>57</sup> Tugabh Q.

<sup>58</sup> ceadus N.

<sup>59</sup> Malóin Q, *vid Todd Lecture Series III, lch. 48, seq.*

<sup>60</sup> fórdhronn E; fhóirdhrom Q, fhóirdhruim K.

<sup>61</sup> Babilón E, Babilionn Q.

<sup>62</sup> tugach Q.

<sup>63</sup> allabhán E, a laibhain K, A albainn Q.

<sup>64</sup> galgatá E.

<sup>65</sup> tráth ró E.

<sup>66</sup> anam Q; gin a E.

<sup>67</sup> iarna . . . . anmuin.

*ar lár* Q K.

<sup>68</sup> lúghaidh N.

<sup>69</sup> do aieóir E

<sup>70</sup> ainm E.

<sup>71</sup> Ameodhón E.

<sup>72</sup> do tharaingeadh K.

<sup>73</sup> Aebha N.

<sup>74</sup> easna N.

<sup>75</sup> rinnedh N.

<sup>76</sup> faigsint Q.

<sup>77</sup> rin N, *coitianta*.

<sup>78</sup> *an Abairt sin ar lár* Q.

<sup>79</sup> ag eirghidhe tar Q; tar mh. E.

<sup>80</sup> Ph. E.

<sup>81</sup> túis, E.

<sup>82</sup> asé N K.

<sup>83</sup> Dhé, E; Dhé uile chomhachtuigh Q.

<sup>84</sup> do tháinig E.

<sup>85</sup> Iofearniger, E, -inger, N; iffirnach K; Jefeinger Q.

<sup>86</sup> neimhe.

<sup>87</sup> go Q; gur N K.

<sup>88</sup> air Aebha N.

<sup>89</sup> eadhoin Q, adhóin N.

<sup>90</sup> do chrann *ar lár* N K.

<sup>91</sup> go furail E.

<sup>92</sup> go nuadair E; gur nfhuadur K.

<sup>93</sup> tubhail E.

<sup>94</sup> choimhde E, chomhdhia K.

<sup>95</sup> baineadh E.

<sup>96</sup> ngréidhm N.

<sup>97</sup> bhfuil E.

<sup>98</sup> da E.

<sup>99</sup> *ar lár* Q.

<sup>100</sup> agus gaile *ar lár* Q.

<sup>101</sup> Q *amháin*.

toraidh<sup>102</sup> a talmhain<sup>103</sup> agus a muiribh agus a crannaibh. Agus isé fáth ina bhfuil<sup>104</sup> lámh chlé<sup>105</sup> seoch lámh dheas, air isí an lámh chlé<sup>105</sup> do síneadh dochum an ubhail.

[E 4] Isé imorro fáth imar<sup>105</sup> fhuráil Lucifer an t-imarbhús forra<sup>106</sup> .i. do rad<sup>107</sup> Dia airchinnecht<sup>108</sup> nimhe do Lucifer ar dtús go naoi ngrádháibh aingeal uime. Ro<sup>109</sup> iomarbháighesdur<sup>110</sup> Lucifer for nimh ar uail agus [ar] díomus fria Dia go<sup>111</sup> ro hionnarbadh do<sup>112</sup> nimh é go dtrian<sup>113</sup> sluagh<sup>114</sup> aingeal lais i n-ifrionn,<sup>115</sup> go<sup>116</sup> bhfuilid 'na ndeamhnaibh i n-ifrionn i gciontaibh an díomuis sin. Gonadh í sin an chédbhreath a rugadh riamh.

Iar gcruithghadh Adhaimh agus Ébha do-bheart Dia airchinnecht<sup>117</sup> talmhan dóibh gona gcloinn<sup>118</sup>. Ro fhormaduigh<sup>119</sup> tra<sup>120</sup> Lucifer fria<sup>121</sup> hAdhamh, air ba dearbh lais isé<sup>122</sup> do-bhearta<sup>123</sup> do líonadh nimhe dá éis; gonadh aire sin ro chuir Lucifer Iferniger<sup>124</sup> dá fhuráil for Éva im<sup>125</sup> thomhailt an ubhail. Do luidh<sup>126</sup> Spiorad Dé chugtha<sup>127</sup> go ndubhairt fria [h]Adhamh<sup>128</sup> *De terra es et in terram ibis .i.* De thalamh ataoi agus do thalamh rachthaoi. Agus isbeart doridhise:<sup>129</sup> *In sudore vultus tui comedes panem tuum .i.* bidh a hallus do ghnúise toimhéala<sup>130</sup> do bheatha. Adubhairt fri hÉbha: *Cum dolore et gemitu pares filios tuos et filias tuas .i.*<sup>131</sup> bidh go gneid agus galar<sup>132</sup> bhéair do mheic agus t'inghena.

<sup>102</sup> toradh N K.                    <sup>103</sup> talmhan N.                    <sup>104</sup> fá bhfuil N.  
<sup>105</sup> chlé N K.                    <sup>105a</sup> inar N K.                    <sup>106</sup> fortha E.                    <sup>107</sup> rádh E, read N K.  
<sup>108</sup> ardchennus, Q N K.                    <sup>109</sup> ar lár.  
<sup>110</sup> —eisdur E, iomarbuster Q.  
<sup>111</sup> gur N K.                    <sup>112</sup> na chiontaibh sin do Q.                    <sup>113</sup> trian E.  
<sup>114</sup> slúaigh E.                    <sup>115</sup> aniffrinn E.  
<sup>116</sup> agciontuibh an díomuis sin go E.                    <sup>117</sup> ardcheanus Q.  
<sup>118</sup> gundh a chloinn E.  
<sup>119</sup> Ró formidiogh, E; formadaoig Q.  
<sup>120</sup> dia (? din) N.                    <sup>121</sup> le Q.                    <sup>122</sup> gur bhea Q.                    <sup>123</sup> do bhearta E N.  
<sup>124</sup> Ioferniger, ioffairnach K, Jofearinger Q.                    <sup>125</sup> uim N.  
<sup>126</sup> luigh E, luig N.                    <sup>127</sup> chutha Q, chúcha N.  
<sup>128</sup> frí hÁ. N; le A. Q.                    <sup>128</sup> dorinise Q; dorinnise N; dorigise E.  
<sup>130</sup> do thoimhleá tú Q.                    <sup>131</sup> eadhon Q.                    <sup>132</sup> go gné galar Q.

### III

#### CRUTHUGHADH NEIMHE AGUS TALMHAN.<sup>1</sup>

*In principio creavit Deus Cælum et Terram* .i.<sup>2</sup> Do-righne<sup>3</sup> Dia neamh agus talamh ar dtúis<sup>4</sup> .i. do-righne cédamus in mais n-éagcrothach<sup>5</sup> agus soilse aingeal isin<sup>6</sup> chéaddomhnach. Do rinne firmameint isan luan. Do rinne talamh agus muir isan mháirt. Do rinne grian agus éasga agus reanna nimhe isan chéadaoin.<sup>7</sup> Do rinne éanlaith an aieóir<sup>8</sup> agus tonntacha<sup>9</sup> na fairrge diardaoin.<sup>10</sup> Do rinne anmhonna<sup>11</sup> an talmhan<sup>12</sup> olcheana agus Adhamh d'fhollamhnacht<sup>13</sup> foruibh isin aoine<sup>14</sup>. Ro chumhsan<sup>15</sup> iaramh isin tsatharn ó<sup>16</sup> oibriughadh a<sup>17</sup> dhúl nua agus do rad<sup>18</sup> beannacht foruibh, agus ní hó<sup>19</sup> fhollamhnacht idir. Is amhlaidh do rinne Dia na dúile: aroile<sup>20</sup> go dtosach agus cin<sup>21</sup> chríoch amhuil aingle; <sup>22</sup> aroile *umorro* go dtosach agus go<sup>23</sup> gcríoch amhail anmhanna indlightheacha<sup>24</sup> agus tairthe<sup>25</sup> an talmhan; aroile<sup>26</sup> *umorro* go dtosach<sup>27</sup> agus go<sup>28</sup> bhfoircheann agus cin fhoircheann<sup>29</sup> amhail atáid na daoine .i. tosach for<sup>30</sup> a ngeineamhuin c[h]orpardha agus foircheann<sup>31</sup> for<sup>32</sup> na corpaibh sin agus cin fhoirchenn for a n-anamaibh. Is amhlaidh *dana* do rónadh<sup>33</sup> an duine<sup>34</sup> .i. Adhamh: a chorp do thalamh choitchenn, a chenn do thír Garadh,<sup>35</sup> a bhrúinne do thír Arabia, a bhrú a Lodáin, a chosa a tír Agoria; a fhuil agus a allus d'uisge<sup>36</sup> an aieoir, a anáil

<sup>1</sup> *Teideal*, E; Obair na sé lá, *Teideal* K; *Teideal ar easnamh*, N Q.

<sup>2</sup> adhon K, adhóin N.

<sup>3</sup> do rin Q, do rin N K *coitianta*.

<sup>4</sup> tús E.

<sup>5</sup> in mhaisneachchruthach N, in mhais neachruthach E, innmhisnach *cruthughadh* K.

<sup>6</sup> san N K Q.

<sup>7</sup> san cc. N K Q; is an c. E.

<sup>8</sup> aedhir N.

<sup>9</sup> tonnaitheacha E, tonntach Q, toithneacha (tó-K), N K.

<sup>10</sup> san d. N K; dath dardaoin Q. <sup>11</sup> anmonna MSS <sup>12</sup> -mhuin N.

<sup>13</sup> do foldamhnacht E; do f., N K. <sup>14</sup> dé haoine Q.

<sup>15</sup> chumsan E. <sup>16</sup> o Q, bo E, hó N K. <sup>17</sup> an Q, na nd. K.

<sup>18</sup> radh E, rádh KN.

<sup>19</sup> bo E; agus . . . idir, *ar lár* Q.

<sup>20</sup> aroil E, airoil N.

<sup>21</sup> go cin Q. <sup>22</sup> aingil N K.

<sup>23</sup> cin Q.

<sup>24</sup> indlightheacha E, indleaghtacha N.

<sup>25</sup> tairthi E.

“Is sia 'ná<sup>86</sup> an Scithia uait í,” ar sé<sup>87</sup> “agus ní sinn féin rices<sup>88</sup> ann<sup>89</sup>, acht ar gclanna i gcionn trí chéd [m]bliadhan.”<sup>90</sup>

Gabhsad<sup>91</sup> rompa iarsin go<sup>92</sup> [rángadar] na Gaothlaighe<sup>93</sup> Meadhónach. Is annsin rugadh mac do Láimhfhionn .i. **Eibher**<sup>94</sup> **Glúinfhionn**. Comharthaidhe<sup>95</sup> geala

<sup>63</sup> uime Q. <sup>64</sup> hionnarbutha E N; -arbadh Q K.

<sup>65</sup> adhnoin Q; Adhnoin E; Aidhnóin N K.

<sup>66</sup> Lamhfhion E; -fhin Q; -finn N.

<sup>67</sup> do bhádar Q; go rabhadur K. <sup>68</sup> athuaidh E. <sup>69</sup> tuaireám E.

<sup>70</sup> duile E; dólc Q; do oic N K.

<sup>71</sup> air feadh K; haimsiora E; -sere Q.

<sup>72</sup> air Nemhóin níor Q; air áir nénior E; air nein óir ba N; air neibhir óir budh K.

<sup>73</sup> ortha N K. <sup>74</sup> míinchinn K.

<sup>75</sup> Ceasp N; Chaisp E.

<sup>76</sup> do raidh E.

<sup>77</sup> mheadradh Q.

<sup>78</sup> -chain E; -chán Q; mheadhráda na muirdhúcháin N K.

<sup>79</sup> no go N K.

<sup>80</sup> atá air sléibhtibh N K; ottá E.

<sup>81</sup> lingsad E; líonsiad Q N; líon siad K. <sup>82</sup> trí hoidhche E.

<sup>83</sup> re N K. <sup>84</sup> go . . . friu Q *amháin*.

<sup>85</sup> atá MSS.

<sup>86</sup> uainn go mór ná Q. <sup>87</sup> agus ionnsaighem . . . ar sé, ar lár N.

<sup>88</sup> riochfus E. <sup>89</sup> inte Q. <sup>90</sup> bliaghain E. <sup>91</sup> Gabhas N.

<sup>92</sup> go ar lár E. <sup>93</sup> go Gaidhealuighe N K.

<sup>94</sup> Eibhir N; Eimhiór E. <sup>95</sup> -thadha E.

bhádur for a ghlúinibh, is de sin do gairmeadh an t-ainm sin de.<sup>96</sup> Isé ba taoisech dóibh tar éis [a] athar.<sup>97</sup>

Mac doséin **Adhnón** Fionn.

Mac dossan **Febhrech**<sup>98</sup> Glas.

Mac doséin **Néual**, mac Febhrigh<sup>99</sup> Ghlais.

Mac dosan **Nuadha**, mac Nénuail.

Mac dosan **Alloidh**,<sup>100</sup> mac Nuadhad.<sup>101</sup>

**Ferchaidh**,<sup>102</sup> a mhac sin.

**Deaghaidh**,<sup>103</sup> mac Ferchadha a mhac sin.

**Brath** mac Deaghaidh,<sup>104</sup> ro-ches mór<sup>105</sup> n-olc agus n-imneadh, agus dob eimhilt<sup>106</sup> fria aiséis gach ar imthigh do<sup>107</sup> chríochaibh ciana coimhghithecha gur ghabh<sup>108</sup> Easbáin ar éigin; gur chuirsed cheithre catha ar chaogaid o thúis go deireadh. Agus ro cumhdaigheadh cathair ann la **Breoghan** mac Bratha .i. Brigancia<sup>109</sup> ainm na cathrach; agus tor for a hionchaibh<sup>110</sup> .i. Tor Breoghain. Agus is ón tor sin ad-ces<sup>111</sup> Éire i bhfeascar<sup>112</sup> geimhridh antan ad-chonnaire Íth mac Breoghain<sup>113</sup> í.

Do bhí mac oirdherc la Breoghan mac Bratha<sup>114</sup> .i. **Bile** mac Breoghain; agus is do san fa mac **Míle**<sup>115</sup> **Easpáine**, mac Bile mic Breoghain. Agus níor mhiadh agus níor mhaisi lais gan a chlu agus a alladh agus a oirdhercas do chlos fán domhan uile, gur ghoin<sup>116</sup> Míle mac Bile Reflóir mac Nemha.<sup>117</sup> Luidh<sup>118</sup> Míle iarsin for loingios,<sup>119</sup> cheithre longa dhóibh, agus chúig lánamhna fichead<sup>120</sup> agus amhas<sup>121</sup> ingach luing díobh. Lodar<sup>122</sup> timchioll na hAsia soir-dhes go hInis Tefrofaine.<sup>123</sup> Ansad trí mhí<sup>124</sup> innti, agus trí mhí eile dhóibh for muir go rángadar Éigipt. I gcionn trí mbliadhan ar chaogaid

<sup>96</sup> is de sin . . . de, ar lár E Q.

<sup>97</sup> ar lár E.

<sup>98</sup> Fionn . . . Febhrech ar lár E.

<sup>99</sup> Adnóin MSS.

<sup>100</sup> Alloid N K, leg Elloith.

<sup>101</sup> Nuadha E; -dhait K N.

<sup>102</sup> leg Earchaidh.

<sup>103</sup> Deag mac Fearchaidh K; leg Death.

<sup>104</sup> U. mac Deghaidh E Q; ar lár N K.

<sup>105</sup> mór brathaidh N K.

<sup>106</sup> eimilt E; imilt N; ar lár Q.

<sup>107</sup> leo do K.

<sup>108</sup> ghaibh N; ghabhadhar Q.

<sup>109</sup> Briaghan cia ainm, sic N; Brancia Q K.

<sup>110</sup> hionn- E.

<sup>111</sup> ad chéis E; adches K; ces . . . antan ad-; ar lár N.

<sup>112</sup> ar oidhche Q.

<sup>113</sup> Breoguin statim N.

<sup>114</sup> ar lár N K.

<sup>115</sup> mílidh E; Mileadh N.

<sup>116</sup> a chlu do chur fán domhan ar ailleacht (allaidh N) 7 air oirdercas ba (do N) clos an uile gar ghoin, etc. Q N K.

<sup>117</sup> Neimidh Q; Nema E N K.

<sup>118</sup> Do luadh E; luaidh N.

<sup>119</sup> líongus K; l. ar muir Q.

<sup>120</sup> deug E.

<sup>121</sup> amhuis, E.

<sup>122</sup> Luaghdar N.

<sup>123</sup> -ainne N; Tefrofania (Tip- K) Q K.

<sup>124</sup> mhíos N K; mís Q; mí E.

[ar thrí<sup>125</sup> chéad] ar mhíle iar gcéadghabháil Éirionn do Phartholón<sup>126</sup> sin ; i gcionn secht mbliadhan ar cheithre chéad iar mbáthadh Fhorainn<sup>127</sup> i Muir Ruaidh rángadar Éigipt antan sin.<sup>128</sup> Forann Nectonibus fa rí<sup>129</sup> Éigipte antan sin, agus isé an sechtmhadh rí dég ar fhichid<sup>130</sup> iarsan bhForann<sup>131</sup> ro báthadh i Muir Ruaidh.

Anais imorro Míle mac Bile isin Éigipt ocht mbliadhna gur fhoghluimsed a mhuintior príomhdhána innte ; [agus<sup>132</sup> tug Forann an dara<sup>133</sup> Scota 'na mnaoi do Mhílidh ara áilleacht agus ara fheabhus agus ar mhéid an chomhghráidh tug sí féin do Mhílidh.] Ceileabhrais Míle don rígh agus triallais<sup>134</sup> for muir an líon céadna, agus Scota inghen Forainn Nectonibus do mhnaoi leis. Luidh iarsin Muir Ruaidh go hInis Tefrofaine, agus ro-ansad ar feadh mís<sup>135</sup> innti. Lodar<sup>136</sup> timchioll sroth[a]<sup>137</sup> India agus Asia, agus timchioll na Scithia Clochaidhe amuigh, agus rángadar<sup>138</sup> fá dheóidh críocha na<sup>139</sup> hEaspáine.

<sup>125</sup> ar th. ch. N K *amháin*.

<sup>126</sup> -loin E.

<sup>127</sup> Forainn E.

<sup>128</sup> antan sin *ar lár* N K.

<sup>129</sup> rígh E ; ríogh K.

<sup>130</sup> fhithciod E.

<sup>131</sup> bhFaronn E.

<sup>132</sup> [agus . . . Mhílidh] Q *amháin*.

<sup>133</sup> tarna Sgota Q.

<sup>134</sup> gluaisios E.

<sup>135</sup> rae annsin feadh míosa N.

<sup>136</sup> luig for sin N ; luaghdar N.

<sup>137</sup> sroth E Q ; for K N.

<sup>138</sup> agus fa dheoid do r. Q.

<sup>139</sup> ciana na Q.

## VII

## TEACHT CLOINNE MÍLEADH GO hÉIRINN.

Iomthusa<sup>1</sup> Íthe mhic Breoghain, isé sin fuair Éire .i. luidh a aonar glainfheascar geimhrídh i mullach tuir Bhreoghain, agus gabhas ag séaghain<sup>2</sup> in [E 13] mhara soirdtuaidh,<sup>3</sup> go bhfacaidh Éire<sup>4</sup> uadha ; agus téid iarsin for gcúla dochum a bhráthar<sup>5</sup> oile, agus innsis<sup>6</sup> dóibh a bhfacaidh.<sup>7</sup> Adubhradar-sen nárbho<sup>8</sup> tír adchonnaire, acht néll ;<sup>9</sup> agus do ghabhadar ag toirmesg Íthe<sup>10</sup> um dhul dá fhéachain,<sup>11</sup> agus níor ghabh Íth sin uatha, acht<sup>12</sup> tug a long for muiri, agus seolais<sup>13</sup> dochum nÉirionn gur ghabh cuan<sup>14</sup> i mbréantrácht<sup>15</sup> Mhuighe hÍthe isin leith<sup>16</sup> thuaidh d'Éirinn. Tángadar daoine dia agallaimh isin trácht sin, agus innsis<sup>17</sup> cách díobh sgéal diaroile<sup>18</sup> trésan mbéarla Scithiach,<sup>19</sup> óir dobudh do chlannaibh Rife<sup>20</sup> dhóibh dibhlínibh. Agus fiafraighes Íth<sup>21</sup> díobh ainm na tíre i rabhsad.<sup>22</sup>

“ **Inis Ealga,** ”<sup>23</sup> ar siad, “ agus atáid trí rígh fuirre<sup>24</sup> .i. Mac Cuill Mac Céacht agus Mac Gréine a n-anmanna.<sup>25</sup>

Agus bádar<sup>26</sup> an lá sin i nOileach Néid, airm i rabhadur a bhráithre<sup>27</sup> i n-imreasan re Mac Gréine, air ro-bhaoi iomarcaidh<sup>28</sup> do sheodaibh Fhiachna mhic Dealbhaoith ina láimh re cian d'aimsir<sup>29</sup> ó bhás Fhiachna gonuige sin. Ráinig iarsin Íth go hOileach Néid, agus dhá dtrian a mhuintire uime, agus ro fearsad<sup>30</sup> na rígh fáilte fris, agus innisid a n-imríosan do. Tug Íth comhairle dhóibh agus adubhairt friu :<sup>32</sup>

<sup>1</sup> Teacht Ith mic Breogáin go hÉirinn : *teid. an ailt seo* K.

<sup>2</sup> seaghaín E, seaghain N, segam K, suighm Q.

<sup>3</sup> soirthuaidh Q, sior óthuaidh K.

<sup>4</sup> E. iathghlas iollánach K.

<sup>5</sup> bhráithre N.

<sup>6</sup> indisios E ; nidisios N.

<sup>7</sup> cread do chonnaire agus gur mhian leis dul da ionsuidhe Q.

<sup>8</sup> nach bho E, ná bo N. <sup>9</sup> ba neall E ; na néill N K. <sup>10</sup> Ith E.

<sup>11</sup> -chuint N. <sup>12</sup> óir Q.

<sup>13</sup> seolaidh E. <sup>14</sup> cuan Q *amháin*.

<sup>15</sup> mbraont. E.

<sup>16</sup> leath N.

<sup>17</sup> inisios E.

<sup>18</sup> cáich díobh sgéala dia air oile N. <sup>19</sup> Sgeitias N ; Sgeithies Q.

<sup>20</sup> Rífidh E ; Rífie Q. <sup>21</sup> Íthe E. <sup>22</sup> arabhsíad E ; a raibhsad N

<sup>23</sup> Alga N ; eagla Q.

<sup>24</sup> ríghthe oruinne N, fóirne K.

<sup>25</sup> -mann N. <sup>26</sup> bhadar E ; do bh. N.

<sup>27</sup> -threach N.

<sup>28</sup> ró bhádar aniomad N. <sup>29</sup> ré ré céin E ; d'aimsir roimhe sin Q.

<sup>30</sup> ró fearádh E.

<sup>31</sup> Rígh E, ríogh N.

<sup>32</sup> leó N

“ Is cóir díbh deaghbhráithreachas do dhénamh, agus is cuibhe<sup>33</sup> ribh deaghmheanma do bheith agaibh ; óir is maith bhur n-insi ; is iomdha a míl agus a meas agus a cruithneacht agus a hiasg agus a hinbhir, agus a hith agus a toradh agus a cnuasaigh ; <sup>34</sup> agus is mesraighthe<sup>35</sup> a teas agus a fuacht ; agus atá a bhforthain<sup>36</sup> uile innti.”

Agus ceileabhraidh Íth<sup>37</sup> dóibh iarsin,<sup>38</sup> agus téid dochum a loinge. [Agus<sup>39</sup> isé dubhairt Tuatha Dé Danann gur shanntuigh Íth an t-oiléan do féin, agus gur chóir gan é do leigion slán tar ais.] Iarsin leanaid drong do<sup>40</sup> Thuathaibh Dé Danann Íth mac Breoghain, gur ghoinsead<sup>41</sup> é i Muigh Íthe ; gur de sin do lean an t-ainm don áit ó shoin ale.<sup>42</sup> Ro siacht<sup>43</sup> Íth cneadhach fuilteach iobharsnach<sup>44</sup> uatha dochum a loinge, agus atbath<sup>45</sup> iarumh for muir. Agus rángadur a mhuintear gusan<sup>46</sup> Easbáin, agus taisbénaid corp Íthe dá bhráithribh agus dá mhuintir archena.<sup>47</sup>

**Eibher** donn agus **Eiremhón** dá mhac Mhíleadh a gcoimheirghe for [an] Easpáin an tan sin,<sup>48</sup> tionsgnaid<sup>4</sup>; techt go hÉirinn, agus isiad so anmanna na ríogh agus n<sup>9</sup> dtaoiseach táinig ann : Bregha,<sup>50</sup> mac Breoghain, a sinser, dia-dtá Magh<sup>51</sup> Bregh ; Cualann<sup>52</sup> mac Breoghain ó-dtá<sup>53</sup> Sliabh Cuailgne ; Bladhma mac Breoghain<sup>54</sup> ó-dtá Sliabh Bladhma ; Fuaid mac Breoghain ó-dtá Sliabh Fuaid ; Muirtheimhne mac Breoghain ó-dtá Sliabh Muirtheimhne ; Lughaidh mac Íthe, táinig do dhíoghail a athar,<sup>55</sup> *a quo* Corca Luighdhe ;<sup>56</sup> Eibhlinne mac Breoghain, ó-dtá<sup>57</sup> Sliabh nEibhlinne ;<sup>58</sup> Buas, Bres agus Buaithe,<sup>59</sup> trí mic Tighernbhaird mic Bregha<sup>60</sup> mic Breoghain ; Nár,<sup>61</sup> *a quo* Ros Náir i Sliabh Bladhma

<sup>33</sup> cuimhe E ; *ar lár* Q.

<sup>34</sup> cnoisag Q ; cnuasadh N K.

<sup>35</sup> measardha N K ; measartha Q.

<sup>36</sup> bhfóirighthin N ; bhforthan E ; bhur bhfóirthint Q. <sup>37</sup> Íthe N.

<sup>38</sup> iair sin N *statim*. <sup>39</sup> Q *amháin*. <sup>40</sup> drong do Q *amháin*.

<sup>41</sup> gur goineadh leo ca(=é) Q. <sup>42</sup> gur de . . . ale, Q *amháin*.

<sup>43</sup> Ró siacht E ; ro chuaidh Q ; ró theas Íthe N ; ro theacht Íthe K.

<sup>44</sup> ibharsnach E ; ibersnach N Q ; ibernach K. <sup>45</sup> ad bhath N.

<sup>46</sup> for N. <sup>47</sup> [agus do ghlac fearg mhór iad] Q.

<sup>48</sup> so Q. <sup>49</sup> -gnadh E ; -gnaidh N.

<sup>50</sup> Brágha E ; Bratha Q ; Brága N K. <sup>51</sup> madh E ; maigh K.

<sup>52</sup> -lán K. <sup>53</sup> ó ttá E. <sup>54</sup> -gain K *statim*. <sup>55</sup> dhíoghail a athair E.

<sup>56</sup> corclaidhe, corca luidhe Q ; Corca Lúigh, Corcaluigh K

<sup>57</sup> *a quo* N. <sup>58</sup> sliabh E. N. <sup>59</sup> Luaighne N ; luathne K ; buaine Q.

<sup>60</sup> braidhe E ; baidhre N. <sup>61</sup> *ar lár* Q K.

Fulmán;<sup>62</sup> agus Manntán,<sup>63</sup> agus Suirghe a mhac; agus Caichér<sup>64</sup> mac Manntáin; Er, Orba, Fearón,<sup>65</sup> Feargna, cheithre mic Éibhir mhic Mhiledh; Én<sup>66</sup> agus Ún agus Eatan;<sup>67</sup> Lughaidh mac Bregha<sup>68</sup> mic Breoghain; Sobhairce, ní fheadamair a athair; Bile mac Bregha<sup>69</sup> mic Breoghain; Míle<sup>70</sup> Easpáine gona ocht macaibh; Éibher<sup>71</sup> agus Eiriomhón agus Ír, agus Donn in rí, Aimhirgin<sup>72</sup> an file, Colptha agus Airech Feabhra Ruaidh,<sup>73</sup> agus Erannán<sup>74</sup> in sóiser. Cóig mic<sup>75</sup> Eiriomhóin .i. Muimhne,<sup>76</sup> Luighne, Laighne,<sup>77</sup> [Bregha], agus Irial Fáidh, acht is i nÉirinn rugadh Irial Fáidh; énmhac Ír mhic Mhíleadh .i. Eibher; agus<sup>78</sup> isiad sin an da fhíched<sup>79</sup> tángadar i nÉirinn, agus<sup>80</sup> Míle Espáine, agus Uige agus Oige<sup>81</sup> dhá mhac Nenuaill.

Tángadar mórloinges mac<sup>82</sup> Míledh do ghabháil Éireann<sup>83</sup> i nInbher Sláinghe, agus níor léigsead Tuatha Dé Danann i dtír iad; oir<sup>84</sup> dealbhaid<sup>85</sup> tré dhraoidhecht gurbha dhruim<sup>86</sup> [E 14] muice Éire<sup>87</sup> ar a gcionn. Is de sin atá **Muicinis** d'ainm for Éire.<sup>88</sup> Timchiollsad Éire fó thrí; gonadh aire sin tángadar i dtír i nInbher Scéine. Tiaghaid<sup>89</sup> iarsin go Sliabh Mis, agus tarla **Banbha**<sup>90</sup> dhóibh ann<sup>91</sup> gona sluaghaibh draoidhechta agus amhainseachta maille ria.<sup>92</sup> Ro fhiafraigh Aimhirgin<sup>93</sup> an file dhi:

“Cáidhe t'ainmse?” olsé.<sup>94</sup>

“Banbha,” olsí, “agus is uaim ainmnighther an inis seo .i. Inis Banbha.”

“Tiaghaid iarsin go Sliabh nEibhlinne,<sup>95</sup> agus tarla **Fódlá**<sup>96</sup> dhóibh ann agus do fhiafraigh an file dhi:

“Cáidhe hainmsi?” olsé.

<sup>62</sup> -mann K.

<sup>63</sup> -tann K; -tan Q.

<sup>64</sup> caiceir E; caicer K; -chéar N.

<sup>65</sup> -ran É; -ronn K.

<sup>66</sup> Éin N K.

<sup>67</sup> Eiteann N; Eatann K.

<sup>68</sup> bríde E; bríghde K.

<sup>69</sup> brídhe E; brighde N.

<sup>70</sup> Míleadh E.

<sup>71</sup> eimher É; eibhir N.

<sup>72</sup> -gín N.

<sup>73</sup> fabhraruadh N K.

<sup>74</sup> -nnain E; Eireanan Q.

<sup>75</sup> chóig mhic N.

<sup>76</sup> Muighne N K.

<sup>77</sup> Luidhne E; Luaighne N K.

<sup>78</sup> oir E.

<sup>79</sup> .xl. E; .lx. N; na trí .xx. rígh 7 taoiseach K.

<sup>80</sup> .i. E.

<sup>81</sup> Uighe 7 Oighe K.

<sup>82</sup> mhic N.

<sup>83</sup> ar lár E.

<sup>84</sup> agus E.

<sup>85</sup> do dhealbhadar Q.

<sup>86</sup> gurba d. E; mar ba d. Q; gurab dh. K.

<sup>87</sup> do bhí É. E; muice an toilean os Q.

<sup>88</sup> air É. N; air Eirinn K.

<sup>89</sup> tigid Q.

<sup>90</sup> Banba N *Statim.*

<sup>91</sup> ar lár N K.

<sup>92</sup> fhria E.

<sup>93</sup> -gín N.

<sup>94</sup> oilse Q N.

<sup>95</sup> Naibhlinne N.

<sup>96</sup> Fódhla E.

<sup>97</sup> cia E.

“ Fódla m’ainm,”<sup>98</sup> ar sí, “ agus is uaim ainmnighther an inis so .i. Inis<sup>99</sup> Fódla.”

Rángadar assin go hUisnech Midhe, go bhfuaradar **Éire**<sup>100</sup> ann.

“ Caidhe th’ainmse ? ” ar an file.

“ Éire mh’ainmse,” ar sí,<sup>101</sup> “ agus is uaim ammnighther an inis so .i. Éire.”

Do-chuadar iarsin go Liathdruim<sup>102</sup> .i. go Teamhair,<sup>103</sup> agus fuaradar annsin Ethóir, Tethóir agus Cethóir<sup>104</sup> gona sluaghaibh draoidheachta iompa; agus iarraid clanna Míledh cath nó ríge<sup>105</sup> forra. Agus adubhradar Tuatha Dé Danann :

“ Do-bhéramne amhuil ad-bhéara<sup>106</sup> bhur bhfile féin díbh, agus dia ruga doibhreith<sup>107</sup> orainn budh marbh linne é.”<sup>108</sup>

Agus isí breith rug an file eatorra .i. dul do mhacaibh Míledh tar naoi dtonnaibh don mhuir amach tar a n-ais, agus muna dheachdaois<sup>109</sup> dia n-aimhdheóin i dtír ar Thuathaibh Dé Danann gan Éire d’iarraidh go bráth.<sup>110</sup>

“ Diamadh<sup>111</sup> í mo chomhairlesi do dhéantaí<sup>112</sup> libh ” ar Donn mac Míledh, “ is cath do-bhērthaoi dhóibh.”

“ Dá ndeachtaí tar<sup>113</sup> an mbreitheamhnas do rinnedh eadraibh,” ar Aimhirgin “ do rachadh Éire uaibh<sup>114</sup> go bráth.”

Do-chuadar<sup>115</sup> clanna Míledh a Teamhair<sup>116</sup> go hInbher Scéine<sup>117</sup> tar naoi dtonna mara<sup>118</sup> amach, agus focearsad<sup>119</sup> draoithe Thuath Dé Danann draoidhecht<sup>120</sup> ’na n-aghaidh, gur tógbhadh an mhuirghrian íochtrach<sup>121</sup>

<sup>98</sup> mainmse K.

<sup>99</sup> ar lár E.

<sup>100</sup> go dtarla Eire dhóibh K.

<sup>101</sup> ar an bhean K.

<sup>102</sup> liatruim E; -trom N K.

<sup>103</sup> teamhrach E; -mhraigh N.

<sup>104</sup> Etor, tetheoir 7 Cathaoir N; Eatór, teithoir 7 ceithoir K; agus do tharla na trí rígh ortha annsin .i. MaghCuill Mágh céacht 7 Mac Greine Q.

<sup>105</sup> righeacht Q.

<sup>106</sup> do béaraid N; dfeartheadh K; do bhiamarna modhla bhur bfilidhe Q.

<sup>107</sup> doibhreath N; da mbertheadh anbhreith K; da mbeiruid dóghbhreith Q.

<sup>108</sup> marbh ó chomhachta ar ndéithe iad gan moill Q.

<sup>109</sup> tteachdaois N; ttagadís K.

<sup>111</sup> Dia ní N; dá ndéintígh mo ch. K.

<sup>110</sup> brách N.

<sup>113</sup> -thaoi air N K.

<sup>114</sup> ar lár E.

<sup>112</sup> -tuighe E.

<sup>116</sup> ateamhrach E, -raigh N; ó th Q K.

<sup>116</sup> do bhadar N.

<sup>117</sup> do chuadar annsin tar Q.

<sup>118</sup> don mhuir Q.

<sup>119</sup> fa chearsiad Q, fá cersad N; fá chuirsiad K.

<sup>120</sup> -echta E.

<sup>121</sup> iacht- E.

for uachtar na mara aca. Ba sí méid na hainbhthine<sup>122</sup> do cuireadh fuirri go rug an ghaoth siar gach<sup>123</sup> ndíreach iad, gurbha sgítheach tuirseach iad.

“Gaoth druadh so,<sup>124</sup>” ar Donn mhac Míledh.

“Iseadh ón,” ar Aimhirgin.

Luidh Erannán,<sup>225</sup> sóisior mac<sup>126</sup> Míledh isin tseólchran go dtorchair<sup>127</sup> as an seólchran fó chláraibh na loinge, gurbha<sup>128</sup> marbh fochédóir.

“Is meabhal<sup>129</sup> d’ar n-aos dána,” ar Donn mhac Míledh, “nach<sup>130</sup> toirnid an draoidhecht uainn.”

“Toirnfídh linne,” ar Aimhirgin, la héirghe ’na sheasamh; agus do rad<sup>131</sup> finnfhéith<sup>132</sup> dóibh forsan bhfairge, gurbha chaomhchlár ciumhaisréidh in cuan uile. Agus adubhairt Donn mac Míledh:

“Do-bhéarsa,” ar sé, “in tír fo<sup>133</sup> ghin<sup>134</sup> gai agus cloidhimh, acht go rosar í.”<sup>135</sup>

Ro dhealuigh<sup>236</sup> in ghaoth airsín an long i raibhe<sup>137</sup> Donn riu, agus ro báthadh Donn in rí ag na dumhchaibh<sup>138</sup> dia n-abarthar Teach Duinn.<sup>139</sup> Ceathrar ar fhichid<sup>140</sup> d’fhearaibh, agus dá mhnaoi dhéag, agus cheithre hamhais agus cheithre ghiolla isé líon ro báthadh isin luíng sin.

Lodar meic<sup>141</sup> Mhíledh [i dtír] i nInbher Scéine agus i nInbher Fhéile. Luidh<sup>142</sup> Eiremhón lámh chlé fria<sup>143</sup> hÉirinn gur ghabh cuan i nInbher Cholptha.<sup>144</sup> In treas laithe<sup>145</sup> dhóibh<sup>146</sup> iar dtiachtain<sup>147</sup> i nÉirinn do fhearsad<sup>148</sup> cath Sléibhe Mis for Tuatha<sup>149</sup> Dé Danann. Is annsin do-rochair<sup>150</sup> Fás<sup>151</sup> ben Uin mhic Uige<sup>152</sup> dia-dtá Gleann Fáis; agus a torchair<sup>153</sup> Scota<sup>154</sup> bean Míledh Easpáine dia-dtá feart Scota<sup>155</sup> idir Shliabh Mis

<sup>122</sup> hainbhfinne E; hanbhfuinne N K; gaoithe sin Q.

<sup>123</sup> gacha K; go N.

<sup>124</sup> annso E; í seo Q.

<sup>125</sup> Aranán E N; Aranáin K; Iaranan Q. <sup>126</sup> na mac sin Mh. N.

<sup>127</sup> gur torcharadh K. <sup>128</sup> gur ba E. <sup>129</sup> -bhúil E.

<sup>130</sup> agus ná coisgid an ghaoth druadh so dhín iarsín do [ei]righ Aimh., agus adubhairt; Fin féith dhóibh for muir Q.

<sup>131</sup> rádh E; read N. <sup>132</sup> finn féith E N; raid finn fath K.

<sup>133</sup> liom fo Q. <sup>134</sup> ghuin E.; ghein N.

<sup>135</sup> roichtir inninnsi E; roichtior N; roichfam K. <sup>136</sup> gheillidh N.

<sup>137</sup> raibh N. <sup>138</sup> dubha mhacaibh K. <sup>139</sup> nDuinn Q; Dhuinn N.

<sup>140</sup> fhithchiod E. <sup>141</sup> mhic N; mac E; maca Q.

<sup>142</sup> luaidh E; luaig N. <sup>143</sup> le N. <sup>144</sup> Colpá E.

<sup>145</sup> láithe N. <sup>146</sup> dhó N. <sup>147</sup> tteacht N.

<sup>148</sup> fhreasadh N. <sup>149</sup> air Th. N.

<sup>150</sup> do rachair Q; do reachuir N. <sup>151</sup> Fas E. <sup>152</sup> Oige E.

<sup>153</sup> do reachuir N. <sup>154</sup> Scóta N K. <sup>155</sup> Gleann Scoithín Q.



agus muir san ghleann chédna. Tiaghaid<sup>156</sup> iarsin go Tailltin,<sup>157</sup> agus ro fhersad<sup>158</sup> cath Taillten<sup>159</sup> fri<sup>160</sup> Tuatha Dé Danann, go<sup>161</sup> dtorchair trí rígh<sup>162</sup> agus trí ríoghna [E 15] do Thuatha Dé Danann ann. Agus bhádar<sup>163</sup> go fada ag in iomthuargain<sup>164</sup> sin, ó mhaidin go nónaidh;<sup>165</sup> agus ro mheabhaidh for Tuatha Dé Danann, iar dtuitim a dtrí ríogh agus a dtrí ríoghán,<sup>166</sup> agus a dtuargain uile acht madh begán i medhón in chatha. Agus ro leansad go muir iad. Agus do thuiteadar dhá<sup>167</sup> thaoiseach do chlannaibh Míledh Easbáine isin gcathsin .i. Cuailgne i Sliabh<sup>168</sup> Cuailnge agus Fuad i Sliabh<sup>168</sup> Fuaid. Deich taoiseach a n-easbaidh for<sup>169</sup> muir agus for<sup>169</sup> tír gonuige sin<sup>170</sup> .i. Donn agus Bile agus Aireach Feabhra,<sup>171</sup> Breas agus Buas agus Buaidne, Cuailgne, Ír agus Earanán<sup>172</sup> agus Fuad. Isiadsin a n-easbaidh dia ndeaghdhainibh ginmothā<sup>173</sup> a mná agus a miondaoine. Agus innisid éolaigh gurab<sup>174</sup> seisior ar thriochaid<sup>175</sup> taoiseach tángadar<sup>176</sup> meic<sup>177</sup> Mhíledh i nÉirinn. Sé longa triochad<sup>178</sup> leó agus ceathrar ar fhichid<sup>179</sup> do mhoghaibh;<sup>180</sup> agus long ag gach moghaidh;<sup>181</sup> agus ceathrar moghadh la gach mogh<sup>182</sup> díobh ina luing; agus deichneabhar caithmhíledh,<sup>183</sup> agus trí chéd amhus, agus trí chéd<sup>184</sup> bean [líon<sup>185</sup> na long sin]. Donn mac Míledh ríthaoiseach na long<sup>186</sup> sin; agus ro báthadh Donn ag na dumhchaibh ag Tigh<sup>187</sup> Dhuinn. Ro ghabh a shóisior a chuid ríge dia éis .i. Éibher Fionn mac Míledh Easbáine; agus do roinneadh<sup>188</sup> Éire i ndó<sup>189</sup> idir Éibher agus Éiremhón, agus gabhais<sup>190</sup>

<sup>156</sup> tiagaid E; tigid Q N. <sup>157</sup> -ten E; Tailtean Q; Taillthan K.  
<sup>158</sup> do fearadh Q. <sup>159</sup> -tin E; Taltenn N. <sup>160</sup> ria K; fria N.  
<sup>161</sup> ar lár E. <sup>162</sup> ríogh E.  
<sup>163</sup> do ró bh. N; ro bhádar treimhse fhada K. <sup>164</sup> comhth-K.  
<sup>165</sup> nonaigh E; nonaig N; nóna K.  
<sup>166</sup> rioghain E; ríoghna N K; Rioghana 7 a muintere acht beagán etc. Q.  
<sup>167</sup> da E; dá K. <sup>168</sup> ó sh. N K. <sup>169</sup> air N K. <sup>170</sup> gusín E.  
<sup>171</sup> agus F, K; F. ruadh N.  
<sup>172</sup> Arannán N; earanainn E; Eirinan K.  
<sup>173</sup> gin móthaid E; gan motha Q; gin mhothaidh N K.  
<sup>174</sup> gur K.  
<sup>175</sup> air triochád E; colaithe agus seanchaidh gur Q; xxxat N.  
<sup>176</sup> do tháinig K N. <sup>177</sup> le macaibh N. <sup>178</sup> triucha N.  
<sup>179</sup> ochtar 7 dafthid Q. <sup>180</sup> mhodhadhuibh E, modhaibh N.  
<sup>181</sup> madhadh E; Mógá N; Moghadh K.  
<sup>182</sup> Mógadh N; módh E. <sup>183</sup> do chathmhíleibh E.  
<sup>184</sup> agus céad Q. <sup>185</sup> Q amháin. <sup>186</sup> luingsin (? luingsesin) E.  
<sup>187</sup> teagh N; tech K; atá aige Tech nDuinn Q. <sup>188</sup> rionnadh E.  
<sup>189</sup> an dhá chuid K. <sup>190</sup> -bhuidh E.

Éiríomhón an leth tuaidh [ó<sup>191</sup> Bhóinn go Srúibh Broin budh thuaidh, agus ón dteórainn chéadna budh dheas go Toinn Clíodhan ag Éibher. Agso mar adeir an seanchaidh ar an roinn sin :

Ar an leith thuaidh, bert gan bhrón,  
gabhais an fhlaith Eireamhón  
ó Shrúibh Broin, buadhach an roinn,  
tar gach mbuidhinn go Bóainn.<sup>192</sup>

Éibher mac Míledh go raith  
do ghabh an leth thes degmhhaith ;  
ó Bhóinn fuair, fa cert an roinn,  
go tuinn inghine Ghenuinn.]

Agus is dá chloinn [.i. Eireamhóin] na teóra<sup>193</sup> Connachta agus Uí<sup>194</sup> Néill in tuaiscirt, agus Uí<sup>194</sup> Néill Breagh [.i.] in deiscirt, agus Airghialla,<sup>195</sup> agus na Déisi agus Laighin, Osraighe, Érna,<sup>196</sup> Orbhraighe, agus Fotharta,<sup>197</sup> agus Dál Riada, agus Dál bhFiachaidh, agus Ulaidh agus ríoghradh Alban, Síol Chonaire uile archena ; clann Aonghusa mic Eirc, agus Ferghusa mic Eirc agus Loairn<sup>198</sup> mhic Eirc, síol Chonaire<sup>199</sup> sin i nAlbain ; agus a shíol i nÉirinn, Muscraighe agus Corca Dhuibhne agus Corca Bhaiscne.<sup>200</sup> Síol Éiríomhóin iad sin ginmothā<sup>201</sup> a miontuatha.<sup>202</sup>

Ro ghabh Éibher an leath<sup>203</sup> thes ; agus is dá chloinn na hEoghanachta, eadhōn Eoghanacht Chaisil,<sup>204</sup> Eoghanacht Locha Léin, Eoghanacht Raithleann, Eoghanacht Ghleannamhnach, Eoghanacht Arann, Eoghanacht<sup>205</sup> Ruis Airgid, agus Leamhnaigh Alban. Agus is dá chloinn mar an gcéadna, Dál<sup>206</sup> gCais agus Dál gCéin agus Dál nDealbhna ;<sup>207</sup> síol Éibhir insin. Lughaidh mac Íthe<sup>208</sup> mic Breoghain is uadha Corca Luighdhe,<sup>209</sup> agus Dartraighe ; agus<sup>210</sup> Calraighe ó Lughaidh Cal.<sup>211</sup>

<sup>191</sup> an t-alt so K amháin, vid Forus Feasa Chritinn I.T.S, II, lch. 96. *Sliocht as san an chuid eile de K annso, (go dtí I.T.S., II, lch. 108).*

<sup>192</sup> go tuinn inghine Ghenuinn K. <sup>193</sup> tera E. <sup>194</sup> Ua E ; Ó, N.

<sup>195</sup> airghaill E. <sup>196</sup> Eárnuighe N. <sup>197</sup> Fothairt MSS.

<sup>198</sup> Loarn E. <sup>199</sup> Daire isin N. <sup>200</sup> Bhaisginedh E. <sup>201</sup> gin motha E.

<sup>202</sup> -thaibh N. <sup>203</sup> leith E. <sup>204</sup> síol E.

<sup>205</sup> Arann Eoghanacht, ar lár N. <sup>206</sup> dal sic E.

<sup>207</sup> daldealbha E. <sup>208</sup> iotha E. <sup>209</sup> laidhe E.

<sup>210</sup> na Call- E. <sup>211</sup> cal sin E.

Síol Luighdheach<sup>212</sup> insin. Ír mac Míledh is dá chloinn Rudhraighe *mac Sithrighe*; <sup>213</sup> agus Fearghus mac Rudhraighe gona ioltuathaibh; agus Conall Cearnach gona ioltuathaibh.<sup>214</sup> Agus dá dhearbhadh sin adeir<sup>215</sup> an file :

Eireamhón, Eibher, Ír uasal  
Aimhirgin Colptha Donn dian  
Lughaidh mac Íthe mic Breoghain  
dia dtá gan mheabhail a mian.<sup>216</sup>

Is uatha,<sup>217</sup> ní crannda in cuire,  
clanna na gcuradh giodh cian  
as gach tír in<sup>218</sup> líon<sup>219</sup> ro laoidheadh  
is díobh síol Gaoidheal<sup>220</sup> na ngiall.

Iarsin ro roinn Éibher agus Eiremhón<sup>221</sup> Éire i ndó etorra, agus bhádar i gcóimhrighe<sup>222</sup> agus i gcomhflaithios .i. an ríge theas ag Éibher, agus an ríge thuaidh ag Eiremhón.<sup>221</sup> Agus bhádar dias d'aos<sup>223</sup> dána leó .i. file agus cruitire. Cir mac Ois<sup>224</sup> ainm an fhiledh, agus Eicinn Fionn<sup>225</sup> ainm an chruitire. Agus cuirid crannchur etorra iompa, agus ráinig an cruitire go hÉibher, [ionnus<sup>226</sup> go bhfuil buadh le téidbhinnios ceoil ag an taoibh theas; agus ráinig an file Eireamhón ionnus go bhfuil buadh le dán ag an taoibh thuaidh.]

Robiad<sup>227</sup> so na taoisigh ráinig an leath<sup>228</sup> theas maille re hÉibher<sup>229</sup> .i. Lughaidh mac Íthe agus Edán<sup>230</sup> mac Uige, agus Ún mac Uige, Caichér agus Fulmán. Agso na taoisigh ráinig an leath thuaidh maille re hEiriomhón .i. Éibher<sup>231</sup> mac Ír [E 16] agus Aimhirgin, Goisten,<sup>232</sup> Séadgha,<sup>233</sup> Sobhairce agus Suirghe, óir is mar sin do roinnsed<sup>234</sup> a dtaoisigh.

Boī iomchosnamh idir Éibher<sup>235</sup> agus Eiremhón<sup>236</sup> um

<sup>212</sup> Luigach E.

<sup>214</sup> agus . . . ioltuathaibh, *ar lár* N.

<sup>216</sup> mhiann N; amhain Q.

<sup>219</sup> líonn laoidheadh Q.

<sup>222</sup> accomhrighacht Q.

<sup>225</sup> Fheicin Fhinn Q.

<sup>226</sup> *sic* Q; agus an file go hEiremhón E N; *tuairisg Céitinn atá ag* K.

<sup>227</sup> Ro bhiad E.

<sup>230</sup> Éidhin N.

<sup>231</sup> ronnsad E.

<sup>234</sup> ronnsad E.

<sup>228</sup> tír N; theas *ar lár* E.

<sup>231</sup> Eimhir E.

<sup>232</sup> Goisgidh E.

<sup>235</sup> Eibhir E.

<sup>213</sup> Sitridhe E.

<sup>215</sup> mar adeir Q.

<sup>218</sup> ní É.

<sup>221</sup> -mhoin E.

<sup>224</sup> óis E; Naois Q; Nois N.

<sup>229</sup> hEimher E.

<sup>233</sup> Seaghdha E.

<sup>236</sup> -mhóin E; um an r. *ar lár* Q.

an ríge<sup>287</sup> go dtarla [imreas] dóibh im na trí druimnibh ba fhearr i nÉirinn intansin .i. Druim Chlassach<sup>288</sup> i gcrích Maine, agus Druim Beathaigh i Maonmhuigh, agus Druim Finghin i Mumhain. Do cuireadh cath eitorra. Mebhais an cath for Éibher,<sup>285</sup> agus do-chear ann; agus at-torchair ann Suirghe agus Sobhairce agus Goisten.<sup>289</sup>

Léigfeam siol Éiremhóin sechaimn go fóill, agus leanfaim do shíol Éibhir Fhinn.

<sup>287</sup> rígh N.<sup>288</sup> Chlassarach E.<sup>289</sup> Goussén E; accoisgen Q.

San MS 23 G 22 Ga 1 n-*ronad an chuntais tuas ar Ghabháil Chéicinnis Múcaán tá leagan reothugháite de chuntais Mhicéil Uí Chéicínigh. An meá saé tar eis a ábheirídh ag Macalister agus Mac Neill.*

Do bhádar an da mhac so Mhíledh i. Éibher agus Eiriombon bhádhain i gcómhfhighe agus i gcómhfhlanthes go dtarla imreas eatortha im na trí éromaibh is fearr tharla i nÉirinn .i. Druim Claisigh i gcrích Maine, Druim Beathaigh i Maonmhuigh, agus Druim Finghin i Mumhain. Cuirthor cath eatortha go ábheas i nUibh Failghe ior brú [Bearbha] ag Tochar da Mhagh. Bristir an cath for Éibher gur thuit ann, ambaill [as]-bert [an éile]:

A eolcha Bannha go mbTáidh  
an bhfaghbhádh no an bhfeadabhair  
cúdh [da d'tádsat [an] cath cron  
Éibhir agus Eireambon ?

Innísed daoibh sonna soim  
an ma ndernadh iorghail  
um na trí druimnibh go dreim  
as deach bhádar i nÉireinn.

Druim Finghin Druim Clasach cain  
Druim Beathaigh i gConnachtaibh  
ós gcosnamh-san, ní far so  
ro-lá[dh] a n-ár, a eolcha

(*Cm. Céitann II, lch. 104*)

Tea tra, inghen Lughaidh mhac Ithe ba chéile Eiriombon. Isí an Tea sin do roghbadh mar roghain i nDruim Chaoin [i.] i Liathdruim san Mhadbe gurab narthe rairtor Teambair léi .i. mair Tea.

Do dbail Eiriombon, tar éis mharbhtha Éibhir, Coige Laighen do Chromhthán Sgiathbhéal do Dhombha[nn]chaibh .i. d'Fhearaibh Boig. Do rad Coige Mumhan do cheathre mhac Éibhir .i. Er, Orba, Fear[?] agus Fearma. Do rad Coige Connacht d'Ún agus, d'Eatan, agus do rad Coige Uladh d'Éibhir mhac Ir. *Sé Ga.*

## VIII

## CRAOBHSCAOILEADH SLEACHTA ÉIBHIR.

CRAOBHA COIBHNEASA<sup>1</sup> AGUS CRAOBHSGAOILEADH AGUS  
GEINEALACH<sup>2</sup> **Sleachta Éibhir Fhinn Mhic Míleadh**  
**Easbáine Annso Síos** ; an méad<sup>3</sup> fuaramar re a  
gcur síos díobh annso go soiléir<sup>4</sup> fírinneach.<sup>5</sup>

Éibhear Fionn, mac Míleadh Easbáine, chúig mic  
lais<sup>6</sup> .i. Er,<sup>7</sup> Orba, Fearón<sup>8</sup> agus Feargna. Dil ingean  
Mhíleadh<sup>9</sup> máthair an cheathrair sin, agus níor síoladh  
ó neach díobh. **Connhaol**<sup>10</sup> mac Éibhir,<sup>11</sup> an cúigeadh  
mac d'Éibher,<sup>12</sup> mhac Míleadh Easbáine ; agus-is uadha<sup>13</sup>  
atáid clanna<sup>14</sup> Éibhir ingach dú i-dtáid.<sup>15</sup> Inghean  
Reflóir mic Neamhnain<sup>16</sup> mic Bregha<sup>17</sup> mic Breoghain  
máthair Chonmhaoil mhic Éibhir.

Connhaol mac Éibhir céad-ri Éirionn a Mumhain.<sup>18</sup>  
Triochoa bliadhan dó i ríge nÉirionn, agus is leis at-  
torchair<sup>19</sup> Eithriail mac Iriail Fáith<sup>20</sup> mhic Eiremhóin i  
ndíoghail a athar, agus isé do bhris chúig catha fichead<sup>21</sup>  
for clannaibh Eiremhóin, agus isé do mharbh Palp<sup>22</sup> mac  
Eiremhóin. Agus is aire ad-bherar Connhaol fris .i. rí  
na gcon, air ní raibhe rí ba chonchaire<sup>23</sup> 'ná é i nÉirinn  
fá'n am sin.<sup>24</sup>

Aonmhac le Connhaol .i. **Eochaidh Faobhairdhearg.**

Dhá mhac le hEochaidh<sup>25</sup> Faobhairdhearg .i. **Nuadha**  
**Deghlámh**<sup>26</sup> agus Nia Feibhis.<sup>27</sup> Agus is ón Nuadha sin

MSS don chuid seo : E, Q, N. Tagann 23 G 22 (Ga) *isteach tamall*  
*beag thíos. An chuid seo ar easnamh K, a thosnuigheann ar na Geineal-*  
*aigh annso.*

<sup>1</sup> caoibhneasa MSS. <sup>2</sup> -ealcha Q. <sup>3</sup> mhéid E. <sup>4</sup> soilseach s. N.  
<sup>5</sup> [mar leanas.] N ; soiléir glan gan aon neach díobh do dhearmad,  
etc. Q.

<sup>6</sup> ceathrar mac leis N ; ceithri *anuas* ar cúig Q. <sup>7</sup> Éir N.

<sup>8</sup> Fearon E. <sup>9</sup> Maoil mhic Eibhir N.

<sup>10</sup> -mhaoil E ; níor síoladh díobh acht C. mhic Eibhir N.

<sup>11</sup> Eimhir E. <sup>12</sup> do Eimher Q. <sup>13</sup> uaithá E ; uatha N ; uaidh Q.

<sup>14</sup> clann N. <sup>15</sup> atáid MSS. <sup>16</sup> Neamnain N ; neamnáin E.

<sup>17</sup> bridhe E ; bríghde N. <sup>18</sup> Connhaol . . . Mumhain, *ar lár* Q.

<sup>19</sup> dorchair N ; do torchair E.

<sup>20</sup> Eithriail *fathaigh* N ; Iriail *fathaigh* E. <sup>21</sup> agus da fithid Q.

<sup>22</sup> Pailp Q. <sup>23</sup> *budh* c. E ; conaire N. <sup>24</sup> an aimseir fein Q.

<sup>25</sup> *ar lár* E. <sup>26</sup> -laimh E. <sup>27</sup> mo feibhis Q ; niadh Féibhíos N.

atáid Siol Éibhir uile agus na hEoghanachta ; agus gach rí dar ghabh Éire do shíol Éibhir,<sup>28</sup> ginmothā<sup>29</sup> Eochaidh Mumha,<sup>30</sup> Nia Feibhis mac<sup>31</sup> Eochaidh Faobhairdheirg,<sup>32</sup> agus Éanna Airgtheach mac Eochaidh Mumha.

Nia Feibhis<sup>31</sup> mac Eochaidh Faobhairdheirg, dhá mhac lais .i. **Eochaidh Mumho** agus **Moghaoth**<sup>33</sup> Móireolach. Eochaidh Mumho *a quo* Mumho, uair is uadha adeirthear Mumho. Nó, Eochaidh 'mumhó' .i. mó a mhaoin oldás gach maoin oile, .i. mó a ghreim agus a chomhachta oldás comhachta<sup>34</sup> gach ríogh eile i nÉirinn i gcomhaimsir<sup>35</sup> fris. Nó, Mumhó .i. 'mó a hana'<sup>36</sup> inás<sup>37</sup> [E 17] ana gach cóigidh<sup>38</sup> oile i nÉirinn ; dōigh is innti do hadhradh<sup>39</sup> baindia an tsonasa .i. Ana a hainmsidhe .i. in Mhór-ríoghain<sup>40</sup> inghean an Daghdha. Agus<sup>41</sup> i Siodh<sup>42</sup> nAnand do bhíodh, *a quo* Sídh nAnand ós Luachair Deadhaidh.<sup>43</sup> Agus ba haonrí Éirenn<sup>44</sup> fiche bliadhan an tEochaidh Mumho sin mac<sup>45</sup> Niadh<sup>46</sup> Feibhis. Nó, Muimhnech .i. 'mó nech' díobh oldás gach neach oile.

Mac don Eochaidh Mumho sin<sup>47</sup> **Eanna Airgtheach**, mac Eochaidh Mumho. Ní hoirdherc a chlann acht hÍ Dhuach<sup>48</sup> i ndíthribh Chonnacht ; agus is díobh sin Uí Chormacáin<sup>49</sup> i gCorca Dhuibhne, agus Uí Rónáin i bhFearaibh Breg, agus hÍ Laoghaire i Muscraige Treithirne, agus hÍ Chairbre i nEoghanacht Raithlend.

**Moghaoth** Mór-eolach,<sup>50</sup> indara mac do Nia<sup>51</sup> Feibhis, isé ro-ba mó daoithin óil dá mbí[odh]<sup>52</sup> i nÉirinn ina aimsir,<sup>53</sup> air ba hionmhuin lais iomarcaidh dighe do ghrés.<sup>54</sup>

Nuadha Deghlámh,<sup>55</sup> mac Eochaidh Faobhairdheirg, mic Conmhaoil, mac do sin **Glas**.

Mac do<sup>56</sup> Ghlas so **Rosa**.

Mac do Rosa **Roithechtach**.<sup>57</sup>

Mac do Roithechtach **Eireo Arda**.<sup>58</sup>

<sup>28</sup> agus na hEogh . . . . Éibhir, *ar lár* Q. <sup>29</sup> gin mhatha N.

<sup>30</sup> -mhan Q ; -mhuin N. <sup>31-31</sup>, *ar lár* Q. <sup>32</sup> -dhearg E.

<sup>33</sup> mogaoith N ; Q *measg go mór annso*. <sup>34</sup> chumhachta E.

<sup>35</sup> -sior E. <sup>36</sup> as mó thana Q ; mó haná N. <sup>37</sup> inas E ; ionas Q.

<sup>38</sup> -geadh E. <sup>38</sup> náodhradh E ; ró ádhradh N.

<sup>40</sup> mór rioghain E ; an mhór ríoghda N.

<sup>41</sup> *an abairt seo ar lár* Q. <sup>42</sup> sioth E N. <sup>43</sup> deaghaidh E N.

<sup>44</sup> nÉ. N. <sup>45</sup> so mhic N. <sup>46</sup> nia E. <sup>47</sup> so N. <sup>48</sup> hí duach MSS.

<sup>49</sup> úf C. E. <sup>50</sup> morolach E. <sup>41</sup> niadh Q. <sup>52</sup> mbí, MSS (? mbuí).

<sup>53</sup> -sior E. <sup>54</sup> ghréis E ; ghreis N. <sup>55</sup> deaghlámhach N. <sup>56</sup> don E.

<sup>57</sup> Rothachtaigh E. <sup>58</sup> Rothechtaigh eireiredartha E.

Mac do sin **Cas Clothach**. Agus isé an Cas Clothach<sup>59</sup> sin neach doba mhó eneach, agus ba fhearr<sup>60</sup> um gach ní dá n-iarradh<sup>61</sup> neach air, dá raibh i nÉirinn an tan sin.<sup>62</sup>

Mac do Chas **Muinemhón**.<sup>63</sup> Isé an Muinemhón sin an chédduine lé a<sup>64</sup> ndearnadh muince óir fá bhráighdibh<sup>65</sup> daoine ar dtúis i nÉirinn .i. slabhra óir,<sup>66</sup> .i. ‘muin maoine,’ .i. ‘maoine for muinéalaibh.’ Maoine<sup>67</sup> Mór, thrá, céadainm Muinemhóin mhic Cais Chlothaigh. Agus isé an Cas Clothach sin ro fholamhnastur<sup>68</sup> Bridh Breaghda, agus is lais ro cumhdaighedh Brigantia<sup>69</sup> .i. Tor mic<sup>70</sup> Breoghuin i mBreaghaibh.

**Aildeargód**<sup>71</sup> mac Muinemhóin, Aodh Dearg a ainm ar dtúis; agus is 'na aimsir do róntha<sup>72</sup> failghe óir um dhóidibh ar dtúis i nÉirinn, air ba deaghmhaiseach gach dóid uma mbídis na failghe sin; is aire sin<sup>73</sup> ad-bhertha<sup>74</sup> Faildergód fris; agus dá bhliadhain dég dó i ríge nÉirenn.

**Roitheachtach**, mac **Roáin** Ríoghalaigh, secht mbliadhna dhó i ríge<sup>75</sup> nÉirionn Isé cédduine lé ndearnadh<sup>76</sup> rotha i gcairbdirbh<sup>77</sup> ar dtúis i nÉirinn.

**Fáilbhe** Faolchrothach,<sup>78</sup> mac Cais Chédchuingnigh,<sup>79</sup> is leis do tógbhadh<sup>80</sup> coirthi<sup>81</sup> cloch i nÉirinn ar dtúis.

**Cas Cédchaingneach**,<sup>82</sup> mac Faildergóid mic Muinemhóin, is lais do tionnsgnadh cuimhghne agus filidheacht<sup>83</sup> i dTeamhair<sup>84</sup> ar dtúis.

**Éilim** Oilfhínshnechta,<sup>85</sup> mac Roitheachtaigh, .i. sneachta fíona<sup>86</sup> do fearadh ina fhlaithios, gurab de ro hainmighedh. Naoi mí i bhflaithes Éireann.

**Art Imlioch**,<sup>87</sup> [mac Éilim, etc.] dhá bhliadhain dég dó

<sup>59</sup> ar lár N.<sup>80</sup> fearr E.<sup>61</sup> do iarrfuidh E.<sup>82</sup> dá . . . . tan sin, ar lár E.<sup>63</sup> -mhóin E.<sup>64</sup> léis a E.<sup>65</sup> braghaid N.<sup>66</sup> Isé an M. . . . . óir, ar lár Q; isé sin duine le ndearnadh muince (óir) fa braghdibh daoine ar dtúis a neirinn agus is ionann muince agus slabhra óir Q.<sup>67</sup> Muine Q.<sup>88</sup> fholl- E; ró ollamhnastar brighid = bréagha N.<sup>69</sup> Brighainncia E.<sup>70</sup> ar lár E.<sup>71</sup> -óid E.<sup>72</sup> róntha E; roinedh Q.<sup>73</sup> † is leis Q.<sup>74</sup> -thar N.<sup>75</sup> na ríge Éireann Q *passim*.<sup>76</sup> lenandearnthus Q.<sup>77</sup> gcairpithib E; accairpibh Q.<sup>74</sup> -chortach Q.<sup>79</sup> cedchuimhnigh E. <sup>80</sup> toghaidh E. <sup>81</sup> cúirti N. <sup>82</sup> -cuimhnach E.<sup>83</sup> leis do cuimgnedh filighacht Q.<sup>84</sup> atteamhraidh E; ar ttúis a neirinn riabl atteamhair Q.<sup>85</sup> oilfínnsneachtuig N.<sup>86</sup> fíonna N.<sup>87</sup> Iomlioch E.

i ríge nÉireann,<sup>88</sup> agus i nImlech Fir Aonairthe<sup>89</sup> i gCliaigh<sup>90</sup> Mháil do bhí a dhúnarus ar dtúis, gurab [de] as-bheartha Art Imleach fris. Agus isé cédduine lais a ndearnadh rátha<sup>91</sup> agus dúnta ar dtúis i nÉirinn é, agus do-bheireadh uisge ina dtimchioll.

**Breisrí**,<sup>92</sup> mac Airt Imligh, mic Éilim<sup>93</sup> Oilfhínshnechta, bliadhain ar fhichid<sup>94</sup> dó i ríge nÉireann. Agus ba rí ar ríoghacht é,<sup>94</sup> agus roba ríoghdha a dhelbh agus a einech agus [E 18] a fhlaithios. Agus do bhris sé iolchatha<sup>96</sup> for Fomhorchuibh<sup>97</sup> ag cosnamh Éireann friu agus dá ndíochur aisti.<sup>98</sup>

**Séadna Ionarrach**,<sup>99</sup> mac Breisríogh mic<sup>100</sup> Airt Imligh .i. Séadna an Tuarasdail,<sup>100</sup> oir, isé an chédrí tug tuarasdail d'amhsaibh i nÉirinn ar dtúis é; agus dá bhliadhain ar fhichid dó i ríge nÉirionn.

**Duach**<sup>101</sup> **Fionn**, mac Séadna Ionarraigh, mic Breisríogh, cúig bliadhna dhó i ríge nÉirenn.

**Eanna Dearg**, mac Duach Finn, mic Séadna Ionarraigh, mic Breisríogh, naoi mbliadhna i ríge Éirenn dó, go dtorchair do thámh i Sliabh Mis go sluaghaibh agus go sochraide uime.<sup>102</sup>

**Lughaidh Iardhonn**,<sup>103</sup> mac Enna Dheirg,<sup>104</sup> mic Duach Finn, deich<sup>105</sup> mbliadhna dhó i ríge nÉireann.

**Eochaidh**<sup>106</sup> **Uaircheas**, mac Luighdheach Iardhuinn, dá bhliadhain dég dó i ríge nÉireann.<sup>106</sup> Is aire ad-bhearar Eochaidh Uaircheas fris .i. 'ceasa uara' bhádur<sup>107</sup> aige ina chobhlachaibh<sup>108</sup> .i. 'uar'<sup>109</sup> gaothach, *nam*<sup>110</sup> 'ceasa' [coití] *dicitur*, ó do ionnsaigh forsan<sup>111</sup> nGréig. Is a corraibh a long ro ghabh gach ní ro ghabh ingach leith fán ndomhan.

**Lughaidh Láimhdhearg**, mac Eochaidh Uairches, mic

<sup>88</sup> ar lár E.

<sup>89</sup> fraonairthe EN; fraon airthe Q.

<sup>90</sup> acclia E; accliamháil N.

<sup>91</sup> Rotha E.

<sup>92</sup> Breisrígh N; BREAS rígh E.

<sup>93</sup> Féilim Q.

<sup>94</sup> -chiod E.

<sup>95</sup> Agus . . . é, ar lár Q; budh maith air a R. é N.

<sup>96</sup> iolchatha iomdha E.

<sup>97</sup> for Fh. E; air Fh. N.

<sup>98</sup> agus . . . aisti ar lár N.

<sup>99</sup> Seandá ionnarraigh E; ionnraidh N; Seandha Q.

<sup>100-100</sup>, ar lár Q; a thuirisg seo agus tuairisg Eanna Deirg measgtha ar a chéile ag Q.

<sup>101</sup> sic MSS; leg Due, a thuisseal ainmneach.

<sup>102</sup> go . . . uime, ar lár Q.

<sup>103</sup> ar lár Q.

<sup>104</sup> dearg E.

<sup>105</sup> fithe Q.

<sup>106-106</sup>, ar lár Q.

<sup>107</sup> óir a rabhadar N.

<sup>108</sup> chomhlannaibh Q N.

<sup>109</sup> uaraidh E.

<sup>110</sup> nam agus líne os cionn 'm' Q ('ionann ceasa agus naomhóga no coctaoi'—*Céitinn*).

<sup>111</sup> for an N.



Luighdheach Iardhuinn<sup>112</sup> secht<sup>113</sup> mblíadhna i ríge nÉireann.

**Art**, mac Luighdheach Láimhdheirg,<sup>114</sup> mic Eochaidh Uairches, ceithre<sup>115</sup> bliadhna go leith dó i ríge nÉireann, gur ghabh féin go huilidhe Éire ar marbhadh mBearnghail mhic Geidhe, ríogh Éireann.

**Oiill**<sup>116</sup> **Fionn**, mac Airt mic Luighdheach Láimhdheirg, aon bhliadhain dég<sup>117</sup> dó i ríge nÉirenn.

**Eochaidh** mac Oiliolla Finn,<sup>118</sup> naoi mblíadhna dhó<sup>119</sup> i ríge nÉireann, agus is lais do thorchair Siorlamh mac Finn mic Brátha.<sup>119</sup>

**Lughaidh Laoighdhe**,<sup>120</sup> mac Eochaidh<sup>121</sup> mic Oiliolla Finn secht mblíadhna dhó i ríge nÉirenn.

**Rechtaidh** Ríghdhearg, mac Luighdheach Laoighde,<sup>122</sup> bliadhain is fiche dhó i ríge nÉirenn. Agus do bhí ríge<sup>123</sup> Alban aige, uair ro ghabh Reachtaidh Ríghdhearg agus Labhraidh Loingsech agus Criomthan Mór mac Fiodhaigh ríge Alban. [Isí<sup>124</sup> inghean Sceiréid, ríogh Chorca Dhuibhne, ó bhfuil an fine, ba bhen do Labhra Loingseach, rígh Éirionn, agus is do shliocht Éibhir an cineadh céadna.]

[**Cobhthach**<sup>125</sup> **Caomh**, mac Rechtadha Ríghdheirg]

**Mogh**<sup>126</sup> **Corb** Cláire, mac Cobhthaigh Chaoimh, mic Rechtadha<sup>127</sup> Ríghdheirg, (.i. ag Cláire do bhí a árus agus is uadha ainmnighther), triocho bliadhain i ríge Éirenn, agus is leis torchair Meilge Molbhthach, rí Éireann.

**Fear Corb**, mac Mogha Corb,<sup>128</sup> dafhiched bliadhain dó i ríge nÉireann, agus is lais do-cheár [Iairnghleó]<sup>129</sup> Fáthach mac Meilge Mholbhthaigh.

**Adhamhar**<sup>130</sup> **Foltchaoin**, mac Fir Chorb, triocho bliadhain dó i ríge nÉireann. Agus Flidhis Fholt-

<sup>112</sup> mic L. I., ar lár K.

<sup>113</sup> ceithre Q N.

<sup>114</sup> Lughaidh Lamhdheirg Q; mlic Lúghaidh lámhnderg N.

<sup>115</sup> seacht Q N.

<sup>116</sup> Oilioll N; é seo d'áireamh tar éis a mhic .i. Eochaidh ag Q.

<sup>117</sup> .v. bhliaghuin dó N.

<sup>118</sup> Oilill Fionn E; Oilill fhinn N; déag do Q.

<sup>119</sup> aguisin: Do bhí Oiliollaidh athair an Eochaidh seo na Rígh Éirionn roimhe an E. so aon bhlighen deag 7c. Q.

<sup>120</sup> Láoighdach E; luigheach Q.

<sup>121</sup> cobthaidh Q N.

<sup>122</sup> Lughaidh, Laoighidh E; Lugech Q; Laoighech N.

<sup>123</sup> rigacht Q.

<sup>124</sup> Q amháin.

<sup>125</sup> ar lár MSS; ní raibh 'na airdvíg.

<sup>126</sup> Modh Ch. E.

<sup>127</sup> Reachta N.

<sup>128</sup> Modhchorb E N; Modha Corb Q.

<sup>129</sup> Éirio E; iaro Q; eri N.

<sup>130</sup> Adamair N; Adamhair E; -ár Q.

chaoín, in ríoghain<sup>131</sup> do Thuathaibh Dé Danann, isí fá bean d'Adhamhar mhac Fir Chorb. Is uaithi adeirthear 'buar<sup>132</sup> Fhlidhis,' uair is comhmór do blighte<sup>133</sup> ba agus eilti gach laithe<sup>134</sup> re a linn.

[E 19] **Nia Seaghamhain**,<sup>135</sup> mac Adhamhair Fholtchaoín, secht mbliadhna dhó i ríge nÉireann. Agus isí an Fhlidhis<sup>136</sup> sin a mháthair. Agus do blighte in diabhuil buair<sup>137</sup> sin i bhflaithius Niadh<sup>138</sup> Seaghamhain. Agus is uatha<sup>139</sup> sin adeirthear Seaghamhain .i. 'seghda a mhaoin,' oir ba mór<sup>140</sup> a mhaoin do na neithibh sin seach na ríogha eile. Gonadh de sin ro chan<sup>141</sup> an file an rann so :

Maith taoiseach, meadhmhoin<sup>142</sup> meadh,  
do-rinn<sup>143</sup> Nia<sup>144</sup> Seghamhoin sen ;  
is dó robdar eilte ba  
do Nia Seaghamhain siabhra.<sup>145</sup>

Nó, isiad<sup>146</sup> an t-aos sidhe no-thinóildís chuige ba agus eilte<sup>148</sup> dá mbleghain<sup>149</sup> ina fhlaithias, ut dixit [poeta] :

Nia Seghamhain séaghda<sup>150</sup> an rí  
ro ghabh Éire go bha thrí ;  
is hé adibh digh lois  
do chloinn Eochaidh Airgedrois.

**Ionadhmhar**,<sup>151</sup> mac Niadh Seghamhain,<sup>152</sup> naoi mbliadhna dhó i ríge nÉireann ; agus is fris adbherthaoi<sup>153</sup> Iocht Mór. Agus<sup>154</sup> is dó do chan an file an rann so :<sup>154</sup>

Iocht Mór  
ba fiú a chomhthrom d'ór  
do ghin ó Nia Seaghamhoin ,<sup>155</sup>

<sup>131</sup> ingen Ríoghláin N.      <sup>132</sup> buair F. E.      <sup>133</sup> do bhliaghanta N.  
<sup>134</sup> láithe E ; laeithe N.      <sup>135</sup> seadhmain E ; seadh -N ; seamoin Q.  
<sup>136</sup> an F. E.  
<sup>137</sup> Agus is do dhiabluigheacht an diabhuil buair Q ; agus is do bhledhantuibh an diabhal fuair N ; diabhal búair E.  
<sup>138</sup> Niadh N Q.      <sup>139</sup> uaithe Q N.      <sup>140</sup> móir E.  
<sup>141</sup> adubhairt Q.      <sup>142</sup> -amhón N.      <sup>143</sup> do rinne E.      <sup>144</sup> Niadh Q N.  
<sup>145</sup> siabhar N.      <sup>146</sup> is hiad E.      <sup>147</sup> in taois E ; taoisigh N.  
<sup>148</sup> eillte E.      <sup>149</sup> mbledháin E.      <sup>150</sup> seada E ; séada N ; séadhna Q.  
<sup>151</sup> Fiondamair E Q.  
<sup>152</sup> níasedamain E ; níadh seadhmoín Q ; Masadamain N.  
<sup>153</sup> adeirthar Q N.      <sup>154</sup> -<sup>154</sup>, ar lár Q.      <sup>155</sup> seagamhóin N.

isé ina<sup>156</sup> thaoiseach, miadh ngal<sup>157</sup>  
 dus-farraidh<sup>158</sup> giolla Alban.

**Lughaidh Luaighne**,<sup>159</sup> mac Ionadhmhair,<sup>160</sup> mic Niadh Seghamhain .i. i Luaighnibh<sup>161</sup> Temhrach ro hoiledh é, agus isé do mharbh Breasal Bóidhiobhadh,<sup>162</sup> rí Éireann.<sup>163</sup> Cúig bliadhna fichead dó féin i ríge nÉireann dia éis.

Dhá mhac mhaithe la Lughaidh Luaighne .i. Criomhthan Caomh,<sup>164</sup> mac<sup>165</sup> Luighdheach<sup>166</sup> Luaighne; ba ríogh-dhamhna é go bhfuair bás la Conghal Cláiringneach, mac Rudhraighe. Agus **Cairbre Losg**,<sup>167</sup> mac Luighdheach Luaighne an mac oile dho. Agus is uime adeirthear Cairbre 'Losg'<sup>168</sup> fris .i. bacach ro-bhaói.<sup>169</sup> Fecht dochuaidh rí Éireann .i. Conghal Cláiringneach, mac Rudhraighe, do ghabháil giall Mumhan; agus isé Cairbre mac Luighdheach<sup>170</sup> Luaighne fá rí Mumhan an tan sin. Do fearadh cath eatorra, agus ro mhuidh<sup>171</sup> for Muimhnechaibh; gurab d'fhoillsiughadh<sup>172</sup> an chatha sin ro budh bacach Cairbre in gcéin<sup>173</sup> bhaoi beó; gonadh de sin goirther<sup>174</sup> Cairbre Losg<sup>175</sup> dé. Agus is uadha aderair Leathad Luisg,<sup>176</sup> air is ann bhaoí a árus.<sup>177</sup> Bhaoí bainchéile ghnóthach<sup>178</sup> la Cairbre Losg .i. Eithne in Ghubha<sup>179</sup> a hainmsidhe máthair<sup>180</sup> an dá mhac mhaithe do bhí aige.

Dhá mhac mhaithe<sup>181</sup> la Cairbre Losg .i. **Duach** agus Deaghadh a n-anmanna. Bhí iomchosnamh mór eatorra .i. iomchosnamh na<sup>182</sup> hÉireann, agus<sup>183</sup> ba hadhbhar ríogh Éireann<sup>184</sup> ar dheilbh agus ar ghníomh<sup>185</sup> gach mac díobh; air ní raibhe i nÉirinn dias ba chuchtghloine<sup>186</sup> agus ba chaoimhe iná iad; agus Deaghadh an sóisear ag dul tar an sinsear .i. ag dul tar Duach,<sup>187</sup> chum ríge

<sup>156</sup> is he má t. E; má t. N. <sup>157</sup> míadh angal E; ngall N.

<sup>158</sup> dús farraigh E; dusaraigh Q; dusfharraidh giolladha N.

<sup>159</sup> lugne Q. <sup>160</sup> Iondamair N. <sup>161</sup> laignibh Q.

<sup>162</sup> badiobaidh E; ba dhíobh Rígh Q, budh dhíobh Ríogh N.

<sup>163</sup> ar lár N. <sup>164</sup> caoimh E. <sup>165</sup> mhic N. <sup>166</sup> Lughaidh MSS.

<sup>167</sup> luisg Q. <sup>168</sup> loisg N. <sup>169</sup> bhí N; mar do bhaoi sé bacach Q.

<sup>170</sup> Lughaidh Q N; ar lár E. <sup>171</sup> mhuigh E. <sup>172</sup> do failliodhaidh E.

<sup>173</sup> an ghin do bhí Q; gion N. <sup>174</sup> do lean Q. <sup>175</sup> luisg Q; loisg N.

Domhnall, mac Eichthigheirn, mic Ailiolla mic Feir Domhnaigh, mic Díoma, mic Rónáin mic Aonghusa, mic Cairthinn Fhinn.

Fíonachta, mac Eichthigheirn, mic Ailiolla, mic Fir Domhnaigh, mic Díoma.

<sup>381</sup> coici; *tá na nótaí seo ar chliatháin an lgh.* H: Cormac Cóichín, mac Cairthinn Finn &c. *mar atáid againn i ndeireadh an liosta.*

<sup>382</sup> díoma.

<sup>383</sup> ar lár H.

Cormac, mac Domhnaill, mic Eichthigheirn mic Ailiolla,  
mic Fir Domhnaigh.

Reab[h]acán,<sup>384</sup> mac Mothla.

Lorcán, mac Lachtna, mic Cuirc, mic Anluain, mic  
Mathghamhna, mic Toirdhealbhaigh, mic Cathail, mic  
Aodha, mic Conaill, mic Eochach Baildeirg.

Cinnéidigh, mac Lorcáin.

Lachtna, mac Cinnéidigh, mic Lorcáin.

Mathghamhain, mac Cinnéidigh.

Brian, mac Cinnéidigh.

Donnchadh, mac Briain.

Murchadh, mac Donnchadha.

Toirdhealbhadh, mac Taidhg, mic Briain, mic  
Cinnéidigh.

Tadhg, mac Toirdhealbhaigh, mic Taidhg, mic Briain.

Muircheartach,<sup>385</sup> mac Toirdhealbhaigh, mic Taidhg,  
mic Briain.

Diarmaid, mac Toirdhealbhaigh, mic Taidhg, mic  
Briain.

Domhnall, mac Taidhg, mic Toirdhealbhaigh, mic  
Taidhg, mic Briain.

Conchubhar na Cathrach,<sup>386</sup> mac Diarmada, mic  
Toirdhealbhaigh, mic Taidhg mic Briain.

Toirdhealbhadh, mac Diarmada, mic Toirdhealbhaigh,  
mic Taidhg, mic Briain.

<sup>384</sup> -bachán.

<sup>385</sup> -chiortach.

<sup>386</sup> catharach.

Tadhg, mac Diarmada, mic Toirdhealbhaigh, mic Taidhg, mic Briain.

Toirdhealbhach arís.

Muircheartach, mac Conchubhair na Cathrach, mic Diarmada, mic Toirdhealbhaigh, mic Taidhg, mic Briain.

Tadhg, mac Diarmada, arís.

Conchubhar, mac Domhnaill, mic Taidhg, mic Toirdhealbhaigh.

Diarmaid, mac Taidhg, mic Diarmada, mic Toirdhealbhaigh.

Toirdhealbhach arís.

Muircheartach, mac Conchubhair na Cathrach, arís.

Domhnall Mór, mac Toirdhealbhaigh mic Diarmada.

Muircheartach, mac Domhnaill, mic Toirdhealbhaigh.

Conchubhar Ruadh, mac Domhnaill Mhóir.

Muircheartach, mac Domhnaill Mhóir.<sup>387</sup>

Donnchadh Cairbreach, mac Domhnaill Mhóir.<sup>388</sup>

---

Cormac<sup>389</sup> Coicinn,<sup>390</sup> mac Cairthinn Fhinn i. Cormac Caemhc[h]enn, iseisen<sup>391</sup> ro eascain Odhrán Maig[h]estir ag rinn Arda Odhráin for Deirgdherc, air ro érastair<sup>392</sup> Cormac hé um osadh trí lá agus trí n-oidhche<sup>393</sup> do Mhuscraighe; agus is airi<sup>394</sup> nach gabhar<sup>395</sup> flaithes uadh.

<sup>387</sup> *Leanann* " Conchubhar Ruadh mac Domhnaill Mhóir " so ag H.

<sup>388</sup> *Leanann* " Toirdhealbhach mac Diarmada " so ag H.

<sup>389</sup> *na nótaí seo ar chliathán an lgh. ag H. (an tríomhadh ceann fá dhó).*

<sup>390</sup> cóichinn.

<sup>391</sup> isé sin.

<sup>392</sup> earaistir.

<sup>393</sup> gónoidhche.

<sup>394</sup> air.

<sup>395</sup> gabhthar.



Conall Caemh, mac Eachach Baildeirg isé ro bhennacht<sup>396</sup> Ruadhán Lothra, iarsainē<sup>397</sup> ro eirigh fo shecht roimhe i dtigh Chairbre Chruim mic Criomhthain, ríogh<sup>398</sup> Mumhan.

Aedh, mac Flainn Cathrach, nó Aedh Flann Cathrach, mic Cairbre, mic Criomhthainn isé<sup>399</sup> an treas Aedh déag ro-bhaoi i mórdháil Droma Ceata;<sup>400</sup> agus isé sin aenduine<sup>401</sup> iar gCreideamh ro-ghabh ríghhe Tuadh-mhumhan aneachtair for Dál gCais; agus a Gleann-amhain dō.

[CRAOBHSCAOILEADH CLOINNE BRIAIN  
BHÓRAMHA]:

Toirdhealbhach, mac Taidhg, mic Briain Bhóramha trí meic lais .i. Tadhg, Muirchertach agus Diarmaid.

Muirchertach Mór, *imorro*, mac dó Mathghamhain ó bhfuilid Clann Mhathghamhna Tuadh-mhumhan, agus Domhnall ó bhfuilid Clann Domhnaill na nDarach,<sup>402</sup> agus Clann Toirdhealbhaigh Dhuinn.

Diarmaid, chúig meic lais .i. Conchubhar ré ráidhtí Slapar Salach; Toirdhealbhach ó [d]táid an ríoghradh; Tadhg Glac ó [d]táid Clann Taidhg [Glac]; Diarmaid Fionn ó [d]táid Clann Diarmada Finn; Donnchadh, *Epscop* Cille dá Lua, ó [d]táid Clann an Eascoib.

Toirdhealbhach, mac Diarmada, cúig meic lais .i. Muirchertach Dúin na Sciath, agus níor fhágabh síol; Domhnall Mór,<sup>403</sup> rí Mumhan; Diarmaid, Brian an tSleibhe; Consaintín, *easpoc* Cille dá Lua, ó [d]táid Clann Consantín.

Domhnall, ocht meic lais .i. Muirchertach<sup>404</sup> rí Mumhan, ó [d]tá Clann Mhuirchertaigh; Conchubhar Ruadh, Donnchadh Cairbreach; Toirdhealbhach Fionn, ó [d]táid Clann Toirdhealbhaigh Fhinn; Domhnall Connachtach, ó bhfuilid Clann Domhnaill Chonnachtaigh; Brian Boirne,<sup>405</sup> ó bhfuilid Clann Bhriain Bhoirne; Conchubhar Guasanach,<sup>406</sup> ó bhfuilid Clann Chonchubhair Ghuasan-

<sup>396</sup> bheannachtain.      <sup>397</sup> iar saine.      <sup>398</sup> rígh MSS.      <sup>399</sup> isé sin.

<sup>400</sup> ceit.      <sup>401</sup> isé an t-aond.      <sup>402</sup> darach LBM.

<sup>403</sup> Domhnall Mór, R.M. 1179, *nóta ar chliathán chlé an Igl.* LBM.

<sup>404</sup> Muirchertac mac Domhnaill, R.M. *ar chliathán chlé* LBM.

<sup>405</sup> Boirn LBM.      <sup>406</sup> gusanach.

aigh ; Muirchertach Dall<sup>407</sup> [ó bhfuilid Clann Mhuirchertach Doill<sup>408</sup>] ; Diarmaid Fidhnaighe.

Donnchadh Cairbreach,<sup>409</sup> chúig meic lais .i. Toirdhealbhadh, Muirchertach, Diarmaid, Tadhg Dall ; Conchubhar, rí Tuadmhumhan.

Conchubhar, trí meic lais .i. Tadhg Caoluisce,<sup>409</sup> Brian Ruadh, agus Muirchertach.

Tadhg, adhbhar ríogh Éirenn,<sup>410</sup> teasta re linn a athar ; dá mhac lais, .i. Toirdhealbhadh, rí Tuadmhumhan ; agus Domhnall.

Toirdhealbhadh, chúig meic lais .i. Donnchadh aga rabhadar trí meic .i. Brian, Toirdhealbhadh agus Donnchadh ; Muirchertach, rí Tuadmhumhan ; Diarmaid, rí Tuadmhumhan ; Conchubhar, do marbhadh i gCaelmhóin ;<sup>411</sup> agus Domhnall Gall.

Brian Ruadh, chúig meic lais .i. Donnchadh, Muirchertach, Domhnall, Tadhg, agus Toirdhealbhadh Óg.

Donnchadh, cheithre meic lais, .i. Conchubhar Diarmaid, Muirchertach, agus Mathghamhain.

Diarmaid, rí Tuadmhumhan, dá mhac lais .i. Donnchadh agus Conchubhar.

Muirchertach, aonmhac lais, Diarmaid Dall.

Domhnall, mac Briain Ruaidh, trí meic lais .i. Donnchadh, rí Tuadmhumhan ; agus Brian, rí Tuadmhumhan ; agus Tadhg Luimnigh.

Dá mhac déag do chin ó Chas  
aicme sheabhcaidhe shúlghlas  
luigi meabhla nirus-mill<sup>412</sup>  
a menma<sup>413</sup> uili ar Éirinn.

Caisín, roba calma in fer  
Cormac is Cairthenn<sup>414</sup> cnesghel  
Blat<sup>415</sup> caenih gan churaidh 'na chenn  
Aedh is Lughaidh is Loiscenn.

<sup>407</sup> M. D ó builet clann Diarmata F., LBM.

<sup>408</sup> Mh. D. ar na dhiobhadh H. <sup>409</sup> teasta an forainm LBM.

<sup>410</sup> Éireann ó H.

<sup>411</sup> ccaebhnóin H.

<sup>412</sup> mirus mill H.

<sup>413</sup> anmanna H.

<sup>414</sup> Cárthean H.

<sup>415</sup> .i. Blod ; bláith H.

*Naoi*<sup>416</sup> nocharba nāhma cliar  
Dealbhaeth cáidh Caindech cloithfhial  
Sedna gē da-chāid a crí<sup>417</sup>  
ba cetg[h]a āig<sup>418</sup> in t-airdrí.

Aenghus Cend-nathrach co ndath  
Aenghus Cend-aitinn uallach  
dias nertmhar sa<sup>419</sup> nert alle  
dar clechtadh recht is ríge.

Cairthann cródha na gcuire  
ó [d]táit Dál gCais luchtmuighe  
in tres mhac dég do Chas chain<sup>420</sup>  
nīr thas go ég na<sup>421</sup> aimsir.

Ó Chaisín clann Chaisín chaemh<sup>422</sup>  
ciniud<sup>423</sup> na serrach slatshaor<sup>424</sup>  
Síol Aedha o Aedh in Fhedha  
gilli<sup>425</sup> caemha cnesgheala.

Aenghus Cenn-aitinn co ndath  
uadh Clann Ifernáin<sup>426</sup> uallach  
is Nechtain [in] lāich dar linn  
agus inghen Bhaoith<sup>427</sup> bharrfhinn.

Secht n-inghena, gunna glain,<sup>428</sup>  
do chin ó Aenghus unain,<sup>429</sup>  
fuair tír is a caein<sup>430</sup> re coill,  
naeimh ag an rígh do rochloinn.

Aenghus Cenn-nathrach, nert *céd*  
gaes gon ruire go romhéd,  
barr sluaigh shona gan ghainne<sup>431</sup>  
ba fhuair rogha rochloinne.<sup>432</sup>

<sup>416</sup> Ix. MSS.

<sup>417</sup> gedha cáidh a chrí H.

<sup>418</sup> ceád ga áig H. <sup>419</sup> neart marsa. <sup>420</sup> cáin H.

<sup>421</sup> go a éag an H. <sup>422</sup> C. c, LBM. <sup>423</sup> cinnidh H.

<sup>424</sup> slaitréigh slatshaor H. <sup>425</sup> gillidh H. <sup>426</sup> -nan LBM.

<sup>427</sup> bhaoi H. <sup>428</sup> gon a ccloinn H. <sup>429</sup> unain H.

<sup>430</sup> cáin H. <sup>431</sup> sluagh sonna gan ghaine.

<sup>432</sup> rochlinn H ; roclini (?) LBM.

Cenél Collachtaigh<sup>433</sup> na [g]cneadh  
 Cenél Fáilbhe na bhfinnfhear  
 Cenél *Fermheic*<sup>434</sup> uadh go n-aíbh<sup>435</sup>  
 deighreic a nduan ní dímháin.

Ó Shetna do shir Mumhain  
 Mainchín Luimnigh lánchubhaidh<sup>436</sup>  
 's in<sup>437</sup> lucht cáidh re linn ro len  
 fuil i gCill áin na nInghean.

Hu Mail Baetáin nach baeth breth  
 ro-chin [Mac]<sup>438</sup> Lughaidh léidmhech ;  
 Bec Mac Dé, re gai nír ghabh,  
 hé ro-chin ó Nai<sup>439</sup> nertmhar.

Ó Chaindech ro-chin in cleath<sup>440</sup>  
*Epscop* Mac Laisre in laid[h]ech<sup>441</sup>  
 ní chuala thall 'mon scrib<sup>442</sup> s[h]aer  
 clann con fhiur acht madh aennaemh.

Dias gan chlann ag Cas na grech  
 mar da-ordaig Dia dúilech :  
 Cormac in fer sírghlan seang<sup>443</sup>  
 agus in línmhar Loiscenn.<sup>444</sup>

Ó Dhelbhaeth<sup>445</sup> nach delbhadh b[h]rēic  
 cinset<sup>446</sup> Delbna gan daermēit<sup>447</sup>  
 gid bráithri bunaidh<sup>448</sup> abhus  
 ní don Mhumhain a maithius.

In dá Chairthenn,<sup>449</sup> comann caemh,  
 Eochaidh is Brénaind barrchlaen :  
 ceithre meic Bloid, ba drem dil,<sup>450</sup>  
 gan troid gan fhell ré n-aimsir.

<sup>433</sup> Cuallachtaigh H.

<sup>434</sup> fearmac H. <sup>435</sup> gonaibh H. <sup>436</sup> lántúbhadh H. <sup>437</sup> is H.

<sup>438</sup> ar lár H ; *litir éigin arna díobhdhadh* LBM.

<sup>439</sup> ó nao H ; onai LBM.

<sup>440</sup> leath H.

<sup>441</sup> laoch H (? *laidnech*).

<sup>442</sup> muna scriob. <sup>443</sup> súghach H.

<sup>444</sup> is an lonnfhear loingseach loisceann H ; *γ in liumar loingseach , agus*  
 " *vel loiscenn* " *mar ghluais os cionn* " loingseach " LBM.

<sup>445</sup> Dhealbha H.

<sup>446</sup> cinnsiad H.

<sup>447</sup> dearmat H.

<sup>448</sup> gí br. buna H.

<sup>449</sup> chárthan H

<sup>450</sup> dreim dul H.

Cairthenn Mór, ba flaith 'na [bh]fonn<sup>451</sup>  
 co techt Pádraig na prímhlong<sup>452</sup>  
 do-rat coléir lén da chloinn  
 gan réir co trén in Táilginn.<sup>453</sup>

Hí Chonghaile thiar is toir  
 Aes Cluana fial Finnabhair<sup>454</sup>  
 fir nach fanna re gail ngrind  
 isiat soin<sup>455</sup> clanna Cairthinn.

Cairthaind<sup>456</sup> Finn ba flaith ille  
 darbo anmchara<sup>457</sup> Fáilbhe  
 ro cathaigh go cruaidh gan cheilg  
 athair Eochach buain bailleirg.

Dá mhac Echach bailleirg báin  
 Bresal díbhaidh<sup>458</sup> nír dhigráid<sup>459</sup>  
 a robhand<sup>460</sup> tarla ar gach tuaithe  
 is Conall calma comhchruaidh.<sup>461</sup>

Dá mhac ag Conall gan cheilg  
 Aedh is MoLua gan lánmheirg  
 dalta Carthaigh, caemh in c[h]leath,<sup>462</sup>  
 dar altaig raen co riched.<sup>463</sup>

Trí meic Aedha, ba hard bladhadh ;<sup>464</sup>  
 Conghal, Cairthen is Cathal ;<sup>465</sup>  
 Cathal ba tairpech teglaig  
 athair<sup>466</sup> tairpethech Toirdhelbhaigh.

Cúig meic Toirdhelbhaigh gan tár<sup>467</sup>  
 Eocho, Ailghen fial Flannán  
 dias saer athramhuil gan fhell  
 Aedh is Mathghamhuin méirsheng.<sup>468</sup>

<sup>451</sup> na fhonn H.<sup>453</sup> -gionn H.<sup>456</sup> Carthan H.<sup>459</sup> díghrágh.<sup>461</sup> caomhchruaigh H.<sup>463</sup> dár dalta raen corthead.<sup>465</sup> Conall, carthan is cathghal H.<sup>468</sup> mearsheang H ; merseng LBM.<sup>452</sup> Ph. na ph. H ; -loing LBM.<sup>454</sup> fínnarbhra fínnabair H. <sup>455</sup> sin MSS.<sup>457</sup> ainim chara H. <sup>458</sup> dibig H.<sup>460</sup> aroband LBM ; air abhand H.<sup>462</sup> chleith H.<sup>464</sup> blaith H.<sup>466</sup> aithir H ; <sup>467</sup> táir H.

Ceithre meic Mathghamhna maith  
 Fianghalach fēata in ferfhlaith  
 Saithghel<sup>469</sup> caemh dar demhin duan  
 Aedh an einigh is Anluan.

Aenmhac Anluain Corc na grech  
 énmhac Cuirc Lachtna léidmhech,  
 Saerghal in garta go ngrádh,  
 aenmhac ag Lachtna Lorcáin.

Ceithri meic Lorcáin, dar lim,  
 Longargán,<sup>470</sup> Coscrach cúilfhinn<sup>471</sup>  
 dias forbarach in gein<sup>472</sup>  
 Congalach is Ceinnéidigh.

Dá mhac dég is deimhin damh<sup>473</sup>  
 ag Ceinnéidigh<sup>473a</sup> Cinn Coradh,  
 trí ceathrair nárbo cranda  
 nach seachnaid<sup>474</sup> na saerchlanna.

Móirsheiser díbh, ní dál<sup>475</sup> mer  
 gan chlann 'gan Cinnéidigh<sup>476</sup> cneisghel ;  
 cóiger cuanna co cloind díbh,  
 roind is duana da deighrígh.<sup>477</sup>

Mathghamhain, Eichthighern ard,  
 Brian is Dond Cuan cloidhemhgharg,  
 Anluan ua Luirc in lámhaigh  
 ó [d]táit Uí Chuirc chomhdhálaigh.

Sé meic ag Brian na mbrat sróil  
 dar ordaigh Íosa onóir :  
 Domhnall, is Tadhg talcar tenn,  
 is Donnchadh ard na hÉirenn.

<sup>469</sup> Sathgel LBM.

<sup>470</sup> lonargán H.

<sup>473</sup> dam : corann H.

<sup>475</sup> dáil H.

<sup>477</sup> dá ndéigh- H ; roindís B ; neigrigh B.

<sup>471</sup> -fhionn H.

<sup>473a</sup> accenn *eidn* B.

<sup>472</sup> dís f. inglein.

<sup>474</sup> -chnadh H.

<sup>476</sup> gan ccin- H.

Triar gan chloinn ag Brian Banba<sup>478</sup>  
 trí romheic, trí ríghdhamhna  
 Murchadh mór nár mhall log[h]adh  
 Fland gan chlódh is Conchubhar.

Meic Duinn Cuan<sup>479</sup> Riagán co rath,  
 Longargán<sup>480</sup> cáidh Congalach,  
 Ceinnéitigh Corain<sup>n</sup> creachad[h]<sup>481</sup>  
 Conaing ocus Céilechar.

Longargán<sup>482</sup> is Coscrach cáid  
 Ceinnéidigh caemh mac Lorcáin  
 meic ic duan do raid[h]nibh rann  
 gus in sluagh saidhbhir súlmhall.

Do bhí ag Coscrach do chlecht céill  
 dá mhac dég gusin deighmhéin<sup>483</sup>  
 ochtar gan milag gan mheing<sup>484</sup>  
 lín ór silad dá shaerchloinn.<sup>485</sup>

Ó Aicher in fhuilt<sup>486</sup> chlechtsaigh  
 Muinnter Ógáin airmfhertaigh  
 sluagh basghlan Birra bladhaigh<sup>487</sup>  
 gasradh gilla ngadamhail.

Ó Fhlaithbhertach go slis seng  
 Í Shencháin nach tim torann  
 sluagh prap saidhbhir re taebh thoir  
 ó Aindgig<sup>488</sup> Clann chaemh Choscraigh.

Ó Allathach in fhuilt fhinn  
 Muinnter Allathaigh álaing<sup>489</sup>  
 Í Mhaine<sup>490</sup> ó Mhaine co méin  
 do bí a n-aire ar gach n-énchléir.

---

<sup>478</sup> Brian ba MSS.      <sup>479</sup> Donnchuain H.      <sup>480</sup> Lonagan H.  
<sup>481</sup> creachach H.      <sup>482</sup> Lonargán H.      <sup>483</sup> ndeigh- H.  
<sup>484</sup> millag gan meang H.      <sup>485</sup> shílaid dá saorchlann H.  
<sup>486</sup> uilt L.B.M.      <sup>487</sup> bláidhigh H.      <sup>488</sup> Ainnig H.  
<sup>489</sup> allaind H.      <sup>490</sup> Máine H.

Ó Mhael Ruanaidh<sup>491</sup> go rath [d]trice  
 Muinnter Mael Ruanaig ro-ghlic,  
 ní fann a [bh]foghnám 'na [d]tír,  
 is ó Chongal Clann Chnáimhín.

Ó Dhiarmaid nārbo daer drech  
 Í Ghloiaim dar ghiall einéach  
 gairit in adhaig<sup>492</sup> fhada  
 im dhabhaig<sup>493</sup> ua nDiarmada. Dá m.

---

## AGUISÍN II

### BLOGH DE SHEANCHUS SÍOL MBRIAIN.<sup>1</sup>

---

Bliadhain<sup>2</sup> teasta do dhá chéad agus chúig mhíle ó  
 Chruthughadh an domhain go teacht Phádraig do  
 sheanmóin an chreidimh i n-Éirinn, *anno mundi* 5198.

Éag Phádraig insan mbliadhain d'Aois Chríost, 493.

Laoghaire, mac Néill Naoighiallaigh, ba hardrí Éireann  
 ar theacht Phádraig, agus Cairthenn Fionn mac Bloid,  
 mic Cais ba rí TuadhMhumhan.

Ó ghein Chríost, áiremh ait  
 ceithre chéd ar chaemhnóchait  
 teora bliadhna fás iar soin  
 go bás Phádraig Príomhapstail.<sup>2</sup>

---

MSS *don voinn seo* : H.1.7 fol. 105 a (H) ; 23G22, lch. 57 (G) ; *an dá cheann ó láimh Shean Mhíchíl Uí Longáin*. *Teid G. thuas* : Teid H : Bliodh do Sheanachas agus do chraobhsgaoille Gabhladh Geinneallach Sleachta Bhriain Bórúmha Rígh Eirionn, do réir Chloinde Broideadha le ráitir Í Bhroidinn, prímhshéanchaidh Síol mBriain, agus fós ughdaráis leabhair irse Chloinne Maolchonaire : iar na tharang as aithsríbhinn Dáibhídh Í Bhruadair do críochnaidheadh lais san mbliaghain 1690.

<sup>491</sup> Maolruana H.  
<sup>1</sup> mBriain sonn G.

<sup>492</sup> an agaidh H.  
<sup>2-2</sup> ar easnamh G.

<sup>493</sup> imdha báigh H



Aois<sup>3</sup> Chríost an tan do marbhadh Brian Bóroimhe, mac Cinnéidigh, Ardrí Éireann, 1014, do réir an rainn so :<sup>3</sup>

Ceithre bliadhna for aon deich<sup>4</sup>  
iar gcur míle uaidh for<sup>5</sup> leith  
ó ghein Chríost, ní rádh bréige,  
go bás Briain mic Cinnéide.

Deich<sup>6</sup> mbliadhna is dá fhicid ó bhás Bhriain Bhórumha go dul do Dhonnchadh mhac Bhriain in oilithre don Róimh, *Anno*<sup>7</sup> *Christi* 1063.<sup>7</sup>

As sin go bás Toirdhealbhaigh mic Taidhg mic Briain Bóramha, trí bliadhna déag ar fhicid ; agus ba rí Éireann an Toirdhealbhach sin.

Ó bhás Toirdhealbhaigh<sup>8</sup> go bás Mhuirchertaigh Mhóir, trí bhliadhna déag ar fhicid.<sup>9</sup>

Ó bhás Mhuirchertaigh Mhóir go bás Domhnaill Mhóir, rí Leithe<sup>10</sup> Mogha, sé bliadhna agus trí ficid.

Ó bhás Domhnaill Mhóir go bás Donnchadha Cairbrigh chúig bhliadhna fichead.

Ó bhás Donnchadha Cairbrigh go bás Conchubhair na Siúduine, ocht mbliadhna déag ar fhicid.

Ó bhás Chonchubhair na Siúduine go bás Bhriain Ruaidh cheithre bliadhna fichead.<sup>11</sup>

Do bhí an Brian so naoi mbliadhna déag i dtighearnas Tuadmhumhan.

<sup>3-3</sup> ar lár H, agus so ina ionad : Ó bhás phádraicc go bás Bhriain Bórumha nae mbliadhna déag 7 trí chead *unde poeta* ; agus *lagra dó san ar chliathán an lg. i. 521 Anni potius.*

<sup>4</sup> trí dheith G ; fór thóndheith H.

<sup>5</sup> fá G.

<sup>6</sup> Seacht H.

<sup>7-7</sup> ar lár G.

<sup>8</sup> Taidhg G.

<sup>9</sup> trí bl. fithid G.

<sup>10</sup> Leatha MSS.

<sup>11</sup> *An nóta do ar chliathán an lgh. ag G* : The years of the reigns of these two princes Donogh Carbrach and Connor na Sidine have been confounded *and* inverted by the Co[p]yist, who attributes the years of one to the other. *Vide* Mr. Magrah's poem and Caithréim Toirdhealbhaigh.

Toirdhealbhadh, mac Taidhg Caoluisge, mic Conchubhair na Siúduine, naoi mbliadhna fichead i dtighearnas Tuadmhumhan ; agus is é<sup>12</sup> do chéadchumhdaigh Caisleán Chluana Rámhfhada, agus Mainistir Inse, agus Inis féin ar dtúis riamh.

Donnchadh, mac Briain Ruaidh, seacht<sup>13</sup> mbliadhna i dtighearnas Tuadmhumhan, agus a bháthadh san bhForgus iaramh.

Donnchadh, mac Toirdhealbhaigh,<sup>13</sup> mic<sup>14</sup> Taidhg Caoluisge, cheithre bliadhna agus trí ráithe i dtighearnas Tuadmhumhan. Murchadh Mainchín do mharbh an Donnchadh so i bhfeall i nGleann Caoin.

Muirchertach, mac Toirdhealbhaigh, mic Taidhg Caoluisge dhá bhliadhain déag ar fhichid i dtighearnas Tuadmhumhan.

Donnchadh mac Domhnaill,<sup>15</sup> dhá bhliadhain agus fiche i dtighearnas<sup>16</sup> Tuadmhumhan.

Diarmaid, mac Toirdhealbhaigh dhá bhliadhain is fiche i dtighearnas<sup>17</sup> Tuadmhumhan.

Mathghamhain Maonmhuighe, ocht mbliadhna i dtighearnas<sup>18</sup> Tuadmhumhan.

Brian Chatha an Aonaigh, mac Mathghamhna Maonmhuighe sé bliadhna déag ar fhichid i dtighearnas<sup>18</sup> Tuadmhumhan. Is leis an mBrian so do hionnarbadh Síol mBriain na gCumarach go<sup>19</sup> Déisibh Mumhan.

Conchubhar, mac Mathghamhna Maonmhuighe, ocht mbliadhna i dtighearnas Tuadmhumhan ; agus is é céadduine de Shíol mBriain do chuaidh go Carraig Ó gConaill,<sup>20</sup> lena chloinn tar an Sionainn<sup>21</sup> é, ins an mbliadhain 1449.

<sup>12</sup> asé seo H.

<sup>13-13</sup> ar lár G ;

<sup>14</sup> dearbhráthair G.

<sup>15</sup> Ós a chionn so ar Charet " mic Briain Ruadh " ; agus féin líne : Doncha mhic bhriain ruadh quaere G.

<sup>16</sup> bhflaithis G.

<sup>17</sup> accennas G.

<sup>18</sup> bhflaithis G.

<sup>19</sup> annsna H.

<sup>20</sup> ccoinneall, MSS. <sup>21</sup> H amháin.

Tadhg an Chumhaigh chnámha,<sup>22</sup> trí bliadhna fichead i dtighearnas Tuadhmhúmhán .

Mathghamhain Dall, chúig bhliadhna go leith i dtighearnas Tuadhmhúmhán.

Toirdhealbhach Bog trí bliadhna i dtighearnas Tuadhmhúmhán.

Donnchadh, mac Mathghamhna Doill, dhá bhliadhain i dtighearnas Tuadhmhúmhán.

Tadhg an Chomhaid,<sup>23</sup> sé bliadhna i dtighearnas Tuadhmhúmhán.

Conchubhar na Srón, deich mbliadhna fichead i dtighearnas.<sup>24</sup>

An Giolla Dubh darbh ainm Toirdhealbhach Óg, naoi ráithe i dtighearnas Tuadhmhúmhán.<sup>25</sup>

Toirdhealbhach Donn, mac Taidhg an Chomhaid,<sup>26</sup> naoi<sup>27</sup> mbliadhna fichead i dtighearnas Tuadhmhúmhán.

Conchubhar, mac Toirdhealbhaigh Dhuinn, mic Taidhg, dhá bhliadhain déag i dtighearnas Tuadhmhúmhán.

Murchadh, mac Toirdhealbhaigh Dhuinn, céad Iarla Tuadhmhúmhán, dhá bhliadhain déag.

Donnchadh Mór, mac Conchubhair, mic Toirdhealbhaigh Dhuinn, an dara hIarla, seacht ráithe i dtighearnas Tuadhmhúmhán. Isé do thionnsgain Caisleán Geal Chluana Rámhfhada.

Domhnall Cléireach, mac Conchubhair, mic Toirdhealbhaigh Dhuinn, chúig bhliadhna i dtighearnas Tuadhmhúmhán.

<sup>22</sup> chnámhaich H.      <sup>23</sup> chomhada G ; chómhfhaid H.

<sup>24</sup> G amháin.      <sup>25</sup> attuamhain G.      <sup>26</sup> ar lár G.

<sup>27</sup> nae H ; naoi mbliadhna agus 20 ar charat eatorra G.

Conchubhar, mac Donnchadha, mic Conchubhair, mic Toirdhealbhaigh Dhuinn, an treas Iarla. Isé do chríochnuigh an Caisleán Geal i gCluain Rámhfhada<sup>28</sup>. Dhá bhliadhain go leith agus fiche dhó<sup>29</sup> i dtighearnas.

Donnchadh, mac Conchubhair, mic Donnchadha, mic Conchubhair, mic Toirdhealbhaigh Dhuinn, an ceathramhadh Iarla, atá ann anosa, *Anno Christi*, 1608.<sup>30</sup>

#### GEINEALACH IARLA TUADHMHUMHAN ANNSO.<sup>31</sup>

Donnchadh, Tadhg, agus Domhnall: clann Chonchubhair, mic Donnchadha, mic Conchubhair.<sup>31a</sup> Úna,<sup>32</sup> inghean Toirdhealbhaigh mic Muirchertaigh, mic Domhnaill, darbh ainm Mac Í Bhriain Aradh, máthair na mac sin ;

Mac Conchubhair .i. Iarla.<sup>33</sup> Oiléan Buitléar, inghean Piarais, mic Séamuis, mic Éamuinn, a mháthair ; agus máthair Thoirdhealbhaigh do crochadh<sup>34</sup> i nGaillimh, agus Taidhg fuair bás le hadhairt ;

Mic Donnchadha Móir, do básuigheadh i gCluain Rámhfhada lena bhráithribh féin. [Mór,]<sup>35</sup> inghean, Iarla Chonnacht do [na] Búrcaigh a mháthair ;

Mic Conchubhair. Raghnailt, inghean tSeaáin, mic Síoda, mic<sup>36</sup> Meic Con, mic Lochlainn, mic Con Meadha, mic Con Mara,<sup>36</sup> a mháthair ;

Mic Toirdhealbhaigh.<sup>37</sup> Anábla Búrc, inghean<sup>38</sup> Uilic mic Uilic an Fhíona<sup>38</sup> a mháthair ;

<sup>28</sup> Rámhfhad H.      <sup>29</sup> bliaghain G.      <sup>30</sup> hiarla anois 1608 G.

<sup>31</sup> .i. sin do mhair san mbliaghain 1608] G.

<sup>31a</sup> [mic Toirdhealbhaigh Duinn an ceathramhadh hIarla] G.

<sup>32</sup> Úghna MSS.

<sup>33</sup> H amháin.

<sup>34</sup> básuighead G.

<sup>35</sup> ar lár G ; Mór, inghean Con., mic Lochluinn, mic Coinmhéadha Mhóir, mic Conmara a mháthair sic H.

<sup>36-36</sup> mic Conmara, mic Lochluinn, mic Conmheadha G.

<sup>37</sup> [Donn] ar charet 'na dhiaidh seo G.

<sup>38</sup> ingh. Uilig an Fhiona G.

Mic Taidhg [an Chomhaid G]. Caitilín de Búrc, inghean Mhéic Bháitéir Tuaithe Ó Luighdheach<sup>39</sup> a mháthair ;

Mic Toirdhealbhaigh. Sláine, inghean Lochlainn Mhic ConMara<sup>40</sup> a mháthair ; agus máthair Thaidhg an Chumhaidh<sup>41</sup> Chnámha, agus Mhathghamhna, agus Toirdhealbhaigh Bhuig ;

Mic Briain Chatha an Aonaigh. Úna,<sup>42</sup> inghean Fheidlimthe<sup>43</sup> an Oinigh Uí Chonchubhair, a mháthair, *ut dixit poeta* :<sup>44</sup>

Fear iar n-éirghe d'aimhdheoin ghall  
Brian Ó Briain, biodhbhadh eachtrann  
mac Úna<sup>42</sup> na n-arm ndruimneach  
tarbh tnútha<sup>42a</sup> na dTuadmhuimhneach.

Mic Mathghamhna Maonmhuighe. Éadaoin, inghean Mheic Gormáin<sup>45</sup> a mháthair. Agus isé an Mathghamhain seo do chuir an duibhchíos foghmhardha ar ghallaibh Chontae Luimnigh .i. trí fichid marc gacha Samhna ;<sup>46</sup>

Mic Muircheartaigh Dhúin na Sciath. Sádhbh, inghean Philib, mic Giolla<sup>47</sup> Chaoimhghin Uí Chinnéidigh a mháthair, amhail adeir an rann :

A Mhuirchertaigh mheic Saidhbhe  
do-chluinise a gcanaimne  
maith a chiall,<sup>48</sup> tuig<sup>49</sup> a thoradh,  
an Brian duid dá dheimhniughadh.

Mic Toirdhealbhaigh Mhóir. Fionnghuala<sup>50</sup> inghean Chinnéidigh, mic Murchadha na nEach, mic Briain Doill a mháthair.<sup>51</sup>

<sup>39</sup> Tuatha ó luígeach MSS. <sup>40</sup> mhéic na mara H.

<sup>41</sup> chúmhaicc H ; chumhadh G. <sup>42</sup> Úghna MSS. <sup>42a</sup> troda MSS.

<sup>43</sup> Fhéidhlime MSS. <sup>44</sup> ar lár H.

<sup>45</sup> gormáin lochluinn G, agus gormáin do choigeart ar ainm éigin eile.

<sup>46</sup> samhainn MSS.

<sup>47</sup> Sádhbh, inghean Gh. Ch. H.

<sup>48</sup> an chiall H.

<sup>49</sup> thuig G.

<sup>50</sup> fionnuadhla H.

<sup>51</sup> inghean Chinnéide mic Cianéide mic Briain doill, mic Murchadha na neach G.

Mic Taidhg Chaeluisce. Mór inghean Mheic ConMara a mháthair, amhail adeir an file :

A Mhór sa, a mháthair mo ríogh  
ráthuigh<sup>52</sup> mo bhrónsa 'mud bhrón  
ag caoineadh Thaidhg is toisc tréan  
[is] géar rom-loisc mo mhairg mhór.

Mic Conchubhair na Siúduine. Sadhbh inghean Donnchadha na Fidhchille Í Chinnéidigh a mháthair.

Mic Donnchadha Cairbrigh. Órlaith<sup>53</sup> Chaín, inghean ríogh Laighean .i. Diarmaid, mac Murchadha, a mháthair amhail adeir an rann :<sup>54</sup>

Ní heol damh duine do mholadh  
acht mac Órlaithe<sup>55</sup> an fhuilt chlaoin ;  
ní heol damh rann acht rann Donnchaidh<sup>56</sup>  
dá bharr cham mar chorthair chaoin.<sup>57</sup>

Mic Domhnaill Mhóir, rí Leithe Mogha, agus cosnamhach Cliach. Raghnailt, inghean Uí Fhógarta a mháthair ;

Mic Toirdhealbhaigh. Mór<sup>57</sup> inghean Rudhraighe Uí Chonchubhair, ríogh Connacht a mháthair.

Mic Diarmada. Sadhbh, inghean Taidhg Mic Cárthaigh a mháthair

Mic Toirdhealbhaigh. Mór,<sup>58</sup> inghean Giolla Brighde<sup>59</sup> Í Mhaolmhuidh, ríogh Chinéil bhFiachrach agus Fear Ceall a mháthair, *ut dixit Poeta* :

<sup>52</sup> rathaigh G ; raithicc H.                   <sup>53</sup> Órlath G ; orthla H.

<sup>54</sup> amhuil is bert H.           <sup>55</sup> orthlaithe H.

<sup>56</sup> donnchadha H ; chaoimh H.

<sup>57</sup> Toir- Mhóir H ; *mú an Toir. seo agus Toir. m. Thaidh malay-tuighthe* MSS ; *acht a gceartú ag H.*

<sup>58</sup> Is don T. so badh mathair &c. H.

<sup>59</sup> *ar lár G.*

Mór, inghean Maolmhuaidh mheanmnaigh ?  
 máthair meic Taidhg, Toirdhealbhaigh ;  
 an dá iath do athaigh soin  
 triath do chathaigh re cniochtaibh.

Mic Taidhg. Eachradh,<sup>60</sup> inghean Charaluga<sup>61</sup> mic  
 Oiliolla Finn, ríogh Ó nAedha a mháthair.

Mic Briain Bhóroimhe. Bébhionn, inghean Eochadha,  
 mic Murchadha, mic Maonaigh .i. rí Iarthair Chonnacht  
 a mháthair, amhail isbert<sup>62</sup> an rann :<sup>63</sup>

Mac Bébhionn an bheoil chumhra,  
 géir bheag a lucht leanamhna,  
 níor smuain gan chroibhneart fa a cheann  
 go bhfuair oighreacht na hÉireann.

Gormfhlaith Fhionn, inghean Murchadha, mic Finn,  
 ríogh Laigheán, máthair Dhonnchadha mic Briain  
 Bhóroimhe agus Siothraic mic Amhlaoibh Cuaráin ríogh  
 Gall Átha Cliath, agus Conchubhair mic Maoil Sheach-  
 lainn, ríogh Éireann. Isí<sup>64</sup> an Ghormfhlaith so tug na trí  
 léimeanna oirdhearca dá ndubhradh :

Trí léimeanna ro-ling Gormfhlaith,  
 ní lingfe bean go bráth :  
 léim i nÁth Cliath, léim i dTemhraigh,  
 léim i gCaiseal cárna ós cách.<sup>64</sup>

#### SLIOCHT BHRIAIN BHÓROIMHE.

Brian<sup>65</sup> Bóroimhe, iomorro, sé meic leis .i.<sup>65</sup> Murchadh,  
 Conchubhar agus Fland, an triúr ó nár síoladh díobh.  
 Mór, inghean Eidhin mic Cléirigh, mic Éadálaigh, mic  
 Cumascaigh d'Íbh<sup>66</sup> Fiachrach Aidhne máthair an trír  
 sin amhail adeir an file :

<sup>60</sup> ar lár G.

<sup>61</sup> charaluga G ; charolsa H.

<sup>62</sup> adeir G.

<sup>63</sup> ar lár H.

<sup>64-64</sup> níos sia thíos don alt so H.

<sup>65-65</sup> ar lár G.

<sup>66</sup> do Íbh H ; Mor, inghen Uí heidhin, rígh bhfiachrach Eidhne

sic G.

Mór<sup>67</sup> inghean [I] Eidhin áluinn  
 máthair Murchaidh fa maith sciámh  
 a císde rúin nochar dhearmad  
 rug sí triúr deagmhac do Bhrian.

Tadhg Donnchadh agus Domhnall an triúr ór síoladh.

Tuig<sup>68</sup> go rabhadar dias deirbhsheathar ag Béibhíonn .i. ag máthair Briain .i. Caoineach agus Creascha. Caoineach *a quo* Clann Choscraigh .i. Mac Aodha na Corcaighe ; agus Creascha *a quo* Clann Mhaol Ruana, amhail adeir an duan darab tosach : Cianóg inghean Chíocaráin.<sup>68</sup> Isí<sup>69</sup> an Ghormlaith seo do réamhrádhíom .i. inghean Mhurchadha mic Finn ro ling na trí lé imionna oirdhearca dia ndeabhradh : Trí léimionna &c.<sup>69</sup> Óir<sup>70</sup> do bhí an Ghormlaith seo ag Amhlaoibh Átha [Cliath] dá ngairthí Amhlaoibh Cuaráin, rí Gall Átha Cliath<sup>70</sup> nó go<sup>71</sup> rug sí Siotraic,<sup>72</sup> mac Amhlaoibh.

Do bhí sí ag Maoil Seachloinn, rí Éireann, nó go rùg sí Conchubhar mac MaoilSeachloinn.

Agus do bhí sí ag Brian Bóroimhe go rug sí Donnchadh mac Briain, agus is di táinig an easaonta dar tionnsgnadh<sup>73</sup> Cath Chluana Tairbh.<sup>71</sup>

Tadhg, mac Briain Bhóroimhe, aonmhac lais, .i. Toirdhealbhach, Airdrí Éireann.

Dhá<sup>74</sup> mhac le Toirdhealbhach .i. Muircheartach Mór, rí Éireann,<sup>75</sup> agus Diarmaid, rí Mumhan.

Dhá<sup>76</sup> mhac le Muircheartach Mór .i. Mathghamain *a quo* Clann Mhathghamhna Chorca Baisginn ; agus Domhnall ó dtáit Clann Domhnaill na nDarach, agus Sliocht Toirdhealbhaigh Dhuinn ; amhail isbert [in file] :<sup>77</sup>

Muirchertach Mór na múr ngeal  
 a shíol is oircheas d'áireamh,  
 slógh nach mín i n-am fhoghla  
 is díbh clann mhór Mhathghamhna.

<sup>67</sup> an rann ar easnamh G.

<sup>69-69</sup> mar atá thuas G.

<sup>71-71</sup> Ar lár G.

<sup>74</sup> dís G.

<sup>77</sup> ut dixit poeta G.

<sup>68-68</sup> ar easnamh G ;

<sup>70-70</sup> ar easnamh G. ; Áithe H.

<sup>72</sup> Siothrach H.

<sup>75</sup> ar lár H.

<sup>73</sup> -gnaidh H.

<sup>76</sup> Dís G.



Comhdháil<sup>78</sup> agus cóimhthionól mór bhfear nÉireann, laochaibh, cléircibh, agus sruithibh, go Caisiol do dhéanamh reachta agus riaghla<sup>79</sup> na hÉireann go huile i gcill is i dtuaith, amhail seo .i.<sup>79</sup> gan ceannach Eaglaise Dé do athlaochaibh<sup>80</sup> ná do aithchléirc[h]ibh go bráth ; agus gan cíos ná cáin do rígh ná do thaoiseach ón Eaglais i nÉirinn go bráth ; agus gan tuata<sup>81</sup> do bheith in' oircheannach innte ; agus<sup>82</sup> [gan] dá oircheannach do bheith i n-aenchill, acht ar an gcill do bheith i gcomhrac dá chóigeadh ; agus gan bean do bheith ag oircheannach cille ann ;<sup>82</sup> agus gan coimirce do bheith ag an té dhéanfadh goid ann ; agus gan coimirce ag fear fill ná fionghail[e] ann ; agus<sup>83</sup> gan cion an chléirigh, nó an fhile, do thabairt don tuata ;<sup>83</sup> agus gan bean a athar nó a sheanathar, nó a shiúr, nó a inghean do bheith 'na mnaoi ag fear i nÉirinn, nó bean a dhearbhráthar, nó bean ar bith chomh fogus sin i ngaol do.

Isiad so na hairigh agus na hardchomhairligh do bhí ag déanamh na combhairle sin .i. Muircheartach Mór,<sup>84</sup> airdrí Éireann, agus Diarmaid,<sup>85</sup> a dhearbhráthair, rí Mumhan ; Maol Muire Ó Dunáin, airdleagáid<sup>86</sup> agus airdeaspog agus airdsheanóir Inse Éireann ;<sup>86</sup> i n-ughdarás ón bPápa eisidhe ;<sup>87</sup> go sagartaibh agus easpogaibh, agus cléircibh iomdha<sup>87</sup> Éireann maille ris ; agus<sup>88</sup> tugsat so uile idir laochaibh agus cléircibh, rígh agus easpogaibh agus sruithibh a mallacht for gach n-aon no-thiocfadh i n-aghaidh na státúite nó an reachta soim go bruinne an bhrátha agus go foirceann an bheatha.<sup>88</sup>

Diarmaid, dearbhráthair Mhuircheartaigh Mhóir, mic Toirdhealbhaigh, mic Taidhg, mic Briain Bhóroimhe. Isiad clann an Diarmada so<sup>89</sup> .i. Conchubhar na Cathrach risa ráidhtear<sup>90</sup> Slapar Salach, *a quo* Clann Conchubhair, i gCloinn Ghiobúin [agus] i gConntae Luimnigh ; Toir-

<sup>78</sup> Comhdháil Cléire agus uaisle Éirionn le M., G.

<sup>79-79</sup> riaghalluidhte Éirionn accill sa ttuaith mar tá G.

<sup>80</sup> eaglaise dathlaochaibh ná daith- G. <sup>81</sup> tuatadha G.

<sup>82-82</sup> *ar easnamh* G. <sup>83-83</sup> *ar easnamh* G. <sup>84</sup> Ó Briain G.

<sup>85</sup> [Ó Briain] G.

<sup>86-86</sup> airdeaspog Caisil agus áirdseanóir Innse Eirionn G.

<sup>87-87</sup> maille *heasboig* 7 cléir Eirionn uile G.

<sup>88-88</sup> *ar lár* G. <sup>89</sup> isiad a chlann G. <sup>90</sup> ráitidhe G.

dhealbhach, *a quo* ríoghradh Tuadhmmhumham ; Tadhg<sup>91</sup> *a quo* Clann<sup>91</sup> Taidhg Glae ; Diarmaid *a quo* Clann Diarmada Finn ; Donnchadh<sup>92</sup> Easbog Cille dá Lua, *a quo* Clann Mhic an Easbuig.<sup>93</sup>

Toirdhealbhach, mac Diarmada, isiad a chlann .i. Domhnall Mór ; Muircheartach Dúin nà Sciath (díobhaidh an Muircheartach so) ; Brian an tSléibhe ; Diarmaid ; agus Constantín, Easbog Cille dá Lua, *a quo* Clann Chonnsaidín.

Domhnall Mór,<sup>94</sup> mac Toirdhealbhaigh, mic Diarmada, Rí dhá Chóigeadh Mumhan ;<sup>95</sup> isé do rinn Caisleán Dubh Átha Dara agus an halla mór don taobh theas don Chaisleán ; agus Caisleán Croma cois Máighe ; agus<sup>96</sup> Mainistear an Aonaigh i bPobal Bhriain ; Mainistear Fhear Muighe i gConntae Chorcaighe ; agus<sup>97</sup> sé mainistreacha déag oile san Mhumhain ;<sup>97</sup> agus do iodhbair iad gona mbeathadhaibh do Dhia agus dá mhanachaibh do rath a anma féin.

Domhnall Mór, isiad a chlann .i. Muircheartach Fionn Rí Mumhan, *a quo* Clann Mhuircheartaigh Fhinn ; Conchubhar Ruadh ; Donnchadh Cairbreach, Rí Tuadhmmhumhan, agus is ar a oileamhain i nUíbh gCairbre Ao[bh]dha i gCaenraighe as-rubhradh<sup>98</sup> Donnchadh Cairbreach ris ; Toirdhealbhach Fionn, *a quo* Clann Toirdhealbhaigh Fhinn, agus Bloidigh na Mumhan ; Domhnall Connachtach *a quo* Clann Domhnaill Chonnachtaigh ; Brian Bóirneach, *a quo* Clann Bhriain Bhóirneach ; Conchubhar Guasánach, *a quo* Clann Chonchubhair Ghuasánaigh ; Muircheartach Dall ó bhfuil<sup>99</sup> Sliocht Muircheartaigh Dhoill ;<sup>99</sup> agus Diarmaid Fíodhnaighe,<sup>100</sup> *a quo* Clann Diarmada Fíodhnaighe.

<sup>91-91</sup> *ar lár G.*

<sup>92</sup> *ar lár G.*

<sup>93</sup> *tagra ar chliatán an lgh ag H* : Don treibhseo le ráitir Clann mhic an Escoip Síol mBriain Rátha Du(a)bháin a mbaruntacht Innse Í Chuinn, agus is dá sliocht Frainséas Ó Briain atá anois a seilbh ranna do eastát a shínsir .i. fearann Bhéil na Fírbbéarnan dá ngoirthear Castle Bieca (?) ; anno 1762.

<sup>94</sup> *An t-alt so agus an t-alt 'na dhiaidh do mhalartú áiteann G.*

<sup>95</sup> rígh deagnach dhá chóige M. G.

<sup>96</sup> [Mainistir na Croiche Naoimh a cconntae Tiobrad Árann a nÉile Í Fhógarta] G.

<sup>97-97</sup> *ar lár G.*

<sup>98</sup> do goireadh D. C. de G.

<sup>99-99</sup> *ar lár H.*

<sup>100</sup> fíonoidhe G, fíoghnuighe H.

Donnchadh Cairbreach,<sup>101</sup> isiad a chlann .i. Conchubhar na Siúduine,<sup>102</sup> Rí Tuadhmhúman, *a quo* Síol mBriain Ruadh i nDúithche Aradh (Conchubhar na Siúduine dá rádh ris<sup>103</sup> óna mharbhadh ar an Siúduin<sup>104</sup> le cloinn Domhnaill Chonnachtaigh); Toirdhealbhadh, Muircheartach, Diarmaid<sup>105</sup> agus Tadhg Dall.<sup>105</sup>

Conchubhar na Siúduine, isiad a chlann .i. Tadhg Caoluisge; Brian Ruadh, *a quo* Síol mBriain Aradh<sup>106</sup> agus Muircheartach.

Tadhg Caoluisge, mac Conchubhair na Siúduine isiad a chlann .i. Toirdhealbhadh Rí Tuadhmhúman; agus Domhnall. Tuig gurab é an Tadhg Caoluisge seo d'fhágaibh an tuarastal i gCaoluisge ag Ó Néill<sup>107</sup> .i. dá chéad each; agus is ris an Tadhg so adearthaói aonmhac ríogh na hÉireann<sup>108</sup> 'na aimsir féin.

Toirdhealbhadh,<sup>109</sup> mac Taidhg Caoluisge, *a quo* Caithréim Thoirdhealbhaigh, isiad a chlann sin .i. Donnchadh Rí Tuadhmhúman; Muircheartach Rí Tuadhmhúman; Conchubhar; Diarmaid Rí Tuadhmhúman; Domhnall Uaithneach .i. i nUaithne hoileadh é. Isé an Toirdhealbhadh so tug Mainistir Inse amach do<sup>110</sup> Dia agus<sup>110</sup> do rath a anma féin; agus isé do rinne Cluain Rámhfhada. Agus isé Donnchadh, mac Toirdhealbhaigh, mic<sup>111</sup> Taidhg Caoluisge,<sup>111</sup> tug tighearnas Tuadhmhúman, trí bliadhna, mar chongnamh do na Bráithribh Bochta, chum<sup>112</sup> Mainistreach Inse do dhéanamh.<sup>112</sup> Agus isé an Donnchadh so do marbhadh<sup>113</sup> i bhfeall le Murchadh Mainchín mac Mathghamhna,<sup>114</sup> mic Domhnaill Chonnachtaigh i nGleann Caoin. Is ar shliocht an Donnchadha sin atáid Síol mBriain na gCeall

<sup>101</sup> [mac Domhnaill Mhóir] G.

<sup>102</sup> Siuidine G; Siuidinne H.

<sup>103</sup> is uime deirthídhe C. na S. G.

<sup>104</sup> [a ceoramruadh] G.

<sup>105-105</sup> agus Diarmaid Dall H.

<sup>106</sup> ó bhfuil Ó Briain Aradh G.

<sup>107</sup> d'fhág an cíós ag Ó Neill accaoluisge G. <sup>108</sup> ar lár G.

<sup>109</sup> Aonmhac ag T. C. .i. T. ara bhfuil &c. G.

<sup>110-110</sup> ar lár G.

<sup>111-111</sup> a mhac G.

<sup>112-112</sup> ar lár G.

<sup>113</sup> agus do marbhadh an D. so G.

<sup>114</sup> Murchadh mac Mathghamhna Mainchinn G.

agus Ghleanna Caoin. Muircheartach,<sup>115</sup> *a quo* an ríoghradh; Diarmaid, ler cuireadh cath Mainistreach Chorcarruadh ar Chloinn Bhriain Ruaidh, amhail adeir an file:

Fiche cath agus cath lais  
tug Ó Briain, barr an Fhorgais;  
aolchlocha go lár do lig  
dágh an aonchatha ar fhichid.

Tuig, a léightheóir, gurabé Donnchadh Cairbreach céadduine dár goireadh Ó Briain ar dtúis riamh; agus fós gurabé tug Mainistir Donnchadha Cairbrigh i Luimneach amach do Dhia ar son a anma.

Muircheartach, mac Toirdhealbhaigh, mic Taidhg Caoluisge, isiad a chlann .i. Mathghamhain *a quo* ríoghradh<sup>116</sup> Tuadmhumhan; Toirdhealbhadh Maol; agus Tadhg, *a quo* Síol mBriain na gCumrach isna Déisibh Deisceartacha.<sup>117</sup>

Mathghamhain, mac Muircheartaigh, mic Toirdhealbhaigh, mic Taidhg Caoluisge, isiad a chlann .i. Brian Chatha an Aonaigh; Conchubhar; agus Tadhg Bacach. Dá mhac la Conchubhar: Brian Dubh agus Diarmaid Garbh.<sup>118</sup> Ó Bhrian Dubh atáid Síol mBriain Charraige Ó gConaill. Éadaoin,<sup>119</sup> inghean Mheic Gormáin máthair Mhathghamhna Maonmhuighe.<sup>119</sup>

Isé an Brian so [Chatha an Aonaigh] tug Cath an Aonaigh dár gabhadh leis Iarla Deasmhumhan .i. Gearóid mac Muiris mic Tomáis; gonadh ón gcath sin do lean an forainm do Bhrian .i. Brian Chatha an Aonaigh.

Isiad clann an Bhriain seo .i. Tadhg na Glae Móire, a<sup>120</sup> ráidhtí Tadhg an chumhaidh Chnámha<sup>120</sup> lais ar bhriseadh Chath Béal Átha Líge<sup>121</sup> ar Ua Cheallaigh. Díobhaidh an Tadhg so.

Mathghamhain Dall, *a quo* Síol mBriain Díobartha. Dhá Rí Tuadmhumhan iadsidhe .i. Tadhg na Glae Móire agus Mathghamhain Dall.

<sup>115</sup> *tá G. measgaithe annso.*

<sup>116</sup> an ríoghradh H.

<sup>117</sup> déiscearta H.

<sup>118</sup> Diarmaid 7 Brian Dubh H.

<sup>119-118</sup> ar lár G.

<sup>120</sup> re a G.

<sup>120-120</sup> ar lár H.

<sup>121</sup> líge H.

Toirdhealbhach Bog, mac Briain Chatha an Aonaigh, *a quo* an Ríoghradh.<sup>122</sup>

Brian Óg, mac Briain Chatha an Aonaigh .i. mac inghine Iarla Deasmhumhan, *a*<sup>123</sup> *quo* Sliocht Eachdhroma.<sup>123</sup> Ba hé an Brian so an ceathramhadh mac do Bhrian Chatha an Aonaigh.

Toirdhealbhach Bog,<sup>124</sup> mac Briain Chatha an Aonaigh, tug Maidhm Glinne Fógra ar Iarla Deasmhumhan .i. Séamus mac Gearóid, agus tug Maidhm Baile an Phoill ar<sup>125</sup> an Iarla chéadna.<sup>125</sup>

Isiad clann an Toirdhealbhaigh sin .i. Tadhg an Chomhaid;<sup>126</sup> Donnchadh, Eascop Cille<sup>127</sup> dá Lua; Conchubhar Mór na Srón;<sup>128</sup> An Giolla Dubh darbh ainm<sup>129</sup> Toirdhealbhach Óg; Mathghamhain; Murchadh; Cinnéidigh; Brian Geanncach; agus Muircheartach Beag.

Caitilín, inghean Meic Bháitéir de Búrc máthair na cloinne sin Toirdhealbhaigh Bhuig uile.

Tadhg an Chomhaid, mac Toirdhealbhaigh Bhuig i nInse Í Chuinn, óir<sup>130</sup> budh é sinsear na cloinne é;<sup>130</sup> Conchubhar na Srón insa Sealuidhe; Donnchadh .i. an tEasbog i gcathair Cheallaigh; Murchadh i mBaile Í Ghríobhtha; Toirdhealbhach Óg, dár leasainm an Giolla Dubh, i mBaile mhic Dhubhda; Mathghamhain i gCoill Ó bhFlannchadha; Cinnéide<sup>131</sup> agus Brian Geanncach ro-dhíobhadar.<sup>131</sup>

Tadhg, mac Toirdhealbhaigh, mic Briain Chatha an Aonaigh, isiad a chlann .i. Toirdhealbhach Donn; Domhnall; Donnchadh; Muircheartach<sup>132</sup> Garbh; Murchadh; agus Diarmaid cléireach.<sup>132</sup>

Toirdhealbhach Donn, Rí Tuadhmmhumhan, ler cuireadh maidhm Muighe Aibhe<sup>133</sup> ar Iarla Urmhumhan; agus a<sup>134</sup> chuid do mhaidhm<sup>134</sup> Chnuic Tuath.

<sup>122</sup> *meascailhe go dtí so G.*      <sup>123\_123</sup> *ar lár G.*      <sup>124</sup> Isé T. B. G.

<sup>125\_125</sup> *ar lár H.*      <sup>126</sup> [*id est nomen loci*] H.      <sup>127</sup> *chillec* MSS.

<sup>128</sup> *sróna H.*

<sup>129</sup> *dár bhainm an Giolla Dubh G—Tugann an forainm ar Chonchubhar i n-ionad a thabhairt ar Thoir.*

<sup>130\_130</sup> *ar lár G.*      <sup>131\_131</sup> *ar lár G.*

<sup>132</sup> *Muircheartach, murchadh Garbh G.*      <sup>133</sup> *aibhle G.*

<sup>134\_134</sup> *agus máidhim G.*

Isiad clann an Toirdhealbhaigh sin .i. Conchubhar, Rí Tuadmhumhan ; Donnchadh, Tánaiste Tuadmhumhan ; Murchadh, Rí Tuadmhumhan ; agus Tadhg do marbhadh i nÁth an Chambuis for Siuir la Piaras Buítléir, agus ní do gníomh iomairic ro marbhadh acht urchar piléir dfhagháil fón sluagh,<sup>135</sup> agus<sup>136</sup> ro marbhadh Tadhg amhlaidh sin i meadhón a mhuintire ;<sup>136</sup> acht cheana tugadar a mhuintear leó marbh é ó Bhuitléaraichaibh<sup>137</sup> go Tuadmhumhain go n-airgnibh agus go n-éadálaibh iomdha,<sup>138</sup> agus do bhertsad Tadhg gan anman leó samhlaidh. Diarmaid díobhaidh.<sup>138</sup>

Domhnall, mac Taidhg, mic Toirdhealbhaigh, isiad a chlann .i. Brian ; Tadhg ; Conchubhar ; agus Muircheartach. Isí<sup>139</sup> seo a chuid fhearainn dílis<sup>139</sup> .i. Tír meic Briain, an Cheathramha Dhubh<sup>140</sup> agus Dún Ógáin.

Donnchadh, mac Toirdhealbhaigh i nDruim Fionnghlais.<sup>141</sup> Isiad clann an Donnchadha sin .i. Muircheartach ;<sup>142</sup> Tadhg ; Diarmaid ; Brian na Corcaighe. Brian, umorro,<sup>143</sup> i gCathair Corcoráin agus i mBaile an Chaisleáin. Isiad clann an Bhriain seo .i. Mathghamhain ; Murchadh Ruadh ; Diarmaid ; Conchubhar ; Muircheartach ; agus Tadhg an Phónaire.

Diarmaid cléireach i gCeathramhain na Madraí, isiad so a chlann .i. Domhnall na gCeall ; Brian an Chobhlaigh ; Murchadh an Tarmainn ; Mathghamhain [H] ; Donnchadh ; Toirdhealbhaigh ; Muircheartach Garbh : D'imthigh Murchadh<sup>144</sup> gan sliocht.

#### SÍOL MBRIAIN CHAIRRGE Ó GCONAILL<sup>145</sup>

Mathghamhain, mac Muircheartaigh, mic Toirdhealbhaigh, mic Taidhg Caoluisge, mic Conchubhair na Siúduine, isiad so a chlann .i. Brian Chatha an Aonaigh

<sup>135</sup> acht durchur pléir do tugach fán sluagh G.

<sup>136</sup>–<sup>136</sup> ar lár G. <sup>137</sup> -léaraibh G. <sup>138</sup>–<sup>138</sup> niomdhaibh G.

<sup>139</sup>–<sup>139</sup> isí seo cuid fearainn dílis an *trír* mac sin Bhriain .i. Tír mic Briain G. <sup>140</sup> ar lár G. <sup>141</sup> Fionaghlaise G.

<sup>142</sup> Murchadh G.

<sup>143</sup> ar lár G.

<sup>144</sup> Murchadh dimig H.

<sup>145</sup> Ccoinneall annso H ; ccoinnioll sonn G.

*a quo* Ó Briain ; agus Conchubhar,<sup>146</sup> *a quo* Síol mBriain Chairrge Ó gConaill.

Dá mhac la Conchobhar .i. Diarmaid agus Brian Dubh. Diarmaid<sup>147</sup> díobhaidh (gan sliocht acht madh beag).

Brian Dubh, aonmhac leis .i. Donnchadh, mac Briain Duibh.

Aon<sup>148</sup> mhac déag le Donnchadh ; agus ro chríonsad uile, acht madh beag, agus bainshliocht, cenmothá Mathghamhain mac Donnchadha, mic Briain Duibh.<sup>148</sup>

Clann Mhathghamhna .i. Donnchadh agus Muircheartach.

Aonmhac la Muircheartach .i. Tadhg.

Clann mhór le Donnchadh<sup>149</sup> .i. Domhnall ; Conchubhar Maol ; Brian Dubh ; Tadhg ; Diarmaid agus Mathghamhain.

Sliocht Mhathghamhna, mic Muircheartaigh mic Toirdhealbhaigh, mic Taidhg Caoluisge, mic Conchubhair na Siúduine, mic Donnchadha Cairbrigh, mic Domhnail Mhóir annso :

Clann an Mhathghamhna so, mic<sup>150</sup> Muircheartaigh, mic Toirdhealbhaigh<sup>150</sup> .i. Brian Chatha an Aonaigh *à quo* Ó Briain agus an ríoghradh ;<sup>151</sup> agus Conchubhar, *à quo* Síol mBriain Chairge<sup>152</sup> Ó gConaill agus<sup>152</sup> Phobail Bhriain, (Do bhí an Conchubhar so, mac Mathghamhna, ocht mbliadna 'na Ó Bhriain Tuadhmuhan) ; Toirdhealbhach ;<sup>153</sup> Muircheartach ; Tadhg Bacach, *a quo* Síol mBriain Bhaile Í Gheiredeáin ; Domhnall agus Donnchadh.

<sup>146</sup> *Gluais air seo ag H, ar chliathán deas an lgh.* : Anno Domini 1449 an tan táinig an Conchubhar so go Carraig o ccoineall iar mbeith na Rígh Tuamhan ocht mbliadhna dho.

<sup>147</sup> dimig Diarmaid gan sliocht G.

<sup>148-148</sup> aon mhac leis Mathghamhain G. <sup>149</sup> Tadhg G.

<sup>150-150</sup> ar lár G. <sup>151</sup> ⁊ ríogra Tuadhmuhan G.

<sup>152-152</sup> ar lár G.

<sup>153-153</sup> (*go deireadh an ailt seo*) : fa hiad clann Con. mc. Maghthamhna Diarmaid ⁊ Brian Dubh ⁊ Domhnall easbog Luimne ; aonmhac le Diarmaid Muircheartach ; clann Mhuirch. .i. Toirdhelbhach Domhnall, Taidhg Bacach ó bhfuil Síol mBriain Bhaile Uí Gheiredeáin G.

Clann Chonchubhair, mic Mathghamhna annso .i. Diarmaid ; Brian Dubh ; Domhnall, Easbog Luimnigh.

Aonmhac le Muircheartach mac Mathghamhna .i. Toirdhealbhadh.

Aonmhac le Tadhg Bacach mac Mathghamhna, mic Muircheartaigh .i. Toirdhealbhadh.

Diarmaid<sup>153</sup> mac Chonchubhair, mic Mathghamhna díobhaidh, acht madh beag, agus bainshliocht amhail aisnéidhfeam 'nár ndiaidh, agus badh hé an Diarmaid seo sinsear Cloinne Chonchubhair mic Mathghamhna.

Brian Dubh, an dara mac le Chonchubhar, aonmhac lais .i. Donnchadh, mac Briain Duibh.

Aon mhac déag Dhonnchadha mic Briain Duibh annso<sup>154</sup> .i. [Brian mac] Donnchadha mic Briain Duibh an sinnsear.<sup>154</sup> Cuid Bhriain mic Donnchadha d'fhearann<sup>155</sup> Phobail Bhriain annso<sup>155</sup> .i. seisreach Chaisleán Bhaile Í Chatháin, agus an caisleán féin ó[n] sruth<sup>156</sup> ba thuaidh .i. Tír an Mhuine, Lios Eoghain, Clár Eidhin,<sup>157</sup> leithsheisreach Bhaile Mhilis, Cathair<sup>158</sup> an Phollaigh, leithsheisreach Chloiche an Chogtha, agus leithsheisreach na Beáran Coill ; ionnus<sup>159</sup> gurab iadsan dá sheisrigh go leith Bhriain mhic Dhonnchadha Í Bhriain.<sup>159</sup>

Domhnall an dara mac : isí a chuid fhearainn .i. seisreach Bhaile Í Riagáin, leithsheisreach na Páirce, leithsheisreach na Soilchéarnan<sup>160</sup> ara bhfuil caisleán Doire an Chnocáin agus teampoll Chnuic na nGall, agus leithsheisreach Léim an Fhiaidh ; ionnus<sup>161</sup> gurab iadsan dá sheisrigh go leith Domhnaill Í Bhriain.<sup>161</sup>

Murchadh Buidhe, an treas mhac, a chuid fearainn annso .i. leithsheisreach<sup>162</sup> Droma Locháin<sup>163</sup>, leith-

<sup>154-154</sup> ar lár G.

<sup>155-155</sup> mic Briain Duibh .i. an sinnsear G.

<sup>156</sup> ó shruith MSS. <sup>157</sup> Cláirian H.

<sup>159-159</sup> ar lár G. <sup>160</sup> soilchéarnan H.

<sup>162</sup> -siorach MSS *tríd síos*.

<sup>158</sup> chaithir G.

<sup>161-161</sup> ar lár G.

<sup>163</sup> lócháin G.



sheisreach Cille Fionnshneachta, leithsheisreach na Gráige, agus seisreach Bhaile an Róistigh;<sup>164</sup> ionnus<sup>165</sup> gurab iadsan dá sheisrigh go leith [Murchadha]<sup>165</sup>

Mathghamhain an ceathramhadh mac; cuid<sup>166</sup> Mathghamhna dfhearann Phobail Bhriain<sup>166</sup> .i. seisreach Cille<sup>167</sup> hOnchon, leithsheisreach Bhaile na mBruthnóg, leithsheisreach Cathrach na Tánatha,<sup>168</sup> agus leithsheisreach Bhaile Í Annratháin Mhóir; ionnus<sup>169</sup> gurab iadsan dá sheisrigh go leith Mhathghamhna.<sup>169</sup>

Toirdhealbhadh, ris a ráidhtí<sup>170</sup> Faircinnach Luimnigh,<sup>171</sup> an cúigeadh mac; a chuid fhearainn i bPobal Bhriain annso .i. leithsheisreach Cille Domhnaill, leithsheisreach na Sceathánaighe, leithsheisreach Bhaile Sheagháin, leithsheisreach Bhaile Í Mhurchadha, agus leithsheisreach Chnuic na Buaille Gluise; gurab<sup>172</sup> iadsan dá sheisrigh go leith Toirdhealbhaigh.<sup>172</sup>

Clann inghean Domhnaill Mhóir Uí Bhriain .i. Mór, pósta<sup>443</sup> ag Tadhg mac an Iarla Tuadhmhúmhán ; Áine, ag Toirdhealbhadh Ruadh Mac Mathghamhna i gCluain idir dhá Lá, (agus inghean d'Áine sin ag Mathghamhain Maol, agus Áine, inghean Mhathghamhna Maoil ag Seaán Mac Conmara ón mBaoiriasg) ;<sup>444</sup> Mairgréad,<sup>445</sup> inghean Domhnaill Mhóir, ag Ó Súilleabháin Béarra ; Sadhbh, ag Tadhg Caoch Mac Mathghamhna i gCarraig<sup>446</sup> an Chobhlaigh.

Inghean Mhuircheartaigh, mic Domhnaill Mhóir ag Mac Muiris Ciarraige, agus 'na dhiaidh sin ag Uaithne Ó Lochlainn Bóirne.

Inghean Chonchubhair, mic Domhnaill Mhóir .i. Eibhlín ag Tadhg Mac Conmara.

Mac do Thadhg .i. Domhnall, an Coirnéal, pósta ag inghin an Phuirséalaigh i gCróch. Mac do Dhomhnall .i. Finghín pósta ag inghin Colonel<sup>447</sup> Blount. Is<sup>448</sup> Comhairleach insan dligheadh an Fighín sin.

Bean phósta Sir Toirdhealbhaigh .i. Sláine, inghean Mhurchadha, an chéadIarla.

Bean Mhuircheartaigh, mic Domhnaill Mhóir .i. Máire Freince.<sup>449</sup>

Bean Chonchubhair, mic Domhnaill Mhóir .i. Sadhbh, inghean Toirdhealbhaigh, mic Mathghamhna ó Charraig an Chobhlaigh.

Clann inghean Sir Toirdhealbhaigh .i. Sláine, ag Conchubhar Ó Bhriain i Léim an Eich.

Clann inghean Mhuircheartaigh .i. Máire ag Conchubhar, mac Toirdhealbhaigh Óig Uí Chonchubhair ; Áine, ag Rosa Ó Lochlainn insna Faic[h]idhe ; Onóra ag Antoine Moss ; Sadhbh, ag Murchadh Ó Bhriain ó Chathair Corcoráin.

Conchubhar, mac Domhnaill Mhóir : mac aige .i. Domhnall, pósta ag Eilionóir, inghean Ridire an Ghleanna.

Clann Domhnaill, mic Conchubhair, mic Domhnaill

<sup>443</sup> pósta.

<sup>444</sup> (?) Buidhriag.

<sup>445</sup> Mairghreat.

<sup>446</sup> ccairic.

<sup>447</sup> Coll.

<sup>448</sup> *easnamh annso* H.

<sup>449</sup> *sic* MS. (P Frinse, French).

Mhóir .i. Sadhbh an Óir, pósta ag MaoilSheachlainn Ó Lochlainn Bóirne ; agus Onóra ag Éamonn Mhac Gearailt ó Lic Bhéibhionn.<sup>449a</sup>

---

GEINEALACH SLEACHTA BHÉIL ÁTHA AN CHOMHRAIC.

CRIOSTÓIR : Máire ní Mheic Conmara<sup>450</sup> ósna Ranna a bhean ; mac

Murchadha : Máire Ní Ghearailt ó Chaisleán an Lisín a bhean ; mic

Toirdhealbhaigh : Mór, inghean Mhathghamhna mic Mathghamhna ón dTuaith a bhean ; mic

Taidhg : Mór Ní Bhriain, inghean Sir Toirdhealbhaigh a bhean ; mic

Murchadha : Mór, inghean<sup>451</sup> Bhriain Uí Bhriain ón Ruisín a bhean ; mic

Toirdhealbhaigh : inghean Uí Chonchubhair Chiarraighe a bhean ; mic

Taidhg Bhéil Átha an Chomhraic : inghean Iarla Deasmhumhan (Muiris<sup>452</sup> an Charbaid) a bhean ;<sup>452</sup> (Dearbhráithre fá sine 'ná an Taidhg so Bhéil Átha an Chomhraic .i. Donnchadh, an sinnsear, an<sup>453</sup> dara Iarla Tuadmhumhan ; Domhnall Mór, sinnsear [Sleachta] Inis Díomáin<sup>454</sup> an dara dearbhráthair ; Murchadh, i gCathair Móna an treas dearbhráthair ; an Taidhg so an ceathramhadh dearbhráthair ; agus Muircheartach Druim Laighean<sup>455</sup> an cúigeadh dearbhráthair) ; mic

Conchubhair, mic Toirdhealbhaigh Duinn, mic Taidhg an Chomhaid, mic Toirdhealbhaigh Bhuig.

Dearbhráthair don chéadMhurchadh thuas (.i. athair Christóra) Domhnall i gCluain na Cille, triúr mac leis anois 'na mbeathaidh .i. Muircheartach, Domhnall agus Toirdhealbhadh, 1761. Máire, inghean Mhuircheartaigh Choim ó Chluain Íneach, [a] máthair. Henrí, dearbhráthair oile don Mhurchadh thuas, pósta ag inghin tSéafraidh Uí Chonaill ó Uíbh Ráthach.

---

<sup>449a</sup> fé Bhonn.

<sup>451</sup> ní.

<sup>453</sup> fa.

<sup>450</sup> mhéic na Mara.

<sup>452</sup> a mháithir .i. Muiris an Charbaid.

<sup>454</sup> Tiomáin

<sup>455</sup> lughion.

## GEINEALACH IARLA INSE UÍ CHUINN

Do réir mar cuireadh i gclódh é san Dochtúir Kéitinn<sup>456</sup>  
[i m]Béarla, len' ughdarás féin.

Uilliam Ó Briain, an ceathramhadh hIarla i nInse Uí Chuinn, pósta ag Anna Hamalton an inghean fa sine agus comhoighre Sheoirse Hamalton, Diuic Oircnidhe ; mac

Uilliam Í Bhriain, an treas Iarla, pósta ag Máire inghean Sir Éadbhard Villiars, agus deirbhshiúr<sup>457</sup> Iarla Iersidhe ; mic

Uilliam Í Bhriain, an dara hIarla, pósta ag Mairghréat Ní Bhaoill, inghean Rughraidhe Í Bhaoill, an chéad-Iarla Orbhraighe ; mic

Murchadha Í Bhriain, an cúigeamhadh Tighearna i nInse Uí Chuinn, dar gairmeadh céadIarla Inse Uí Chuinn, pósta ag Eilís, inghean Uilliam Sant Leger, Lord President Mumhan ; mic

Diarmada Í Bhriain, an ceathramhadh Tighearna Inse Uí Chuinn, pósta ag Eiléan, inghean Sir Éamuinn mic Gearailt Bhaile Mo Lua ; mic

Murchadha Í Bhriain, an treas Tighearna Inse Uí Chuinn, pósta ag Mairghréat, inghean Sir Tomás Cúisig, Lord Chancellor na hÉireann, agus duine dona trí Airdiúistísidhe ; mic

Murchadha Í Bhriain, an dara Tighearna Inse Uí Chuinn, pósta ag Nábla, inghean Christóra<sup>458</sup> Núgeint, Tighearna na nDealbhna ; mic

Diarmada Í Bhriain, an chéadTighearna Inse Uí Chuinn, pósta ag Mairghréat, inghin Donnchadha Í Bhriain an dara hIarla Tuadhmhúman ; mic

Murchadha I Bhriain, céadIarla Tuadhmhúman, agus an ceathramhadh mac do Phrionnsa dhéadnach Tuadhmhúman, pósta ag Eilionóir, inghin Tomás mhic Gearailt, Ridire an Ghleanna ; mic

Toirdhealbhaigh Dhuinn Í Bhriain, Prionnsa Luimnigh agus Tuadhmhúman, pósta ag Siobhán Ní mhic<sup>459</sup> Mhuiris, inghean Tighearna Chiarraighe agus Leic

<sup>456</sup> Keitinn nó Reitinn.

<sup>458</sup> christóra.

<sup>457</sup> -sheathar.

<sup>459</sup> mhéic.

Shnámha,<sup>460</sup> dá ngoirthí an Tighearna Balbh. Gidheadh, do réir Chloinne Bruaideadha,<sup>461</sup> agus Chloinne Í Mhaoil-Chonaire isí bean do bhí ag Toirdhealbhach Donn .i. Raghnailt inghean tSeaáin mic Síoda, mic [Meic] Con, mic Lochlainn, mic Cui[n]mheadha Móir, Mic Conmara ; mic

Taidhg an Chomhaid<sup>462</sup> Í Bhriain, pósta ag Anna Búrc, inghin Mheic<sup>463</sup> Uilliam ; mic

Toirdhealbhagh Bhuig Í Bhriain, pósta ag Sláine, inghin Lochlainn Láidir Mheic Conmara ; mic

Briain Chatha an Aonaigh, pósta ag Sláine Ní Mheic Conmara ;<sup>464</sup> mic

Mathghamhna Maonmhuighe Í Bhriain, pósta ag inghin Phrionnsa Laighean do líne dhírigh Dáire Barrach, mic Cathaoir Mhóir, Ríogh Éireann. Do réir ollamhan<sup>465</sup> Dáil gCais fá hí Úna,<sup>466</sup> inghean Fheidhlime an Oinigh Í Chonchubhair bean Mhathghamhna Maonmhuighe, agus fá máthair do Bhriain Chatha an Aonaigh ; mic

Muircheartaigh Í Bhriain, pósta ag Saidhbh inghin Í Chinnéidigh. Gidheadh, do réir ollamhan<sup>465</sup> Dáil gCais fá hí inghean Mheic Gormáin fá bean dó ; mic<sup>467</sup>

Toirdhealbhagh Í<sup>468</sup> Bhriain, pósta ag Aurina inghean Domhnaill Mhéic Cárthaigh. Do réir na n-ollamhan fá hí Sadhbh, inghean Ghiolla Caoimhghin Í Chinnéidigh a bhean ; mic

Taidhg Caoluisge, pósta ag Fionnghuala<sup>469</sup> inghin Uí Chinnéidigh. Gidheadh, do réir ollamhan Dáil gCais fá hí Fionnghuala Ní Bhriain, inghean Chinnéidigh, mic Murchadha na nEach, mic Briain Doill Ó gCuanach a bhean ; mic

Conchubhar na Siúduine,<sup>470</sup> pósta ag Móir Ní Mhic Conmara ; mic

Donnchadha Cairbrigh, pósta ag Saidhbh inghin Donnchadha Í Chinnéidigh ; mic

Domhnaill Mhóir, Ríogh<sup>471</sup> Caisil tríochad bhiadhan, pósta ag Órfhlaith,<sup>472</sup> inghin Mhéic Murchadha Laighean ; mic

<sup>460</sup> leicnádth.

<sup>461</sup> clainne Broidíodha.

<sup>462</sup> Chombfhaid.

<sup>463</sup> méic.

<sup>464</sup> mhéic na mara.

<sup>465</sup> ollamhain.

<sup>466</sup> Úghna.

<sup>467</sup> ar lár MS.

<sup>468</sup> Ó B. (? Toirdhealbhach).

<sup>469</sup> fionnualla.

<sup>470</sup> Siu d

<sup>471</sup> rígh.

<sup>472</sup> órtlaith.

Toirdhealbhaigh Í Bhriain, Ríogh<sup>471</sup> Mumhan chúig bliadhna, posta ag Raghnailt, inghin Uí Fhógarta ; mic

Diarmada I Bhriain, Ríogh Mumhan, cheithre bliadhna, pósta ag inghin Taidhg Mhic Cárthaigh .i. Sadbh. Adeir na hollamhain gurabí Sadhbh, inghean Taidhg Mheic Cárthaigh máthair Dhiarmada Í Bhriain ; mic

Toirdhealbhaigh Í Bhriain, Ríogh Éireann dá bhliadhain déag, pósta ag Móir inghin Í Eidhin.<sup>473</sup> Gidheadh, adeirid<sup>474</sup> na hollamhain gurabí Mór, inghean Í Mhaolmhuaidh,<sup>475</sup> Ríogh Ó bhFiachrach agus Fear Ceall fá bean dó ; mic

Taidhg,<sup>476</sup> pósta ag Móir, inghin ríogh Laighean. Do réir na n-ollamhan isí Earchradh, inghean Charalas Fhinn,<sup>477</sup> Ríogh Ó nAedha Odhbha máthair Thaidhg ; agus gurabí Mór, inghean Rudhraighe Í Chonchubhair fá bean dó ; mic

Briain Bhóroimhe, Ríogh Éireann dhá bhliadhain déag, pósta ag Gormlaith inghean Mhurchadha, mic Floinn. Do bhí Brian pósta ag inghin Í Eidhin, ríogh Ó bhFiahrach Aidhne,<sup>478</sup> agus do rug triúr mac dó .i. Murchadh, Conchubhar agus Flann.

## GEINEALACH SIR ÉADBHAIRD UÍ BHRIAIN

.i. Fear Léime an Eich annso síos :

Laioseach, Conchubhar agus Donnchadh clann

Sir Éadbhaird : Máire, inghean Aodha Hicman, a bhean ; mic

Laosigh : inghean Squire<sup>479</sup> Keitly, a bhean ; mic

Sir Donnchaidh : inghean Sheóirse Hamalton a bhean ; mic

Conchubhair : inghean Toirdhealbhaigh Mhic Mhathghamhna ó Chluain idir dhá Lá a bhean .i. Máire Ruadh ; mic

Donnchadha : inghean Squire<sup>480</sup> Wingfield<sup>481</sup> a bhean ; mic

<sup>471</sup> righ.                    <sup>473</sup> éidin.                    <sup>474</sup> abaraid.                    <sup>475</sup> maolmuadh.

<sup>476</sup> Taidhg Í Bhriain.                    <sup>477</sup> Fhin.                    <sup>478</sup> Éidhne.

<sup>479</sup> Squer.                    <sup>480</sup> Esqr.                    <sup>481</sup> Joinfield.

Conchubhair : inghean Sir Toirdhealbhaigh Uí Bhriain, mic Domhnaill Mhóir, a bhean ; mic

Donnchadha : inghean Iarla Tuadmhumhan a bhean. Dearbhráthair fá sine 'ná an Donnchadh [so] .i. Diarmaid céad-Bharún Inse Í Chuinn ; mic

Murchadha, an chéadIarla : inghean Ridire an Ghleanna a bhean. Fa hé Murchadh, an chéadIarla, an treas mhac le Toirdhealbhach Donn.

### GEINEALACH SÍL BHRIAIN NA gCEALL AGUS GHLEANNA CAOIN

Do shíolruigh ó Dhonnchadh, sinnsear cloinne Toirdhealbhaigh, mic Taidhg Caoluisge, mic Conchubhair na Siúduine :<sup>482</sup>

BRIAN, mac Conchubhair, mic Briain, mic Conchubhair, mic Briain, mic Muircheartaigh, mic Toirdhealbhaigh, mic Briain, mic Donnchadha, mic Toirdhealbhaigh na Caithréime, mic Taidhg Caoluisge, mic Conchubhair na Siúduine,<sup>483</sup> *etc.*

[N.B. : Is aithnidh don sgríbhneoir<sup>484</sup> Muircheartach Ó Briain atá anois beo i gConntae an Chláir go fírdhealbh ; agus tá mac aige darab ainm Donnchadh anois 'na chomhnuidhe i mBaile Átha<sup>485</sup> Cliath ; agus isé an mac so an Mhuircheartaigh chéadna oighre díreach<sup>486</sup> Toirdhealbhaigh, mic Taidhg Caoluisge, mic Conchubhair na Siúduine, mic Donnchadha Cairbrigh. Isé athair do bhí ag Muircheartach thuas .i. Conchubhar, mac Donnchadha, mic Briain tuas.

Ag seo, ar an adhbhar sin, geinealach an Donnchadha so, mic Muircheartaigh atá anois beo san mbliadhain 1762.

Donnchadh, mac Muircheartaigh, mic Conchubhair, mic Donnchadha, mic Briain, mic Conchubhair, mic Briain, mic Conchubhair, mic Briain, mic Muircheartaigh, mic Toirdhealbhaigh, mic Briain, mic Donnchadha, mic Toirdhealbhaigh, mic Taidhg Caoluisge, mic Conchubhair na Siúduine, *etc.*]

<sup>482</sup> Suidinne.

<sup>483</sup> siuidinne.

<sup>484</sup> .i. Mícheál Ó Longáin (ag aithris ar Aindrias mhac Cruitin?).

<sup>485</sup> Áithe

<sup>486</sup> díorach.



GEINEALACH TAIDHG GLAE, dá ngoirthí Tadhg Árann, agus Tadhg Áluinn.

MURCHADH, mac Toirdhealbhaigh, mic Domhnaill, mic Conchubhair Óig, mic Conchubhair Ruaidh,<sup>487</sup> mic Diarmada Móir, mic Donnchadha, (ó [d]táid Sliocht Donnchadha)<sup>488</sup> mic SeanTaidhg, mic Diarmada, mic Donnchadha mic Taidhg Áluinn,<sup>488</sup> ó bhfuilid Clann Taidhg [Áluinn]), mic Diarmada, mic Toirdhealbhaigh, mic Taidhg, mic Briain Bóroimhe.

Craobhscaoileadh Sleachta Taidhg Glae nó Taidhg Áluinn sonn :

Murchadh, mac Muireadhaigh, mic Domhnaill, mic Domhnaill (dá ngoirthí an Cam), mic Donnchadha, mic Muircheartaigh, mic Domhnaill, mic Toirdhealbhaigh Mhéith, mic Muircheartaigh, mic Domhnaill (dá ngoirthí an Faircinnach), mic Donnchadha, mic SeanTaidhg.

Tadhg, mac Toirdhealbhaigh, mic Toirdhealbhaigh Mhanntaigh, mic Donnchadha, mic Domhnaill, mic Toirdhealbhaigh Mhéith.

Seaán, mac Taidhg Óig, mic Taidhg, mic Domhnaill, mic Toirdhealbhaigh Mhéith.

Dís dearbhráthar ag Seaán<sup>489</sup> mac Taidhg .i. Donnchadh agus Tadhg Donn.

Donnchadh, mac Seaáin<sup>489</sup> mic Taidhg, dá mhac lais .i. Diarmaid Mór agus an Faircinnach .i. Domhnall.

Dá mhac leis an bhFaircinnach .i. Muircheartach agus Tomoltach.

Aonmhac le Muircheartach .i. Toirdhealbhach Méith.

Triúr mac le Toirdhealbhach Méith .i. Diarmaid ; Domhnall ; agus Mathghamhain.

Domhnall : dá mhac leis .i. Donnchadh agus Tadhg.<sup>490</sup>

Donnchadh, dís mhac leis .i. Toirdhealbhach Manntach ; agus Domhnall dá ngoirthí<sup>491</sup> an Cam.

Toirdhealbhach Manntach, cheithre meic lais .i. Diarmaid ; Domhnall (díobhdhaidh) ; Mathghamhain ; agus Toirdhealbhach Óg.

<sup>487</sup> ruadh.

<sup>488</sup>..<sup>489</sup> *an leath chúpla ceangail tar éis Donnchadha agus an leathchúpla eile tar éis Taidhg Áluinn ar easnamh.*

<sup>489</sup> Seán

<sup>490</sup> Taidhg.

<sup>491</sup> ngoirthídhe.

Triar mac la Mathghamhain .i. Toirdhealbhach Manntach ; Domhnall an Chogaidh ;<sup>492</sup> agus Tadhg.

Aonmhac le Domhnall .i. Toirdhealbhach Manntach, díobhdhaidh.

Toirdhealbhach Óg, dá mhac lais .i. Diarmaid agus Tadhg.

Tadhg, mac Domhnaill, mic Domhnaill, mic Toirdhealbhaigh Mhéith, dís mhac leis .i. Tadhg agus Diarmaid.

Tadhg, mac Taidhg .i. Tadhg Óg, triúr mac aige .i. Seaán ; Donnchadh ; agus Toirdhealbhach.

Mathghamhain, mac Toirdhealbhaigh Mhéith, dís mhac lais .i. Seaán agus Brian.

Aonmhac ag Seaán .i. Muircheartach, díobhdhaidh.<sup>493</sup>

Tomás, mac an Fhaircionnaigh, aonmhac lais .i. Mathghamhain.

Aonmhac le Mathghamhain .i. Muircheartach.

Aonmhac le Muircheartach .i. Diarmaid.

Cheithre meic<sup>494</sup> le Diarmaid .i. Mathghamhain ; Muircheartach ; Tadhg Caoch ; agus Seaán Ruadh.

Seaán Ruadh : dá mhac lais .i. Murchadh na Mallacht ; agus Seaán Riabhach.

Tadhg Caoch : dís mhac lais .i. Domhnall, díobhdhaidh ;<sup>495</sup> agus Brian Baisgionach.

Muircheartach : dá mhac lais .i. Murchadh Dubh ; agus Donnchadh.

Aonmhac le Murchadh Dubh .i. Diarmaid.

Aonmhac le Diarmaid .i. Muircheartach.

Dá mhac le Donnchadh, mac Murchadha Duibh<sup>495</sup> .i. Murchadh agus Donnchadh.

Mathghamhain :<sup>496</sup> aonmhac lais .i. Toirdhealbhach.

Dá mhac le Toirdhealbhach .i. Mathghamhain agus Brian.

Diarmaid Mór, mac SeanTaidhg :<sup>497</sup> dá mhac lais .i. Conchubhar Ruadh ; agus Mathghamhain.

Aonmhac le Conchubhar Ruadh .i. Conchubhar Óg.

<sup>492</sup> choga.

<sup>493</sup> dibidh.

<sup>494</sup> mic.

<sup>495</sup> dhuibh (P Mac Muircheartaigh).

<sup>496</sup> (P Murchadh).

<sup>497</sup> Seanntaidhg *statim*.

Seisear mac la Conchubhar Óg .i. Murchadh, Brian, Tadhg (díobhdhaidh) ; Seaán<sup>498</sup> agus dá Dhomhnall.

Seaán,<sup>499</sup> aonmhac lais .i. Seaán Óg.

Aonmhac le Seaán<sup>498</sup> Óg .i. Murchadh.

Domhnall : mac Conchubhair Óig, dá mhac lais .i. Donnchadh agus Toirdhealbhach.

Triúr<sup>499a</sup> mac ag Toirdhealbhach .i. Domhnall rér thuit Mathghamhain mac Toirdhealbhaigh Mhanntaigh ; Murchadh, mac Toirdhealbhaigh ; agus Diarmaid ; agus Tadhg. Díobhdhadar an ceathrar (?) sin.

Mathghamhain, mac Diarmada [Móir], aonmhac lais .i. Seaán an Spriacha.

Aonmhac le Seaán an Spriacha .i. an tAnnraighteach.<sup>500</sup>

Aonmhac lais an Annraighteach<sup>501</sup> .i. Murchadh Fionn.

Seisear mac Bhriain, mic Toirdhealbhaigh, mic Sean-Taidhg annso síos :

Murchadh Mór lé ndearnadh<sup>502</sup> [Caisleán] Tromráith ; agus Mathghamhain lé ndearnadh Caisleán Inse ; agus Diarmaid ó Sheanlucht an Chorrugh ; agus Muirheartach aga raibh dhá sheisrigh i nInis Meadháin,<sup>503</sup> agus Cluaine 'na bhfearann<sup>504</sup> saor ; Domhnall aga raibh ceathramha Bhaile Mhanannáin ; agus Seaán do bhain Árd na Criadh amach. Finis.

## GEINEALACH Í BHRIAIN NA gCLUAINTE

Geinealach Í Bhriain na gCluainte agus Momhainín i mBarúntacht Chonallach i gConntae Luimnigh :

Tadhg, mac Seaáin<sup>505</sup> Í Bhriain (atá beó fós i seilbh na gCluainte *etc.*, 1762), mic Taidhg, mic Toirdhealbhaigh, mic Donnchadha, mic Domhnaill, mic Taidhg, mic Murchadha (aga raibh Oileán Árann, agus Leitir, láimh le hInis, agus dá sheisrigh dhéag idir Chill Mhuire agus

<sup>498</sup> Seán.    <sup>499</sup> Seághan.    <sup>499a</sup> (? ceathrar).    <sup>500</sup> tanraighthíoch.

<sup>501</sup> anrothach (? anrathach).    <sup>502</sup> le andeárnadh.

<sup>503</sup> méadh.    <sup>504</sup> fearan (? na bhFearnn).    <sup>505</sup> Seagháin.

fairrge), mic Toirdhealbhaigh, mic Domhnaill, mic Conchubhair Óig, mic Conchubhair, mic Diarmada Móir (aga mbíodh dhá thunna<sup>506</sup> dhéag fíona d'áirdchíos ó mhuintir na Gaillimhe, gach<sup>507</sup> bliadhain, do chionn Cuain na Gaillimhe do chongbháil glan ó lucht dibheirge agus piarataoi, óir do chongbhadh sé iomad do loingeas gona bhfuirinn armtha ag faire an chuain), mic Donnchadha (ó dtáid Sliocht Donnchadha), mic Sean-Taidhg .i. Taidhg Áluinn (*vide* Caithréim Toirdhealbhaigh *ad An. 1277, ubi de Donaldo filio Thadaei hujusce et Donaldi filio*<sup>508</sup> *Mahonio et Donaldo Tromraith tunc habitantibus expressa fit*<sup>509</sup> *mentio*), mic Diarmada, mic Donnchadha, mic Diarmada, mic Conchubhair an Chogaid<sup>510</sup> mic Donnchadha (aga raibh Oileán<sup>511</sup> Árann, Leitir, agus Tromráith i gConntae an Chláir), mic Taidhg .i. Taidhg Glae, mic Diarmada, mic Toirdhealbhaigh, mic Taidhg, mic Briain Bhóroimhe.

---

[Here follows the copy of an authentic Certificate of the Mayor and Bailiffs of Galway (whose Original is in Mr. John Ó Brien's hands), in favour of the above Morrogh Mac Turlogh Ó Brien in Queen Elizabeth's time.]

To all Christian People to whom this present Writing shall come, We the Mayor & Bailiffs of this her Majesty's Town of Galway, send Greeting in our Lord God everlasting; forasmuch as it is both meritorious & also the Duty of our Office to testify in all Matters the Truth whereunto we are demanded, Know you therefore that We, being required by one Morrogh Mac Turlogh O Brien of the Sept of the Mac Teiges of Arran to testify the Truth concerning his Ancestors, who were under her Majesty's and her Highness's Predecessors the temporal Captains or Lords of the Islands of Arran & their Territorys & Heriditaments elsewhere, under the Names of Mac Teige O Brien of Arran Time out of man's Memory; do let you know universally, to wit, that during our Lives

<sup>506</sup> thonna.<sup>507</sup> gacha.<sup>508</sup> (?) filiis.<sup>509</sup> expressa fit.<sup>510</sup> coga.<sup>511</sup> iléan.

& as we heard of our Forefathers declaring of their Predecessers before them, that the Mac Teiges of Arran were chief Captains & Lords in the Temporality of the Islands of Arran, to whom their Underlings were answering thereout for temporal & spiritual Rents as thereout was due ; which they successively enjoyed time out of mind, as aforesaid ; And that We have seen the said Morrogh Mac Torloagh Ó Brien authorised by all his Sept as Chief of that Name, in possession of the Premises as his own lawful Inheritance, as more at large doth appear in our Books of Records, wherein he continue until of late he was by the usurping Power of the Ó Flaherty's expulsed, from whom it is taken by some Inquest found in her Majesty's favour. We say moreover that the Sept of Mac Teige O Brien of Arran, since the Foundation of this City & Town, were aiding and assisting both to ourselves and Predecessors, against her Majesty's Enemies, in all Times and Places whereunto they were called, as true, faithful, and liege People to the Crown of England, to maintain succour & assist this Town. This much We cannot do less than testify to be true, in Witness whereof We have hereunto set our Signs and our Mayoralty's Seal of Office the 30th day of March 1588, in the 30th year of her Majesty's Reign

	[l.s.]	John Blake, Mayor.
Alexander Dermot	[l.s.]	Walter Martin, Bailiff.
Notary Publick	[l.s.]	Anthony Kirriwan, Bailiff.
	[l.s.]	

---

GEINEALACH SLEACHTA DOMHNAILL  
CHONNACHTAIGH.

Geinealach Sleachta Domhnaill Chonnachtaigh, mic Domhnaill Mhóir Í Bhriain, Rí déidheanach<sup>512</sup> Chaisil Mumhan agus Luimnigh, iarna tharraing as, leabhar Aodha Buidhe mic Cruitín (dá scríbhinn féin san mbliadhain 1714) :

Seaán<sup>513</sup> (anois i gCluain Í Bhriain i nDúthaigh Aradh, anno 1714), mac Taidhg, mic Murchadha, mic Mathghamhna, mic Taidhg, mic Donnchadha, mic Domhnaill

---

<sup>512</sup> Rígh déaghnach.

<sup>513</sup> Seán.

Duibh mic Donnchadha an Ghleanna, mic Murchadha Riabhaigh, mic Domhnaill Ghluis, mic Toirdhealbhaigh, mic Briain, mic Mathghamhna, mic Domhnaill Chonnachtaigh (óna oileamhain i gConnachtaibh do tugadh an ainm sin air), mic Domhnaill Mhóir, mic Toirdhealbhaigh mic Diarmada, mic Toirdhealbhaigh, mic Taidhg, mic Briain Bhóroimhe.

Bíodh a fhios ag an léightheóir go maireann anois, san mbliadhain 1762 Kendal Ó Briain, mac Kendil Í Bhriain, oighre díreach<sup>514</sup> Chluana Í Bhriain agus Domhnaill Chonnachtaigh ; agus gurab mac do Sheaán mhac Taidhg thuas an Kendal so, óir do bhí sé i seilbh i gCluain Í Bhriain.

Nóta : Do bhí dís dearbhráthar do threibh an Churraigh i nDúthaigh Aradh,<sup>515</sup> agus do shliocht Domhnaill Chonnachtaigh, go déidheanach i Regiment Tighearna an Chláir .i. Muircheartach agus Brian.

Tuig, a léightheóir, gurbhiad sliocht Chonchubhair na Cathrach .i. sinnsear cloinne Diarmada, mic Toirdhealbhaigh, mic Taidhg, mic Briain Bhóroimhe, ba tighearnaí<sup>516</sup> ar Dhúthaigh Aradh<sup>517</sup> go hiomlán sula ndeachadar Clann Bhriain Ruaidh, mic Chonchubhair na Siúduine, maraon le sliocht Domhnaill Chonnachtaigh, don dúthaigh<sup>517</sup> chéadna, iarna ndíobairt<sup>518</sup> as Tuadh-mhumhain le cloinn Toirdhealbhaigh na Cathréime, mic Taidhg Caoluisge. *Vid* Caithréim Toirdhealbhaigh, *sub fine*.

N.B. : I n-imeall<sup>519</sup> Dúithche Aradh<sup>520</sup> ar Loch Deirgdheirc<sup>521</sup> do bhí caisleán daingean ro-oirdhearc, ag Chonchubhar na Cathrach do cumhduigheadh lena<sup>522</sup> órdughadh féin an tan do bhí sé 'na Rígh Mumhan d'éis a athar ; agus atá an caisleán céadna lé ráidhtear<sup>523</sup> Cathair Chonchubhair le faicsint ann fós, óir do chonnaic mise, an sgríbhneóir, é san mbliadhain seo 1762.

Agus do-bheirim mo theist fhírinneach chríostamhail gur innsedar mórán do sheandaoine foghlumtha na tíre

<sup>514</sup> díorach.

<sup>517</sup> Dhúithe Ana.

<sup>520</sup> Dúithe Arva.

<sup>515</sup> andútha ara.

<sup>517</sup> dúithe.

<sup>521</sup> Deargeart.

<sup>516</sup> tiagharnaí.

<sup>518</sup> ndiobairt.

<sup>522</sup> lean.

<sup>519</sup> aniomal.

<sup>523</sup> ráitir.

céadna<sup>524</sup> dham gurabé Conchubhar Ó Briain, Rí Mumhan, ré ráidhtí Slapar Salach agus Conchubhar na Cathrach, do rinne an caisleán céadna<sup>524</sup> sin, do réir bheóloidis na tíre riamh andiaidh ar ndiaidh, agus gur mar ghrianán agus mar dhún ríoghda<sup>525</sup> do bhíodh aige féin agus aga shliocht, gur sgaipeadh le feall agus le fóirneart iad go Cloinn Ghiobúin i gConntae Thiobrad Árann,<sup>526</sup> agus go Cois Máighe i gConntae Luimnigh—fíortha inar ath-phlannduigheadar do réir na seanchadh<sup>527</sup> uile, agus do sonnradhach do réir an tseanchais d'aithsgríobhamair thuas; óir is i gCloinn Ghiobúin d'áitigh an sinnear do réir na seanchadh<sup>527</sup> gcéadna;<sup>528</sup> agus is i mBaile Uí Shidheacháin<sup>529</sup> do bhí teach an tsinnsir.

Gabhla don teach agus don tsinnsear chéadna treibh Choille an Charúnaigh;<sup>530</sup> agus fós treibh Mhic an Phearsúin i mBrí Gobhan.<sup>531</sup>

Dála an tsinnsir, do gheabhaidh<sup>532</sup> an léightheóir annso 'nár ndiaidh geinealach an líne dhíri<sup>533</sup> shinnseardha d'fhan i mBaile Í Shidheacháin<sup>534</sup> iarna tharraing anuas ó Chonchubhar na Cathrach (Rí Mumhan), go<sup>535</sup> Conchubhar, mac Tomáis Í Bhriain fuair bás san mbliadhain 1708 .i. athair Thomáis (agus Uilliam Í Bhriain Bhéil Átha an Mhaide, nár<sup>536</sup> fhág oighre feardha), agus seanathair an Dochtúra Seaán, mac Tomáis Í Bhriain, Easbog Cluana agus Rois.

TUG DAMH H'AIRE<sup>537</sup>

## EOGHAN MACCRAITH CCT

- i. Tug damh h'aire, a Inse an laoi<sup>538</sup>,  
atú i n-easbaidh h'iuil neamhchlaoin,  
a mhúr<sup>539</sup> éingheal halladh sean  
'narbh annan<sup>540</sup> féimdheadh<sup>540</sup> fileadh.

<sup>524</sup> ceanna.<sup>525</sup> Ríoga.<sup>526</sup> recte Chorcaighe.<sup>527</sup> seannchaidhe.<sup>528</sup> ceadna.<sup>529</sup> Shfíothcháin.<sup>530</sup> tuairim is oiread líne den scríbhinn arna scríobhadh annso.<sup>531</sup> mbríoghhabhan. <sup>532</sup> -bhadh.<sup>533</sup> líneadh díricc.<sup>534</sup> Shfíothcháin. <sup>535</sup> síos go.<sup>536</sup> air nár.<sup>537</sup> MSS. H. 1.7, fol. 119a (H); 23G22 lch 53 (G); *Sean-Mhicheál Ó Longáin do scríobh iad araon; an téx so arna bhunú ar H; tá an dá chóib truaillighthe; acht tugaim gach malairt san dá chóib is fiú a áireamh.*<sup>538</sup> laoidh G.<sup>539</sup> mhúir H.<sup>540</sup> féidhm gach H; feidm gan G.

- 5 Fiarfaighim díot, dia do chiaigh,<sup>541</sup>  
 cá líon fear do shíol ShaoirBhriain,  
 a threabh<sup>542</sup> sheasgair bheannghlan bhog,<sup>543</sup>  
 lér dealbhadh easdaidh<sup>544</sup> ionnad ?
9. Sloinn fós, a bhraontais bhanda,<sup>545</sup>  
 a n-oidhedha<sup>546</sup> a n-anmanna,  
 is fad téarma gach duine<sup>546</sup> dhíobh—  
 níor chuire déanmha doighníomh.
13. Usaide leam a luaidhe  
 arsan fionnmhúr<sup>547</sup> féaruaine  
 Síol Luighdheach Minn na maghfhód<sup>548</sup>  
 cuimhneach linn<sup>549</sup> an laochradhód.<sup>550</sup>
17. Iomad bliadhan ré mbuain rinn<sup>551</sup>  
 chum<sup>552a</sup> na laochsin do luaidhfinn  
 tug sin leisge<sup>552</sup> ar mo labhra  
 fán gceiste<sup>553</sup> a fhir m'agallmha.
- 21 An ceangal do chuiris orm,<sup>554</sup>  
 do rádh an síodhbhrugh sriobhghorm,  
 um Shíol nÉanda<sup>555</sup> fá dual damh,  
 do-ghéabha uam<sup>556</sup> a fhuasgladh.
25. Ocht mbliadhna tríochad tuir<sup>557</sup> Chliach  
 Donnchadh Cairbreach mo chéidtriath  
 [fá] mír chruaidh ga<sup>558</sup> seasaimh sin  
 don teasaidh uair<sup>559</sup> a oidhidh.

<sup>541</sup> diaigh do chiach H ; ndiaigh do chiadh G.

<sup>542</sup> aitreabh s. b. b H ; an treabh s. bh. G.

<sup>543</sup> breac H ; bhreac G. <sup>544</sup> easdagh H ; asda hionad G.

<sup>545</sup> bhan G. <sup>546</sup> noigheadh G. <sup>546</sup> nduine MSS.

<sup>547</sup> fhionn mhúir H.

<sup>548</sup> luigheach meann na Moghadh H ; mbean na mághfhod G.

<sup>549</sup> leam MSS. <sup>550</sup> na laochradhadh H ; na laochuraód G.

<sup>551</sup> pinn G. <sup>552</sup> cuma G. <sup>552a</sup> leisg G.

<sup>553</sup> cceist G. <sup>554</sup> oram G.

<sup>555</sup> neanda H ; néanadh G.

<sup>556</sup> do gheabhaidh uaim MSS. <sup>557</sup> túir H ; túr G.

<sup>558</sup> gach H ; churadh dá G. <sup>559</sup> fuair MSS.



29. Dealbhais<sup>560</sup> cronnog chochlach<sup>561</sup> chruinn  
san phort so thall rem thórainn  
múr sriobhluath<sup>562</sup> ó bhfilleadh<sup>563</sup> frais  
dar imeal<sup>564</sup> fionnbhruach Forgais.
33. D'éis Donnchaidh nár dhóigh<sup>565</sup> cumhadh  
tig an ceansa Conchubhar  
nír bh fhéider<sup>566</sup> gan mo dhul<sup>567</sup> dō  
céidfher dár bhruigh an brughso.
37. A haoindeag a seacht 'sa sé  
fuair Conchubhar do chianré,<sup>568</sup>  
do dhorchaigh<sup>569</sup> mo ghné arna ghoin,  
go dtorchair sé ar an Siúduin.
41. Fuair Brian Ruadh, ní dál<sup>570</sup> nár dhligh,  
do chuir m fhlaith<sup>571</sup> na laochsin  
naoi mbliadhna rén' ól<sup>572</sup> uaimse  
mór n-iarla badh hanuaisle.<sup>573</sup>
45. An Brian Ruadh sin na ruag dtiugh  
d'éis madhma Muighe Greision<sup>574</sup>  
fuair i mBun Raite a riaghadh,<sup>575</sup>  
brugh dob aite aoilniamhadh.<sup>576</sup>
49. Do chaith Toirdhealbhadh, mac Taidhg,  
tar éis<sup>577</sup> Bhriain chosgraigh cheannaird  
ré chiallaidh<sup>578</sup> badh cneasda dhō  
bliadhain teasda do thríocha.<sup>579</sup>
53. Toirdhealbhadh na longphort lán  
do chéadchuir cloch im cheartlár  
'S i mūr Inse rem thaobh<sup>580</sup> thiar  
níor lingsi<sup>581</sup> aon re hainmhian.

<sup>560</sup> Dealbhas MSS. <sup>561</sup> chochalach MSS. <sup>562</sup> sriobhfhuar G.

<sup>563</sup> bhfillid H; o bfile (*vel* fine fhrais san *chliathán*) G.

<sup>564</sup> dar bhiomhall G. <sup>565</sup> nar dóigh H; nar dóith G. <sup>566</sup> -dir MSS.

<sup>567</sup> dhol MSS. <sup>568</sup> -rae, MSS. <sup>569</sup> dorchadh H; dhorchadh G.

<sup>570</sup> dual H; dáil G. <sup>571</sup> flaitis H; flaithe G.

<sup>572</sup> ré ndol H; ré dul G. <sup>573</sup> an- H.

<sup>574</sup> greisin H; dreis[?] G. <sup>575</sup> riaga MSS.

<sup>576</sup> -mháha G. <sup>577</sup> déis H.

<sup>578</sup> cialdha H; cialldha G. <sup>579</sup> -chad H; -chadh G.

<sup>580</sup> thaobh : aoin G. <sup>581</sup> lingas G.

57. Fuair bás ionnam dá éis sin  
mac Taidhg Chaoluisge chneisghil<sup>582</sup>  
géag shaor an duille dosghlan  
laogh<sup>583</sup> mo bhruinne an Brianachsán.<sup>584</sup>
61. Donnchadh mac Briain Ruaidh reannglain<sup>585</sup>  
ag roinn re rath Toirdhealbhaigh<sup>586</sup>  
ocht<sup>587</sup> mbliadhna dho gan diombuaidh  
ag so griangha<sup>588</sup> an gaidhiolshluaigh.
65. Rug ar Dhonnchadh do dhoghraig  
do theas<sup>589</sup> airm is anfhorlainn,  
gur ling uadh<sup>590</sup> féin san bhForg[h]as  
ō réim na sluagh siobhalbhras.
69. Tig chugam ceann an teaghlaihg  
Donnchadh i ndiaidh Toirdhealbhaigh,  
a mhac féin, feirde ar <sup>591</sup> meanma,  
mo nheirge<sup>592</sup> séimh soidhealbhda.<sup>593</sup>
73. Gur thuit Donnchadh nár theib treas  
cóig<sup>594</sup> bhliadhna acht ráithe a reimheas,  
ré linn soin<sup>595</sup> torchair<sup>596</sup> an tír  
do ghóimh<sup>596</sup> fhill Mhorchaidh Mhainchín.
77. Tig i ndiaidh Donnchaidh dealbhghloin  
Muircheartach, mac Toirdhealbhaigh  
buabhall ceansa, tuir mar Tál<sup>597</sup>  
do luigh leamsa<sup>598</sup> mar leannán.
81. Comhfhlaithe do Mhuircheartach mhear  
Diarmaid na gcaisléan gceisgheal  
[is] an borrlhadh<sup>599</sup> nár bhean ruinn  
sa seadh<sup>600</sup> Donnchadh mac Domhnaill.

<sup>582</sup> fionnghlan H; finnghil G.      <sup>583</sup> laoch MSS      <sup>584</sup> -soin MSS.  
<sup>585</sup> roinn- G.      <sup>586</sup> raith Th- MSS.      <sup>587</sup> seacht G.  
<sup>588</sup> griandha H; griada G.      <sup>588</sup> thas H.  
<sup>590</sup> uaidh H; uaithe G.      <sup>591</sup> fearde ar MSS.  
<sup>592</sup> mhéire H.      <sup>593</sup> -lbha MSS.      <sup>594</sup> chóig H; cúig G.  
<sup>595</sup> sin MSS.      <sup>596</sup> torchar H; torcar G.      <sup>596</sup> ghoin H.  
<sup>597</sup> tuir mar chách H; mar thál G.      <sup>598</sup> liomsa MSS.  
<sup>599</sup> an bhorradhshlat H; an bhánshlat nár bháin roinn G.  
<sup>600</sup> aseadh G.

85. Fuair Muircheartach, maordha a dhreach,  
dhá bhliadhain tríochad tuillmheach,  
agso an ghéag nár ghrádhugh olc  
go dtárraidh<sup>601</sup> éag re hadhart.<sup>602</sup>
89. Do chaith Diarmaid gan diomdhaidh<sup>603</sup>  
soisear mac [d]tréan [d]Toirdhealbhaigh  
slóigh<sup>604</sup> Life iar ngialladh<sup>605</sup> dá ghoil  
fiche bliadhain is bliadhain.
93. Ocht mbliadhna mar thós tuile<sup>606</sup>  
fuair Mathghamhain Maonmhuighe  
fear an leasanna ón taobh<sup>607</sup> thoir  
níor aomh freasabhra an feadhsoin.
97. Tig dom fhiossa<sup>608</sup> dá éis soin<sup>609</sup>  
Brian crannruadh Catha an Aonaigh ;  
a naoi do chaith fá cheathair,  
do bhí a mhaith ós Muimhneachaibh.
101. Do díbreadh<sup>610</sup> leis, laochda an rath,  
Toirdhealbhach ceap na gCumrach  
don taobh thoir dona Déisibh  
claon ní fhoil<sup>611</sup> an fhaisnéissin.
105. Ocht mbliadhna do bhí im ghardha<sup>612</sup>  
Conchubhar mac Mathghamhna  
fám léigean uaidh níor thuill troid  
do-chuaidh lé a<sup>613</sup> chluinn don Charraig.
109. Do chaith Tadhg an Chóimh chnámha<sup>614</sup>  
a trí fichead folána ;  
tug sé flaithlónadh<sup>615</sup> dár bhfonn  
gur haithríoghadh<sup>616</sup> é asam.<sup>617</sup>

<sup>601</sup> ttártha H ; dá tharaig G.

<sup>602</sup> -dhairt MSS. <sup>603</sup> diomdha MSS.

<sup>604</sup> sluagh H.

<sup>605</sup> ngialla H ; ngéille G.

<sup>606</sup> thúis tuille G.

<sup>607</sup> taoibh MSS. <sup>608</sup> fhios G.

<sup>609</sup> éisin MSS.

<sup>610</sup> díobradh MSS.

<sup>611</sup> bhfuil.

<sup>612</sup> Ghárda H ; ghárduin G.

<sup>613</sup> le na H.

<sup>614</sup> an chaomh chámhadh G.

<sup>615</sup> -lfona MSS.

<sup>616</sup> -ríogach MSS.

<sup>617</sup> asoinn H.

113. Mathghamhain Dall 'na dhiaidh soin<sup>618</sup>  
trí bliadhna is bhlogh<sup>619</sup> do bhliadhain<sup>620</sup>  
fear an té do hathchradh<sup>621</sup> uaim  
sé arna athchur ré anuail. <sup>622</sup>
117. Toirdhealbhadh Bog,<sup>623</sup> bláth na mBrian,  
trí bliadhna dhó<sup>624</sup> gan dimhiadh,  
tug móid<sup>625</sup> re héad gan uamhan,<sup>626</sup>  
sa cóig<sup>627</sup> déag fá dheaghludhal. <sup>628</sup>
121. Donnchadh, mac Mathghamhna Doill  
dhá bhliadhain do bhí im chonchlainn  
gur scrios fala is feall an mac  
cara<sup>629</sup> na gceall an chomhshlat. <sup>630</sup>
125. Sé bliadhna gan ghráin gan ghoid  
Tadhg ceannard cuanna<sup>631</sup> an Chomhaid  
isé do bhí ag loighe<sup>632</sup> leam  
mo bhroine<sup>633</sup> ba hí a aidhleann. <sup>634</sup>
129. Do chaith Conchubhar na srón  
lán ré<sup>635</sup> tríochad gan turbhródh,  
go a chorpchur i n-úr<sup>636</sup> Inse,  
múr portghlan<sup>637</sup> na proibhinse. <sup>638</sup>
133. Naoi ráithe, fá réim molta,  
don Ghiolla Dhubh dhealbhchorcra,  
ceann na n-óg<sup>639</sup> soirbhghreadhnach<sup>640</sup> séimh,  
Toirdhealbhadh Óg a ainmséin.

<sup>618</sup> sin MSS.<sup>619</sup> bloidh H ; bláth G.<sup>620</sup> bhliaghnaibh MSS, *ceartú go bliaghain ag H.*<sup>621</sup> hathchuireadh H ; hathcrág G.<sup>622</sup> ré han- H ; re an- G.<sup>623</sup> *an rann so agus an rann 'na dhiaidh do mhalartú dite H.*<sup>624</sup> ar lár G.<sup>625</sup> móide G.<sup>626</sup> gan lomhan (P) H ; re huamaghaidh G.<sup>627</sup> cúig MSS.<sup>628</sup> -ail MSS.<sup>629</sup> caradh MSS.<sup>630</sup> ghriobhshlat G. <sup>631</sup> chuana MSS.<sup>632</sup> luigh H ; luíge G.<sup>633</sup> bhruinne MSS.<sup>634</sup> fháighleann MSS.<sup>635</sup> le H ; rae G.<sup>636</sup> a murr H ; anúir G.<sup>637</sup> murr portgheal H.<sup>638</sup> *arna atharrú go príomhinnse H.*<sup>639</sup> na slóigh H.<sup>640</sup> -ghreanach G.

137. Toirdhealbhadh Donn deagmhac Taidhg  
d'éis an Ghiolla Dhuibh dhreachgairg,<sup>641</sup>  
do bhí ag breith buaidh<sup>642</sup> don Bhrianfhuil  
trí dheich uair acht<sup>643</sup> aoinbhliadhain.
141. A mhac sin nach séan<sup>644</sup> tubhadh  
mo chéilese Conchubhar  
go a éag is ciallaidh<sup>645</sup> do chaith  
dá bhliadhain déag don deaghfhlaith.<sup>646</sup>
145. Don chloichse an chrotha<sup>647</sup> neamhdhuibh  
tig Murchadh mac Toirdhealbhaigh ;  
tug<sup>648</sup> iar mbeith 'na<sup>649</sup> Iarla air  
deich mbliadhna agus dá bhliadhain.
149. Dob é céadiarla a chinidh,  
sódh<sup>650</sup> ionnarbtha aindlighidh,  
Murchadh Cliach dár theagh mo theagh<sup>651</sup>  
mo-cean<sup>652</sup> iath<sup>653</sup> ar ar hoirdneadh.<sup>654</sup>
153. Dob é mo dhara hiarla  
mac Conchubhair chruithniamhdha,  
Donnchadh, nár chleacht tláithe<sup>655</sup> i dtreas,  
sorthan<sup>656</sup> seacht ráithe a reimheas.
157. Donnchadh,<sup>657</sup> fear ná faca a mheadh<sup>658</sup>  
do thionnsgain caisléan caoimhgeal  
fuair ré<sup>659</sup> ghearr dár ghoire léan  
san gceann oile don oiléan.
161. Táinig chugam caomh re cioth  
d'éis Donnchaidh, Domhnall Cléireach,  
mar ba dú<sup>660</sup> a thocht<sup>661</sup> ba toirtheach,<sup>662</sup>  
níorbh orc<sup>663</sup> i gcrú chomhaidhtheach.

<sup>641</sup> dreachndearg G.<sup>642</sup> buadh MSS.<sup>643</sup> fuair is H ; tríochad fuair acht G.<sup>644</sup> sin féin nár t. H ; nár shéan t. G.<sup>645</sup> cialdha H ; céilídhe G.<sup>646</sup> a dh. H.<sup>647</sup> an chloiche H.<sup>648</sup> do chaith MSS.<sup>649</sup> ar lár H.<sup>650</sup> saoiht H.<sup>651</sup> theach mo theach MSS.<sup>652</sup> cheann MSS.<sup>653</sup> liath G.<sup>654</sup> hóirneadh H : ar na hóirneadh G.<sup>655</sup> tláth G.<sup>656</sup> sorthain MSS.<sup>657</sup> an rann so ar lár H.<sup>658</sup> facadh a mhéad G.<sup>659</sup> rae G.<sup>660</sup> ar lár G.<sup>661</sup> theacht MSS.<sup>662</sup> torrach H ; tortach G.<sup>663</sup> "orc .i. mac," gluais ag G.

165. Cúig<sup>663</sup> bhliadhna tug damh Domhnall,  
gur himreadh orm<sup>664</sup> anfhorlann<sup>665</sup>  
le neart saorchath sluaigh<sup>666</sup> Londuin  
mo chaomhthach uaim ionnorbaidh.<sup>667</sup>
169. Annsin tig an treas iarla  
dimiadh *eachtgha* an fháidiarmo<sup>668</sup>  
rae lán rer<sup>669</sup> tonnmhaighreach tráigh  
fá<sup>670</sup> chlár ghormaibhneach Gabhráin.
173. Ionnum don taobhso thuaidh thoir  
Conchubhar, deagmhac Donnchaidh  
mór ngné 'nar shíothlaigh<sup>671</sup> a shéan  
é do chriochnuigh an caisléan.
177. Fiche bliadhan<sup>672</sup> do bhí so  
is chóig leithbhliadhna<sup>673</sup> lána  
ina<sup>674</sup> iarla ar fhonn Adhar<sup>675</sup>  
griangha mar Chonn<sup>676</sup> Conchubhar.
181. Cóig<sup>677</sup> bhliadhna tárraidh<sup>678</sup> fá thrí  
'na iarla oirdhearc Éinrí  
mian oirne iomrádha<sup>679</sup> air  
oighre diongbhála Donnchaidh.
185. A dhearbhráthair<sup>680</sup> Brian<sup>681</sup> Ó Briain  
seacht mbliadhna déag gan duibhchiaigh ;<sup>682</sup>  
fuair gairm is maitheas<sup>683</sup> molta  
flaitheas agus ainm<sup>684</sup> iarlachta.

---

<sup>663</sup> Chúig H.                   <sup>664</sup> oram MSS.                   <sup>665</sup> -loinn MSS.  
<sup>666</sup> sluaigh H ; saorsluaigh cath G.           <sup>667</sup> dionnarba (*idh*) MSS.  
<sup>668</sup> *sic* H ; diamaidh éasga in *fhéadhma* G.  
<sup>669</sup> fá H.                         <sup>670</sup> sa H.                         <sup>671</sup> nár síolag H.  
<sup>672</sup> bliaghain H.           <sup>673</sup> chúig bhliadhna G.       <sup>674</sup> an MSS.  
<sup>675</sup> ádhair H ; aithir G.  
<sup>676</sup> Conn H ; choin ; agus " gaisgidheach mar Chú Chullainn " do  
*ghluais ar an líne seo* G.  
<sup>677</sup> an rann so ar *easnamh* G.           <sup>678</sup> tairridh H.  
<sup>679</sup> iomrádh H.               <sup>680</sup> an rann so ar *easnamh* G.  
<sup>681</sup> féin Brian H.           <sup>682</sup> -chiach H.               <sup>683</sup> mathas ; fathas H.  
<sup>684</sup> is ainim H.

189. A mhac sin Éinrí oile  
bláth sleachta Briain Bóroimhe<sup>685</sup>  
Iarla Ó dTáil fá dtámuid tréan<sup>686</sup>  
tánaig<sup>687</sup> is dáil re deighshéan.
193. Ocht<sup>688</sup> mbliadhna ós an mbrugh-so  
lámh chlaon fár chlaon comhursa  
do chaith Donnchadh, Dia dá dhíon,  
sia ar a bhfolthar<sup>689</sup> féilghníomh.<sup>690</sup>
197. Do chuireas<sup>691</sup> díom diaidh i ndiaidh  
roighne cuingeadh<sup>692</sup> clann<sup>693</sup> Saoir Bhriain  
a séimhlí dom char ar ceal  
go hÉinrí dhamh fa dheireadh.<sup>694</sup>
201. Ceathrar agus<sup>695</sup> fiche fear  
is seacht n-iarla<sup>696</sup> san áireamh  
líon an daghshluaigh<sup>697</sup> do luigh linn  
dfhuil Anluain agus Oilill.
205. Losgadh<sup>698</sup> báthadh<sup>699</sup> dá ua mBriain,  
fear do ré<sup>700</sup> dhíobh, dias<sup>701</sup> d'airmghliaidh,  
sé is dá dheich<sup>702</sup> do chuain<sup>703</sup> na gCorc  
arna mbreith uaim re hadhart.<sup>704</sup>
209. Fiche bliadhan is<sup>705</sup> cheithre céad  
ó Éinrí nar char coimbréag,<sup>706</sup>  
nach dóigh d'airdleath chonchar Chuinn,<sup>707</sup>  
go<sup>708</sup> Donnchadh Cairbreach ciallchruinn.

<sup>685</sup> seo mar atá an seóladh ag G: A mhac sin an tiarla óg: don mhúr sin múr na bhfionnrod.

<sup>686</sup> triath fá ttámaoid tréan G.

<sup>687</sup> táinigh H; táin G.

<sup>688</sup> an rann so ar easnamh H.

<sup>689</sup> an bfolthar G. <sup>690</sup> feilgh- G.

<sup>691</sup> chuiris MSS.

<sup>692</sup> cuinge MSS.

<sup>693</sup> cloinne H.

<sup>694</sup> dar ghabh múr na ttrochar ttiugh: go Donncha dhúin fá dheire G.

<sup>695</sup> is H; Ochtar agus da fhithead fear G.

<sup>696</sup> ceathrar iarlaoi G.

<sup>697</sup> deaghschlóigh H; deaghsluaigh G.

<sup>698</sup> losga H.

<sup>699</sup> bágh G.

<sup>700</sup> riagadh H.

<sup>701</sup> díis H; dhias G.

<sup>702</sup> trí is dá fhithid G.

<sup>703</sup> chuan MSS.

<sup>704</sup> adhairt H.

<sup>705</sup> Caogad deasbaidh G.

<sup>706</sup> caoimhbhréag H; ó Dhonnchadh ua mic maighréid G.

<sup>707</sup> nar dóigh dar leat concair cuinn H; nach dóith dar lead concúbhar cruinn G.

<sup>708</sup> ó Dh. H.

213. Ochmhogha míle chúig céad<sup>709</sup>  
ocht mbliadhna<sup>710</sup> anois is neimbréag,<sup>711</sup>  
do smuain Sé ar neimh<sup>712</sup> ar <sup>713</sup> neimhthreoir  
go gein<sup>714</sup> Uain Dé dínightheoir.<sup>715</sup>
217. Beir uaim go n-iúl is fhoirfe<sup>716</sup>  
gibé thú a fhir m'fhiosruighthe<sup>717</sup>  
feidhm feasda ar h'éimheadh<sup>718</sup> ní fhuil<sup>719</sup>  
éirneadh<sup>720</sup> na ceasda ó chianaibh.
221. Sloinnse domhsa dreas oile  
ó Bhrian, bun na ríoghraidhe  
dár<sup>721</sup> bhrúcht torchar ballbhruagh<sup>722</sup> beach  
go Donnchadh crannruadh Cairbreach.
225. Léig liom mar do léigeas lat  
fios foirfe ar a bhfuil ceóbhrat  
an<sup>723</sup> réim líonmhar gCaissin gCliach  
ríoghradh<sup>724</sup> Chaisil na gcoirrsgiath.
229. Fios na dtriath<sup>725</sup> ó dtáinig sonn  
fios a n-oidheadh<sup>726</sup> 's a n-anmann  
foillsigh dhúnn<sup>727</sup> gan díoth bhfeasa  
bíoth do thnúdh ler<sup>728</sup> thuirmheasa.
233. A Inse an laoigh na learg dtais  
do fhuasgail m'indearb eólais<sup>729</sup>  
do-ghéan<sup>730</sup> díot fáidh san bhfiosso<sup>731</sup>  
ní cáir gan íoc h'aincheasa.<sup>732</sup>
237. Beir leat uaimse gurbé Brian,  
Airdrí teann<sup>733</sup> nár char dimhiadh,  
Gaoidheal Gréag tiaruin is<sup>734</sup> toir,  
dá bhliadhain déag gan diombloidh.

<sup>709</sup> caogad, míle is sé chéad H.    <sup>710</sup> ar lár G.    <sup>711</sup> neimhbh- MSS.  
<sup>712</sup> neamh MSS    <sup>713</sup> mo H.    <sup>714</sup> ó ghin H.    <sup>715</sup> ar ndíonod G.  
<sup>716</sup> go hiuil is f. H; sírfm go húmhall is f. G.  
<sup>717</sup> gi bé taoi da fhiadhfruinghe G.    <sup>718</sup> teithmhe G.  
<sup>719</sup> bhfuil MSS.    <sup>720</sup> éarnadh MSS.    <sup>721</sup> léar G.  
<sup>722</sup> -chair ballbhruach H; trochur balbhnuail G.  
<sup>723</sup> ón MSS.    <sup>724</sup> go r. G.    <sup>725</sup> ttriathe G.  
<sup>726</sup> oighre G.    <sup>727</sup> duinn H; dhúin G.    <sup>728</sup> léir H, réar G.  
<sup>729</sup> mindearb e. H; mīn dearbh e. G.    <sup>730</sup> do dhéan MSS.  
<sup>731</sup> -sin G.    <sup>732</sup> ainciosa MSS.    <sup>733</sup> tréan G.    <sup>734</sup> tiar agus H.



241. Cuimhnigh Donnchadh deaghmhac Briain<sup>735</sup>  
caogad bliadhna gan bhraitchiaigh<sup>736</sup>  
iseadh<sup>737</sup> do bhí ós Banbha,  
fa rí an fear go bhfreasabhra.<sup>738</sup>
245. Toirdhealbhadh, mac Taidhg, mic Briain,  
éinrí ar Fhódla 's ar fhinnChliaigh,<sup>739</sup>  
ar a bhreith do bhí gach treabh<sup>740</sup>  
a trí is dá dheich don deighfhear.<sup>741</sup>
249. Muircheartach Mór a mhac soin<sup>742</sup>  
a trí is tríocha<sup>743</sup> do bhliadhnaibh  
rí Éireann ba headh a ainm<sup>744</sup>  
fear na ngéibheann do ghiallnaidhm.<sup>745</sup>
253. Taobh le Mumhain, múr<sup>746</sup> Neachtain,  
Diarmaid i ndiaidh Mhuircheartaigh  
cheithre bliadhna do bharr Bhreagh<sup>747</sup>  
griangha<sup>748</sup> Gall agus Gaoidheal.
257. Deich mbliadhna, reimhse<sup>749a</sup> go rath,  
fuair Conchubhar na Cathrach  
do<sup>749</sup> chur chána ar mhagh Mumhan,  
damh<sup>750</sup> is cára<sup>751</sup> a chumhnughadh.<sup>752</sup>
261. Cóig bhliadhna ós Mumhain mheadhraigh<sup>753</sup>  
ag sin<sup>754</sup> treimhse Toirdhealbhaigh  
mac Diarmada ó Chlár na gCas  
lámh ba fhialbhoga<sup>755</sup> um ionmhus.
265. Cóig<sup>756</sup> bhliadhna, rob<sup>757</sup> séan soraidh  
Muircheartach, mac Conchubhair  
ceann na n-óigfhear ón Mháigh mhoill<sup>758</sup>  
ós dá chóigeadh Cláir Chonuing.

---

735 Bh. MSS.            736 gan bra(i)tchiach MSS.            737 isé G.  
738 gan fras- G.        739 is Fh. G.                                    740 fear G  
741 a trí is trí fithid don *deadhfhlath* G.            742 sin G.  
743 tríochad MSS.     744 badh hé anim H ; dob é ainim G.  
745 -shnaidhm MSS.            746 múr Mumhan G.            747 bhreith G.  
748 grianda MSS.            749a reimse H ; réimse G.            749 dár G.  
750 damhsa H, dom G.            751 cáradh H, córadh G.  
752 chuimhniughadh MSS.            753 méirigh G.  
754 ag seo G.            755 fialbhuige MSS.  
755 Chóig H ; Chúig G.            757 ró *budh* G.            758 máigh moill MSS.

269. Trí dheich Domhnall Mór amuigh  
rí déidheannach<sup>759</sup> rér dhealuigh  
Caiseal Mumhan na magh<sup>760</sup> réidh  
pudhar a char<sup>761</sup> 'na chaithréim.
273. Ní áirmhim ciabh na gcleachtbhoth  
mac Domhnaill Mhóir Muircheartach  
ge<sup>762</sup> tá sé i Saltair<sup>763</sup> Chaisil  
ná glacthair<sup>764</sup> é 'na éagmhaissin.<sup>765</sup>
277. Bíodh<sup>766</sup> nár luaidh mise Murchadh  
an Sgéith Ghirr<sup>767</sup> go ngleódhchonfadh  
ní dleaghar<sup>768</sup> diomdha ar an fhear  
is iomdha leabhar do luaidhfeadh.
281. Naoi rígh iseadh háirmheadh leam,<sup>769</sup>  
ceathrar díobh re díon Éireann,  
is cóigear ós clár Caisil,  
don Dál óigfhear<sup>770</sup> fhionnChaissin.
285. Do naoi ríghibh<sup>771</sup> don taobh theas  
ní dheachaidh aon dár áirmheas  
d'oidhidh ghona<sup>772</sup> acht Brian abháin<sup>773</sup>  
d'iadh<sup>774</sup> Logha doba leannáin.<sup>775</sup>
289. An chomaoin do<sup>776</sup> chuiris orm  
agseo,<sup>777</sup> a Laoighinse lionnghorm,  
comaoin uam<sup>778</sup> ina hionadh ;<sup>779</sup>  
dual comaoin do chúitiughadh.

T - u - g - d - a - mh.

<sup>759</sup> déanadh H ; déanach G.

<sup>760</sup> máigh MSS. <sup>761</sup> a chur H ; do chuir G.

<sup>762</sup> gidh H ; cé G.

<sup>763</sup> phsaltair H ; psaltair G.

<sup>764</sup> glacar H ; glacur G ; na (a n. G) iongantas MSS.

<sup>765</sup>

<sup>766</sup> Cé G ; *an rann so agus an ceann 'na dhiaidh do mhalartú áite G.*

<sup>767</sup> ghiorr H ; gioradh G.

<sup>768</sup> dlighthear MSS.

<sup>769</sup> isé do háirmheadh G.

<sup>770</sup> ógshluagh MSS. <sup>771</sup> Ríoga H.

<sup>772</sup> gona MSS

<sup>773</sup> amháin MSS. <sup>774</sup> diath MSS.

<sup>775</sup> lionán.

<sup>776</sup> ar lár H. <sup>777</sup> agsin H.

<sup>778</sup> uaim MSS.

<sup>779</sup> hionad MSS.

## AGUISÍN III.

## RÍOGHRADH MUMHAN.

EOGAN TAIGLEACH, Mac Deirg, mic Deirgt[h]eined, mic Enda Munchaīn, mic Loīth Mōir, mic Nia Feibis, mic Muredaig Muchna, mic Eachach Gairb, mic Duach Dalta Deadad, mic Cairpri Luisg, mic Luign[e] Luaigne, a t[h]oitim la Conn ar Muig Lēna.

OILILL ŌLOM, mac Moda Nuadhad, trí *fhichitt bliadan* dō gurus-marb críne.

CORMAC CAS, mac Oililla Óluim, dà<sup>1</sup> *fhichitt bliadan* dō<sup>2</sup> guras-marb duillídhain.<sup>1</sup>

FIACHA MUILLEATHAN,<sup>3</sup> mac<sup>4</sup> Eogain Mōir,<sup>4</sup> mic Oililla Óluim, dá<sup>5</sup> *fhichitt bliadan* dó *ocus* a bās<sup>6</sup> la Connla, mac Taidhg, mic Cēin, mic Oililla Uluim ag Āth<sup>7</sup> Leathan ar Shiuir, re nabar Āth Eiseal anniu, amail *atrubairt*<sup>8</sup> in file :

Āth Tuisil ainm inn ātha  
isésin in slicht fīrātha  
tuisil Tug Connla cnuc<sup>9</sup> dean  
ar Fiachaigh maith Muilleathan.<sup>5</sup>

MOGH CORB,<sup>10</sup> mac Cormaic Cais, mic Oililla Uluim, fiche bliadhna dō, *ocus* a thuitim la hAedh, mac Garaid.

[Modh Corb, mac Cormaic Cais, 25 bliadhna (*vel* 20 bliadhna) i ríge Mumhan d'éis Oilíolla Uluim dá roinn

